# Cairt na nÍospartach

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Léargas Ginearálta

Déantar cur síos sa Chairt seo ar an gcóras ceartais choiriúil ó thaobh íos-partach na coireachta de. Leagtar amach inti na cearta agus na teidlíochtaí atá agat i leith sheirbhísí na ngníomhaireachtaí stáit éagsúla a phléann le híospartaigh na coireachta. Tá an Chairt seo roinnte ina ranna mar seo a leanas:

## Clár an Ábhair


Roinn 1 I dtús báire....3
Roinn 2 Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta....5
Roinn 3 An Garda Síochána....8
Roinn 4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána....24
Roinn 5 An tSeirbhís Chúirteanna....31
Roinn 6 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí....40
Roinn 7 An tSeirbhís Príosún....46
Roinn 8 An Bord Parúil....55
Roinn 9 Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh....58
Roinn 10 An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar....64
Roinn 11 An tSeirbhís Phromhaidh....70
Roinn 12 An Bord um Chúnamh Dlíthiúil....75
Roinn 13 Cróinéir....80
Roinn 14 An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla....87
Roinn 15 An Roinn Gnóthaí Eachtracha....94
Roinn 16 Íospartaigh agus an Dlí....99
Roinn 17 Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh....112

Tugtar sainmhíniú i Roinn 1 ar a bhfuil i gceist le 'íospartach' sa doiciméad seo agus cad a dhéanfaidh gach eagraíocht sa doiciméad seo nuair a phléann siad le híospartach.

Tugtar léargas ginearálta ar an méid seo a leanas i ngach roinn idir Roinn 2 agus Roinn 15 (an dá Roinn sin san áireamh):

- an ról atá ag gach seirbhís a liostaítear;

- cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón tseirbhís sin – ó thaobh na seirbhísí d'íospartaigh a chuireann sí ar fáil agus na caoi a gcaithfear leat; agus

- cad is féidir leat a dhéanamh mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaigh-deán a raibh tú ag súil leis.

Mar aon leis an bhfaisnéis a thugtar i ngach ceann de na ranna sin, tugtar achoimre ghinearálta ar íospartaigh agus ar an dlí i Roinn 16, agus cuirtear roinnt sonraí teagmhála úsáideacha ar fáil sa roinn dheireanach, Roinn 17.

**Cuimhnigh nach bhfuil sa Chairt seo ach treoir. Ní doiciméad dlíthiúil í agus ní thugann sí aon chearta dlíthiúla duit. Is san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, go príomha, a leagtar amach na cearta dlíthiúla atá agat mar íospartach. Tá sonraí breise faoin Acht sin agus faoi Íospartaigh agus an Dlí le fáil i Roinn 15 den Chairt seo.**

# Roinn 1
# I dtús báire

Ciallaíonn ‘íospartach’:

1. duine a d’fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil, mheabhrach nó mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, arbh é cion coiriúil ba chúis leis nó léi go díreach;
2. daoine de theaghlach duine a fuair bás go díreach de dheasca cion coiriúil agus a d’fhulaing díobháil mar thoradh ar bhás an duine sin. (Ní fholaíonn sé sin daoine de theaghlach a cúisíodh sa bhás nó atá faoi imscrúdú i ndáil leis an mbás.)

Is as an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, alt 2(1) agus alt 2(2), a thógtar an sainmhíniú sin.

Maidir le gach eagraíocht a ainmnítear sa Chairt seo:

- labhróidh sí leat nó scríobhfaidh sí chugat i dteanga shimplí shothuigthe, agus tabharfaidh sí aird ar an gcumas atá ionat rudaí a thuiscint agus tú féin a chur in iúl go soiléir;
- beidh sí tuisceanach faoi do chuid riachtanas mura bhfuil tú go maith ag an léitheoireacht nó an scríbhneoireacht;
- cuirfidh sí ateangaire agus aistriúchán ar fáil i gcás nach é an Béarla do chéad teanga ionas gur féidir leat páirt a ghlacadh san imscrúdú **nó** gníomhú mar fhinné sa chúirt;
- cuirfidh sí do riachtanais shonracha san áireamh más rud é go bhfuil tú faoi mhíchumas de shaghas ar bith;
- caithfidh sí leat le dínit agus le meas, is cuma faoi d’inscne, do chine, do chreideamh, do bhunús eitneach, do ghnéaschlaonadh, d’aois, do náisiúntacht, do mhíchumas, d’imthosca eacnamaíocha, do stádas pósta nó teaghlaigh, nó más duine den Lucht Siúil thú.

Nuair a théann tú i dteagmháil le haon cheann de na heagraíochtaí a ainmnítear sa Chairt seo, cuir ar an eolas iad faoi do riachtanais shonracha ionas gur féidir leo iarracht a dhéanamh freastal orthu.

Féachfaidh gach eagraíocht leis an bhfaisnéis a iarrann tú a thabhairt duit i gcónaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé tarlú corruair, faoin dlí, nach mbeidh sí in ann faisnéis áirithe a thabhairt duit más rud é:

- go gcuireann sí isteach ar imscrúdú coiriúil;
- go bhféadfadh sí dochar a dhéanamh do chás coiriúil os comhair na gcúirteanna, anois nó amach anseo;
- go bhféadfadh sí sábháilteacht phearsanta duine a chur i mbaol;
- go bhféadfadh sí slándáil an Stáit a chur i mbaol;
- go sáraíonn sí oibleagáidí dlíthiúla faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

I gcás ina gcinnfear gan faisnéis a thabhairt duit ar aon cheann de na cúiseanna sin, is duine a bheidh údaraithe chun na cinntí sin a dhéanamh a dhéanfaidh an cinneadh sin.

# Roinn 2
# Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta

## Ról na Líne Cabhrach d'Íospartaigh na Coireachta

Carthanacht neamhspleách is ea an Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta. Tugann sí faisnéis agus tacaíocht mhothúchánach d'íospartaigh na coireachta agus dóibh siúd uile atá thíos le coireacht. Is cuma cathain a tharla an choir, cé a rinne an choir, nó cibé acu a tuairiscíodh an choir do na Gardaí nó nár tuairiscíodh, táimid anseo chun éisteacht leat. Tuigimid na saincheisteanna agus na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag íospartaigh na coireachta, agus cuireann an fhoireann agus na hoibrithe deonacha oilte atá againn tacaíocht neamhbhreithiúnach faoi rún ar fáil.

Faighimid maoiniú ón Roinn Dlí agus Cirt. Tugann an Roinn maoiniú do lear mór eagraíochtaí a thugann tacaíocht d'íospartaigh na coireachta, agus tig linn sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí sin a thabhairt duit.

Tá tuilleadh eolais faoi sheirbhísí tacaíochta d'íospartaigh ar fáil i gCaibidil 16 den Chairt seo.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón líne chabhrach?

Nuair a théann tú i dteagmháil leis an líne chabhrach:

- coinneoimid do chuid faisnéise faoi rún;
- tig linn tú a chur ar an eolas faoi na cearta atá agat;
- tabharfaimid am agus spás duit chun labhairt faoi do thaithí ar an gcoir;
- éistfimid leat le hionbhá agus ní thabharfaimid breithiúnas ort;

- tig linn faisnéis a thabhairt duit faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil i do cheantar áitiúil d'íospartaigh na coireachta;
- tig linn insint duit faoi na sainseirbhísí atá ar fáil d'íospartaigh coir-eanna ar leith – amhail foréigean baile, éigniú, mí-úsáid ghnéasach agus dúnmharú;
- tig linn do cheisteanna faoin gcóras ceartais choiriúil a fhreagairt;
- tig linn cabhrú leat dul i dteagmháil leis na Gardaí agus le gníomh-aireachtaí agus seirbhísí eile; agus
- tig linn faisnéis a thabhairt duit faoi chúiteamh, má bhaineann sé sin le do chás.

Nuair a théann tú i dteagmháil linn, tig leat a oiread agus is mian leat nó a laghad agus is mian leat a insint dúinn. Ní gá duit d'ainm a thabhairt dúinn fiú; fút féin atá sé.

Tig leat scairt a chur orainn am ar bith, is cuma mura mbíonn cúis ná ceist ar leith agat. B'fhéidir nach mbeidh uait ach comhrá, agus tá sé sin ceart go leor — táimid anseo le héisteacht leat. Beimid ar fáil duit freisin más rud é gur mhaith leat dul i dteagmháil linn athuair.

Tig leat dul i dteagmháil leis an líne chabhrach ar na bealaí seo a leanas:
**Saorghlao:** 116 006 — Féach ar an suíomh gréasáin *www.crimevictimshelpline.ie* i gcomhair na n-uaireanta oibriúcháin
**Ríomhphost:** *info@crimevictimshelpline.ie*
**Téacsteachtaireacht:** 085 133 7711
**Suíomh Gréasáin:** *www.crimevictimshelpline.ie*
**Comhrá gréasáin:** féach ar *www.crimevictimshelpline.ie*

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, tig leat dul i dteagmháil linn ar na bealaí thíos.

| **Sonraí teagmhála:** | |
|---|---|
| **Seoladh:** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na Líne Cabhrach d'Íospartaigh na Coireachta<br>6-7 Sráid Hanover Thoir<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 W320 |
| **Guthán:** | 01-408 6116 nó 116 006 |
| **Ríomhphost:** | *info@crimevictimshelpline.ie* |
| **Suíomh Gréasáin:** | *www.crimevictimshelpline.ie* |

# Roinn 3
# An Garda Síochána

## Ról an Gharda Síochána

Is é misean an Gharda Síochána ***'Daoine a Choinneáil Sábháilte'***; sin é an treoirphrionsabal freisin ar a mbunófar cinntí straitéiseacha agus oibriúcháin.

Is seirbhís póilíneachta atá dírithe ar an íospartach é an Garda Síochána. Bíonn rún daingean aige daoine a choinneáil sábháilte, na daoine is leochailí a chosaint agus seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil i rith an ama.

Beimid freagrúil do riachtanais na n-íospartach agus na bpobal áitiúil agus cuirfimid nádúr na coireachta, a bhíonn ag athrú léi, san áireamh.

Is iad feidhmeanna an Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát:

- trí shíocháin agus ord poiblí a shlánchoimeád;
- trí bheatha agus maoin a chosaint;
- trí chearta daonna gach duine aonair a chosaint;
- trí shlándáil an Stáit a chosaint;
- trí choireacht a chosc; agus
- trí choirpigh a thabhairt faoi réim an cheartais, lena n-áirítear trí choireanna a bhrath agus a imscrúdú.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón nGarda Síochána?

Nuair a thuairiscíonn tú coir, déanfaimid an t-ábhar a fhiosrú go réamh-ghníomhach agus go tráthúil le go dtabharfar na coirpigh os comhair na cúirte.

Nuair a chuidíonn an Garda Síochána leat, bímid meáite ar chaidreamh tacúil a choinneáil leat, agus tabharfaimid aghaidh ar do chuid ábhar imní agus riachtanas. Ina theannta sin, féachfaimid lena chinntiú go ndéanfar freastal éifeachtach éifeachtúil ar na cearta dlíthiúla atá agat teacht ar fhaisnéis, comhairle agus cúnamh cuí eile.

Nuair a thugaimid tacaíocht duit, bíonn sé de chuspóir againn a bheith cúirtéiseach, cabhrach, agus gairmiúil agus caithfidh gach comhalta den Gharda Síochána le híospartaigh le dínit agus le meas, is cuma faoi:

- d'inscne,
- do chine,
- do chreideamh,
- do bhunús eitneach,
- do ghnéaschlaonadh,
- d'aois,
- do náisiúntacht,
- do mhíchumas,
- d'imthosca eacnamaíocha,
- do stádas pósta nó teaghlaigh, nó
- más duine den Lucht Siúil thú (má bhaineann sé le hábhar).

Tá leas na n-íospartach, agus an tacaíocht a thugtar dóibh, i gcroílár ár gcomhpháirtíochta le grúpaí pobail, eagraíochtaí deonacha agus gníomh-aireachtaí reachtúla eile.

**Cad a tharlaíonn nuair a thuairiscíonn tú coir?**

Má rinneadh coir i do choinne agus má thuairiscíonn tú dúinne í:

- tabharfaimid freagra tráthúil ar do ghlao agus fiosróimid d'eachtra; agus
- tabharfaimid ainm, uimhir ghutháin agus stáisiún an Gharda fiosraithe duit, chomh maith le huimhir eachtra *PULSE*.

Is é *PULSE* an ríomhchóras atá againn ina gcoinnímid taifead ar shonraí na heachtra agus ina gcuirimid aon eolas nua faoin imscrúdú. Is í uimhir eachtra *PULSE* an uimhir a shanntar do d'eachtra, ionas gur féidir linn sonraí do cháis a aimsiú go gasta má iarrann tú an t-eolas is déanaí orainn.

Admhóidh an fhoireann in Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh, arb oifigí tiomnaithe iad, gur thuairiscigh tú an choir agus coinneoidh siad ar an eolas thú faoi aon athruithe suntasacha le linn an imscrúdaithe.

Féadann tú na sonraí teagmhála le haghaidh Oifigí Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh a fháil ach féachaint ar https://www.garda.ie/ga/seirbhisi-d-iospartaigh/teacht-ar-oifig-mo-sheirbhisi-iospartach-aitiuil/

**An t-eolas agus an tacaíocht is féidir linn a thabhairt duit**

Ós rud é gur íospartach thú, tuigimid go bhféadfadh cúnamh agus tacaíocht a bheith a dhíth ort. Dá bhrí sin, nuair a thuairiscíonn tú coir dúinn, tabharfaimid eolas duit faoi réimse tacaíochtaí agus seirbhísí atá ar fáil d'íospartaigh.

Seo liosta de na topaicí a gcuirfimid eolas duit ina leith. Tugtar míniú achomair ar gach topaic.

**Cad is féidir leat a dhéanamh?**

Agus tú i d'íospartach, tabharfaimid eolas duit faoi na nithe seo a leanas nuair a dhéanann tú teagmháil le Garda den chéad uair:

- conas eachtra a thuairisciú dúinn; agus
- do ról mar íospartach sa phróiseas ceartais choiriúil.

**Seirbhísí d'íospartaigh**

Cuirfimid ar an eolas thú faoi sheirbhísí tacaíochta cuí atá ar fáil d'íospartaigh in Éirinn.

Lena chois sin, inseoimid duit conas seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin a fháil, má bhíonn siad de dhíobháil ort.

**Cúnamh duit**

Tabharfaimid eolas duit faoi thacaíochtaí agus faoi nósanna ar leith a d'fhéadfadh cuidiú leat, mar shampla, duine a thabhairt leat chuig Stáisiún na nGardaí chun coir a thuairisciú, nó a chinntiú go gcuireann duine den inscne chéanna faoi agallamh thú.

**Cúiteamh**

Tabharfaimid míniú ar na scéimeanna cúitimh atá ar fáil agus ar ról na cúirte maidir le cúiteamh a dhámhachtain.

Féadfar cúiteamh a bhronnadh ar íospartaigh na coireachta foréigní trí ordú ón gcúirt. Féadfaidh cúirt ordú a thabhairt do chiontóir cúiteamh a íoc le híospartach mar chuid de chás cúirte. Ina dhiaidh sin féin, i gcás-anna ina bhfuil cás cúirte fós ar siúl agus go ndearna an t-íospartach iarratas ar chúiteamh faoin Scéim freisin, is gnách go bhfanann an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla go dtí go bhfaightear toradh an cháis sula ndéanann sé cinneadh faoin iarratas.

Tá eolas níos mine faoi chúiteamh le fáil i Roinn 13 den Chairt ina gclúdaítear an Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla.

**Cúnamh dlíthiúil agus costais**

Tabharfaimid eolas duit faoin gcaoi a bhféadfá cúnamh dlíthiúil a fháil agus faoi cibé acu atá tú i dteideal costas in imthosca áirithe nó nach bhfuil.

Tá eolas níos mine faoi chúnamh dlíthiúil le fáil i Roinn 11 den Chairt ina gclúdaítear an Bord um Chúnamh Dlíthiúil.

**Duine a thabhairt leat tráth gearán a dhéanamh**

Inseoimid duit faoin gceart atá agat do rogha duine a thabhairt leat nuair a thuairiscíonn tú eachtra do na Gardaí den chéad uair.
Tá ceart agat freisin duine a thabhairt leat le linn aon agallaimh leat. (Tá na hagallaimh den riachtanas chun an cion líomhnaithe a fhiosrú.)

Má chreideann Garda Síochána le réasún nach rachadh an duine atá in éineacht leat chun leasa duit, nó go ndéanfaí dochar d'aon imscrúdú nó imeachtaí coiriúla toisc an duine atá in éineacht leat a bheith ann, féadfaidh siad bac a chur ar an duine sin dul leat. Tá feidhm ag an méid sin freisin maidir le heachtraí a thuairisciú don Gharda Síochána, nó maidir le hagallaimh leis an nGarda Síochána.

Má tharlaíonn a leithéid, tig leat duine éigin eile a thabhairt leat.

**Fad atá do ghearán á fhiosrú**

Fad atá do ghearán á fhiosrú againn, féadfaidh tú sonraí faoi aon ath-ruithe suntasacha ar an imscrúdú a iarraidh. Dar linne, áirítear na nithe seo a leanas in athruithe suntasacha:

- nuair a dhéantar duine a ghabháil agus a chúiseamh;
- an cineál ciona a cuireadh ina leith;
- nuair a scaoiltear duine saor faoi bhannaí (nuair a scaoiltear duine saor go sealadach agus iad ag fanacht lena dtriail) **nó** nuair a athchuirtear duine faoi choimeád (nuair a chuirtear duine sa phríosún agus iad ag fanacht lena dtriail);
- sonraí faoi dhátaí cúirte, lena n-áirítear am, dáta agus láthair na cúirte; agus
- eolas faoi scaoileadh saor duine nó faoina n-éalú as coimeád.

Le linn ár n-imscrúdaithe, féadfaidh tú cóip de do ráiteas faoinar tharla a iarraidh freisin.

- Mar chuid dár n-imscrúdú, oibreoimid leatsa — an t-íospartach — chun do riachtanais a mheas lena fháil amach cé chomh leochaileach atá tú maidir leis an méid seo a leanas:
    - frithbheartaíocht (nuair a d'fhéadfá a bheith i mbaol mar gheall ar thuairisciú dúinne);
    - imeaglú (nuair a dhéanann daoine eile iarracht dul i gcion ort); nó

- athíospairt (nuair a bhíonn tú cráite athuair de dheasca an im-scrúdaithe ar do choir agus d'eispéiris sa chúirt).

Má bhímid buartha faoi aon ní, déanfaimid socruithe speisialta lena chinntiú go mbeidh tú chomh compordach agus is féidir le linn na trialach. Mar shampla, thiocfadh leat dul isteach san fhoirgneamh cúirte, agus é a fhágáil, trí bhealach príobháideach – bealach nach bhfuil oscailte don phobal.

Faoi réir cheadú na cúirte i ngach cás, d'fhéadfadh na socruithe speis-ialta seo a leanas a bheith i gceist freisin:

- gan ligean don phobal mór nó do dhaoine áirithe dul isteach sa chúirt; nó
- cead a thabhairt duit fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo.

**Más cuairteoir ar Éirinn thú**

Más cuairteoir ar Éirinn thú agus má dhéantar coir i do choinne, atreor-óimid thú, le do thoiliú, chuig an tSeirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn.

**Má rinneadh coir i do choinne thar lear**

Más rud é go ndearnadh coir i do choinne i dtír eile agus gur mhaith leat an choir sin a thuairisciú, féadann tú í a thuairisciú i stáisiún áitiúil an Gharda Síochána. Ina dhiaidh sin, is féidir linne sonraí na coire sin a chur faoi bhráid na n-údarás sa tír sin.

**Má dhéantar cion gnéasach i do choinne**

Má dhéantar cion gnéasach i do choinne, léireoimid tuiscint ar leith duit agus:

- cuirfimid Garda den inscne chéanna ar fáil, más féidir linn, chun agallamh a chur ort agus do ráiteas a ghlacadh;
- cuirfimid dochtúir den inscne chéanna ar fáil, más féidir linn, má iarrann tú é sin orainn; agus

- tabharfaimid sonraí duit faoi eagraíochtaí tacaíochta a phléann le híospartaigh cionta gnéasacha.

**Leanaí**

Tuigimid nach mór aird ar leith a thabhairt, i gcónaí, ar íospartaigh ar leanaí iad maidir lena gcuid riachtanas.

Dá bharr sin, má tá tú faoi 18 mbliana d'aois, déanfaimid cinnte de go gcuirfear ar an eolas thú faoi aon bhearta, nósanna imeachta nó socruithe ar leith atá ar fáil a d'fhéadfadh cuidiú leat mar leanbh atá thíos le coir.

Agus bearta speisialta chun tacú leat á meas againn, ní chuirfear san áireamh ach an rud is fearr duitse.

Beidh meas againn ar do chuid tuairimí agus cuirfimid san áireamh iad agus aird againn ar d'aois agus ar do thuiscint. Socróimid freisin go mbeidh tuismitheoir, caomhnóir nó duine údaraithe eile in éineacht leat, de réir mar is cuí, nuair a fhreastalaíonn tú ar agallaimh nó i gcúirt.

Ar a bharr sin, coinneoimid ar an eolas thú faoi dhul chun cinn do cháis trí do thuismitheoir, do chaomhnóir nó d'ionadaí.

**Íospartaigh dhrochíde sa teaghlach**

I gcásanna drochíde sa teaghlach, gníomhóimid go cuí chun íospartaigh agus/nó aon duine dá dteaghlach a d'fhéadfadh a bheith faoi bhagairt ag lucht tabhartha na drochíde sin a chosaint.

I measc na mbeart a ghlacfar, tabharfar an t-eolas, an tacaíocht agus an chosaint chuí d'íospartaigh de réir a gcuid riachtanas (mar shampla, ní chuirfimid nuashonruithe scríofa faoi do chás chuig do theach más rud é go bhféadfadh sé sin do shábháilteacht a chur i mbaol).

Cuirfimid ar an eolas thú faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil freisin.

**Daoine scothaosta**

Más duine scothaosta thú agus má rinneadh coir i do choinne, glacfaimid gach beart réasúnach chun tú a chosaint agus chun tú a chur ar do shuaimhneas. Cuirfimid comhairle ort faoi shlándáil tí agus faoi do shábháilteacht sa phobal freisin. Féadfaidh sé gurb é a bheidh i gceist leis sin go gcuirfimid an tOifigeach Coiscthe Coireachta agus an Garda Pobail áitiúil chugat chun comhairle agus tacaíocht a thairiscint.

**Riachtanais shonracha nó riachtanais chumarsáide**

Má tá tú faoi mhíchumas de chineál ar bith, cuirfimid aon riachtanais shonracha san áireamh.

Déanfaimid cinnte de go mbeidh an uile chumarsáid leat i bhfriotal soiléir.

Más rud é, ar chúis ar bith, gur doiligh leat tú féin a chur in iúl go soiléir nó an chumarsáid uainne a thuiscint, is féidir linn tacaíocht a shocrú. Mar shampla, más bodhar thú, cuirfimid ateangaire gairmiúil na teanga comharthaíochta ar fáil.

Abair linn má tá aon riachtanais ar leith agat agus má tá tacaíochtaí ar leith a d'fhéadfaimis a chur ar fáil chun cabhrú leat.

**Teanga iasachta**

Mura bhfuil Béarla nó Gaeilge ar do thoil agat, cuirfimid, a mhéid is féidir, seirbhís ateangaireachta agus aistriúcháin saor in aisce ar fáil ionas go bhfaighidh tú an caighdeán céanna seirbhíse a gheobhadh aon íospartach coireachta. Nuair a thuairiscíonn tú coir, molfaimid duit, a mhéid is féidir, an leabhrán *Faisnéis d'Íospartaigh* (i do theanga féin) a léamh. Beidh an t-eolas uile a bheidh uait istigh sa leabhrán úd. Má iarrann tú cruachóip den leabhrán, tabharfaimid duit í.

**Pobail Leispiacha, Aeracha, Dhéghnéasacha agus Thras-inscneacha**

Más duine de na pobail Leispiacha, Aeracha, Dhéghnéasacha agus Thrasinscneacha thú, déileálfaimid go tuisceanach agus go measúil le do chás. Más cuí, atreoróimid thú chuig Oifigeach Éagsúlachta laistigh den Gharda Síochána.

**Eachtraí ciníochais**

I gcás gur íospartach eachtra ciníochais thú:

- taifeadfaimid an eachtra go cruinn;
- fiosróimid do ghearán; agus
- atreoróimid thú chuig Oifigeach Éagsúlachta an Gharda Síochána i do cheantar.

**Coireanna arna ndéanamh ag leanaí (faoi bhun 18 mbliana d'aois)**

Nuair is leanbh a rinne an choir a thuairiscigh tú, cuirfear do chuid tuairimí san áireamh nuair a bhreithníonn **agus** nuair a chinneann Stiúrthóir Oifig Náisiúnta na nÓgchiontóirí cé acu ba cheart an leanbh a áireamh faoin gClár Athstiúrtha don Óige[1] nó nár cheart. Breithneoidh siad nithe eile freisin, dála mholadh an Oifigigh Idirchaidrimh áitiúil don Óige.

Tá an Clár Athstiúrtha don Óige ann chun cabhair a thabhairt do leanaí a bhfuil cionta déanta acu. Le nach ndéanfaí an leanbh a chúiseamh go foirmiúil, agus a ionchúiseamh sa chúirt, ní foláir dóibh a admháil go raibh baint acu leis an gcion.

Má ligtear isteach leanbh, tabharfar rabhadh dóibh faoina n-iompar agus féadfaidh a nOifigeach Idirchaidrimh áitiúil don Óige maoirseacht a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse ama.

D'fhéadfaimis cuireadh a thabhairt duit:

[1] https://www.garda.ie/ga/seirbhisi/caidreamh-pobail/oifig-atreoru-oige-an-gharda-siochana/

- a bheith i láthair agus rabhadh á thabhairt againn don leanbh; agus
- chuig Comhdháil Teaghlaigh den Gharda Síochána – cruinniú é seo ina mbuaileann leanaí a raibh lámh acu i gcoir nó in iompraíocht fhrithshóisialta le Garda agus le daoine eile macasamhail thuismitheoirí agus/nó chaomhnóir an linbh. Ag an gcruinniú sin, pléifear conas a chuir iompar an linbh isteach ar an íospartach, ar an bpobal agus ar theaghlach an linbh.

  Bíonn mar aidhm leis an gComhdháil Teaghlaigh plean a réiteach chun cabhrú leis an leanbh fanacht ar shiúl óna thuilleadh trioblóide.

Seasfaimid le do leasanna mar íospartach is cuma má bhíonn tú i láthair ag ceachtar de na himeachtaí sin nó nach mbíonn.

Más rud é go meastar nach bhfuil leanbh oiriúnach don Chlár Athstiúrtha, féadfar comhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Breithníonn an oifig sin cé acu a thionscnófar imeachtaí coiriúla nó nach dtionscnófar.

**Ceartas aisiríoch**

Is ionann ceartas aisiríoch agus cruinniú deonach idir íospartach, ciontóir agus duine neamhspleách atá oilte ar chruinnithe den sórt sin a bhainistiú.

Tig leis an íospartach a scéal a insint ag an gcruinniú. Dá bharr sin, is féidir leis an gciontóir iarmhairtí a gcoire a fheiceáil agus an dochar a rinne siad a leigheas, a oiread agus is féidir. Is féidir leis sin bheith ina chabhair óir tugann sé guth don íospartach. Ina theannta sin, tugtar ciontóirí chun cuntais as a bhfuil déanta acu; tugtar deis dóibh freagracht a ghlacadh agus leorghníomh a dhéanamh.

Más fearr leo, tig le híospartaigh agus ciontóirí cumarsáid a dhéanamh tríd an duine neamhspleách seachas bualadh lena chéile aghaidh ar aghaidh. Má tá an t-íospartach agus an ciontóir sásta bualadh lena chéile aghaidh ar aghaidh, ba chóir go bhfiafrófaí díobh ar mhaith leo duine ar bith a thabhairt leo chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Má rinne **ciontóir faoi bhun 18 mbliana d'aois** cion i do choinne, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i gceartas ais-iríoch. Thabharfadh sé sin deis duit an chaoi a n-airíonn tú a chur in iúl, ceisteanna a chur ar an gciontóir agus léargas a thabhairt dóibh ar an tslí a ndeachaigh a gcion i bhfeidhm ort.

Má rinne ciontóir **os cionn 18 mbliana d'aois** cion i do choinne, ba cheart go dtabharfadh an Garda Síochána eolas faoi cheartas aisiríoch duit, más rogha é sin i do chás-sa.

**Má rinneadh coir thromchúiseach i do choinnese nó i gcoinne duine de do theaghlach**

Má rinneadh coireanna tromchúiseacha áirithe (amhail dúnmharú, im-bhualadh bóthair, fuadach nó ionsaí tromchúiseach) i do choinnese nó i gcoinne duine de do theaghlach, féadfar Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh a cheapadh chun tacú leat agus tú a threorú tríd an tréimhse choscrach sin. Coinneoidh an tOifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh ar an eolas thú faoi athruithe suntasacha ar an imscrúdú agus inseoidh siad duit faoi na seirbhísí tacaíochta cuí atá ar fáil duit.

**Cinntí an Gharda Síochána maidir le hionchúisimh**

Nuair a dhéanaimid imscrúdú ar choireanna, bailímid an fhianaise uile i dtaobh na heachtra ar bhealach cothrom, macánta agus neamh-chlaonta.

I gcás coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, tabhar-faimid an cás os comhair na Cúirte Dúiche in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Maidir le coireanna níos tromchúisí, féadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí a iarraidh go n-éistfear an cás i gcúirt níos airde, le cead ón mbreitheamh.

Más leanbh atá sa chiontóir, déanfaimid cinneadh faoina n-oiriúnacht don Chlár Athstiúrtha seachas iad a thabhairt chun na cúirte.

I gcás ina gcinnfidh an Garda Síochána duine a ionchúiseamh **nó** gan duine a ionchúiseamh tar éis imscrúdú a dhéanamh ar eachtra a thuairiscigh tú dúinn, scríobhfaimid chugat chun an cinneadh sin a chur in iúl duit. Corruair, tugaimid an t-eolas sin duit go pearsanta.

Maidir le cionta áirithe, lena n-áirítear meisce agus mí-ord poiblí, féadfar rabhadh a thabhairt do chiontóir fásta seachas iad a ionchúiseamh. Mar sin féin, caithfidh an ciontóir freagracht a ghlacadh as a n-iompar sula gcinnfear ar cheart rabhadh a thabhairt dóibh.

Nuair a chuirfear comhad imscrúdaithe faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an eachtra a thuairiscigh tú don Gharda Síochána, cinnfidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cé acu a dhéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Cuirfimid scéala chugat faoi chinneadh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Mar a leagtar amach i Roinn 6 den Chairt seo, féadfaidh tú na cúiseanna a bhí leis na cinntí a rinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a lorg agus/nó athbhreithniú ar na cinntí a rinneadh a lorg.

**Cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh**

Féadfar litir a chur chugat á rá nach bhfuil sé ar intinn againn ionchúiseamh a dhéanamh. Má tharlaíonn sé sin, féadfaidh tú **achoimre ar na cúiseanna** atá leis an gcinneadh sin a iarraidh. Mura mbíonn tú sásta, féadfaidh tú a iarraidh go ndéanfaidh an Ceannfort i Stáisiún na

nGardaí inar fiosraíodh d'eachtra nó, más cuí, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an cinneadh a athbhreithniú.

Is ann do **theorainneacha ama** chun achoimre ar na cúiseanna nó athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh — seo a leanas iad:

> **Achoimre ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh** — is gá duit an achoimre a iarraidh laistigh de 28 lá tar éis duit an litir nó an t-eolas a fháil á rá nach bhfuil sé ar intinn againn ionchúiseamh a dhéanamh.
> **Athbhreithniú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh** — is gá duit athbhreithniú a iarraidh laistigh de 56 lá tar éis duit an litir nó an t-eolas a fháil á rá nach bhfuil sé ar intinn againn ionchúiseamh a dhéanamh.

Caithfidh tú foirm a chomhlánú chun aon cheann den dá iarratas a dhéanamh:

- Foirm Iarratais — Achoimre ar na cúiseanna atá ag an nGarda Síochána gan ionchúiseamh a dhéanamh; **nó**
- Foirm Iarratais — Athbhreithniú ar na cúiseanna atá ag an nGarda Síochána gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Is féidir leat teacht ar na foirmeacha sin in aon stáisiún Gardaí.

Féadfar cur leis na teorainneacha ama sin (28 lá nó 56 lá) má bhíonn an Garda Síochána nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de réir mar is cuí, sásta go bhfuil sé sin ag teastáil (riachtanach).

Cionn is gur tháinig Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh i bhfeidhm ar an 16 Samhain 2015, ní féidir Athbhreithniú nó Achoimre a iarraidh ach le haghaidh eachtraí a tuairiscíodh i ndiaidh an dáta sin.

**Má tá tú i d'fhinné**

Más íospartach thú agus má tá ag láithriú sa Chúirt mar fhinné, tá tú i dteideal rudaí áirithe.

**Ag bualadh leis an ionchúisitheoir**

Más féidir, féadfaidh tú bualadh leis an ionchúisitheoir a bhfuil an cás á chur i láthair na cúirte acu.

**Áit feithimh sa chúirt**

Tig leat fiafraí d'fhoireann na cúirte an féidir leat feitheamh áit éigin ar shiúl ón duine atá faoi amhras, óna dteaghlach agus óna gcairde.

**Seirbhísí speisialta**

Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh duit – mar shampla, a shocrú go bhféadfá dul isteach san fhoirgneamh cúirte, agus é a fhágáil, trí bhealach príobháideach nach bhfuil oscailte don phobal.

Faoi réir cheadú na cúirte, d'fhéadfadh na socruithe speisialta seo a leanas a bheith i gceist freisin:

- gan ligean don phobal mór nó do dhaoine áirithe dul isteach sa chúirt; **nó**
- cead a thabhairt duit fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo.

**Do cheisteanna a fhreagairt**

Cuirfear duine in aithne duit sa chúirt a bheidh ábalta do cheisteanna a fhreagairt faoina bhfuil ag tarlú sa chás le linn na trialach.

**Ráiteas Tionchair Íospartaigh a thabhairt**

Má chiontaítear duine sa choir i do choinne, is féidir leat Ráiteas Tionchair Íospartaigh a thabhairt ina leagtar amach an tslí a ndeachaigh an choir i bhfeidhm ort.

Tá tuilleadh eolais faoi Ráitis Tionchair Íospartaigh le fáil i Roinn 16 den Chairt (a bhaineann le hÍospartaigh agus an Dlí).

**Costais finnéithe**

Is iad na Gardaí atá freagrach as costais finnéithe a íoc. Is ionann na costais sin agus an méid a chosnaíonn sé ort teacht chun na cúirte chun fianaise a thabhairt. D’fhéadfaí a áireamh sna costais sin costas taistil, béilí agus, i gcásanna áirithe, lóistín.

Déanfaidh Ceannfort an Gharda Síochána — sa cheantar ina bhfuil an cás ar siúl — do chostais a íoc. Féadfaidh an Garda a bhíonn ag plé le do chás é sin a shocrú duit. D’fhéadfaidís admhálacha a iarraidh ort le haghaidh do chostas.

I gcorrchás, d’fhéadfaí réamhíocaíocht ar na costais a thabhairt duit sula dtosaíonn an cás ionas go mbeidh tú in ann taisteal chun na cúirte. Féadfaidh an Garda a bheidh ag plé le do chás comhairle a chur ort.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, tig leat dul i dteagmháil le stáisiún áitiúil an Gharda Síochána agus iarraidh ar an oifigeach atá i gceannas labhairt leat, nó dul i dteagmháil le hOifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d’Íospartaigh.

| **Conas teagmháil a dhéanamh linn** | |
|---|---|
| **Stáisiún áitiúil an Gharda Síochána** | Tá na sonraí teagmhála le fáil ar www.garda.ie/ga/ |
| **Seoladh:** | Oifig Idirchaidrimh an Gharda Síochána d’Íospartaigh<br>An Garda Síochána<br>Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta |

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| | Cearnóg Fhearchair<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 DH42. |
| **Guthán:** | 01-666 3349 nó 01-666 3453 |
| **Ríomhphost:** | *crimevictims@garda.ie* |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.garda.ie/ga/ |
| Déantar monatóireacht ar an seoladh ríomhphoist le linn uaireanta gnó, agus tabharfaimid freagra ar do cheist a luaithe agus is féidir. | |

| Más mian leat, féadfaidh tú d'ábhair imní a chur faoi bhráid Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus/nó gearán a dhéanamh chuige freisin (tá tuilleadh eolais faoi ról Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána le fáil i Roinn 4 den Chairt) | |
|---|---|
| **Seoladh:** | 150 Sráid na Mainistreach Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 FT73. |
| **Guthán:** | Glao Áitiúil 0818 600 800<br>01-871 6727 |
| **Ríomhphost:** | *info@COGS.ie* |
| **Suíomh Gréasáin:** | *www.gardaombudsman.ie* |

# Roinn 4
# Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

## Ról Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána

Bunaíodh Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána – nó COGS, go gairid – thiar sa bhliain 2007 chun déileáil le gearáin i gcoinne Gardaí.

Tig le duine ar bith den phobal gearán a dhéanamh linn faoi Gharda. Déileáiltear leis na gearáin sin ar bhealaí éagsúla – braitheann sé ar ábhar an ghearáin. Fiú mura ndéantar gearán faoi eachtraí ar leith, féadfaidh ár n-oifig iad a imscrúdú má mheasann COGS gurb é leas an phobail é déanamh amhlaidh. Má ghortaítear duine go holc, nó má fhaigheann duine bás, le linn dóibh a bheith i gcuideachta na nGardaí, ní mór do COGS a leithéid de chás a imscrúdú freisin.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ó COGS?

Tá sé mar aidhm ag COGS caitheamh go stuama tuisceanach le daoine a dhéanann gearáin linn, agus an réiteach is cothroime a fháil ar pé saincheisteanna atá ann.

**Seo a leanas ár gcuid príomhluachanna:**

- tús áite a thabhairt do leas an phobail;
- meas a bheith againn ar chearta daonna gach duine a ndéileálaimid leo;
- teacht ar chinntí tar éis anailís chríochnúil chothrom a dhéanamh ar an bhfianaise;
- a bheith oscailte trédhearcach trínár gcuid gníomhartha a chur in iúl agus a mhíniú;
- a bheith tiomanta do sheirbhís phoiblí ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Amharc ar ár suíomh gréasáin www.gardaombudsman.ie/ faoi choinne tuilleadh eolais, le do thoil.

**Cad a tharlaíonn nuair a dhéanann tú gearán linn?**

Má mheasann tú go ndearna Garda Síochána cion i do choinne:

- cuirfimid in iúl i scríbhinn go bhfuaireamar do ghearán, laistigh de sheachtain amháin tar éis é a fháil;
- déanfaimid breithniú cúramach ar do ghearán agus tiocfaimid ar chinn-eadh neamhspleách i dtaobh an féidir linn é a imscrúdú nó nach féidir;
- tabharfaimid eolas duit faoi na tacaíochtaí ábhartha atá ar fáil duit ó ghníomhaireachtaí eile – tacaíochtaí mothúcháin, tacaíochtaí dlí nó tacaíochtaí eile;
- inseoimid duit cén cineál imscrúdaithe a dhéanfar;
- má chinnimid gan do ghearán a fhiosrú, scríobhfaimid chugat chun tú a chur ar an eolas faoin gcinneadh sin agus inseoimid duit cén fáth a ndearnadh an cinneadh sin.

**An chaoi a ndéanfaimid imscrúdú ar do ghearán**

Is mar seo a leanas a dhéanfaimid imscrúdú ar do ghearán:

- Cuirfimid agallamh ort a luaithe is féidir. Beifear tuisceanach faoi do chuid riachtanas san agallamh sin agus cuirfear ar siúl é in áit atá fóirsteanach duit, dar linn. Féadann tú duine eile a thabhairt leat chun tacaíocht a thabhairt duit le linn an agallaimh, ach amháin má cheap-aimid nach rachadh an duine sin chun leasa duit. Má tharlaíonn a leithéid, tig leat duine éigin eile a thabhairt leat;
- Cruinneoimid an fhianaise a bheidh ar fáil ar bhealach cothrom neamh-chlaonta;
- Measfaimid cé acu atá nó nach bhfuil cosaint speisialta a dhíth ort agus, más rud é go bhfuil, inseoimid duit faoi na roghanna féideartha atá agat;
- Inseoimid duit cad a bheidh le déanamh agat le linn an imscrúdaithe;

- Rachaimid i dteagmháil leat go rialta d'fhonn tú a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe; agus
- Tabharfaimid sonraí teagmhála duit i gcónaí ionas go dtig leat dul i dteagmháil linn más gá duit.

**Cad a tharlaíonn tar éis do COGS do ghearán a imscrúdú**

Tar éis do COGS imscrúdú a dhéanamh, déanfaimid cuid de na bearta seo a leanas, nó déanfaimid gach ceann díobh, ag brath ar an gcás:

**Comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

Seolfaimid comhad faoin imscrúdú chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus iarrfaimid treoir maidir le cé acu is ceart ionchúiseamh coiriúil a thionscnamh nó nach ceart.

**Cinneadh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a insint duit**

Cuirfimid cinneadh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in iúl duit. Má chinneann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadfaidh tú na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin a iarraidh orainne nó ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go díreach. Má chinneann siad ionchúiseamh a dhéanamh, inseoidh siad duit faoinar féidir leat a bheith ag súil leis sa phróiseas sin. Déanfaidh siad teagmháil leatsa go díreach chun é sin a insint duit, nó iarrfaidh siad orainne é sin a insint duit. Coinneoimid ar an eolas thú faoi aon dátaí cúirte. Ina theannta sin, tabharfaimid aon fhaisnéis eile duit is ceart a bheith agat, dar linn, sula bhfreastalaíonn tú sa chúirt.

**Comhad a sheoladh chuig Coimisinéir na nGardaí**

Seolfaimid comhad faoin imscrúdú chuig Coimisinéir na nGardaí lena fheiceáil an aontaíonn údaráis an Gharda Síochána gur ceart, nó nár ceart, pearsanra den Gharda Síochána a smachtú. Inseoimid duit fad cad is féidir leat a bheith ag súil leis sa phróiseas sin.

**Deireadh a chur le himscrúdú**

Mura mbíonn go leor fianaise ar fáil chun comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó chuig Coimisinéir na nGardaí, cuirfimid deireadh leis an imscrúdú. Má chinnimid gan leanúint ar aghaidh leis an imscrúdú, inseoimid duit, i scríbhinn, cén fáth a ndearnadh an cinneadh sin.

**An chaoi a bhfreastalóidh COGS ar do riachtanais**

Bíonn sé de chuspóir againn i gcónaí a bheith cúirtéiseach, cabhrach, measúil agus gairmiúil. Má bhíonn tú trína chéile faoi choir nó faoi eachtra choscrach eile, freastalóimid ar do chuid riachtanas ar bhealach comhbhách tuiscean-ach.

**Tá súil ag COGS freastal ar do chuid riachtanas ar na bealaí seo a leanas:**

**Éisteacht leat**

Tabharfaimid deis duit gearán a dhéanamh. Freagróimid do cibé rud(aí) atá ag déanamh tinnis duit agus caithfimid leat go cothrom agus le meas.

**Gearáin a phróiseáil go héifeachtúil**

Déanfaimid gach rud is féidir linn lena chinntiú go mbeidh muinín agat as ár gcuid cinntí.

**A bheith gairmiúil cúirtéiseach**

Comhlíonfaimid prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaim-éirí; déanfaimid beart de réir ár mbriathair agus déanfaimid ár ndícheall chun an t-eolas ceart a thabhairt duit go tráthúil.

**A bheith oscailte macánta i gcónaí**

Tabharfaimid na freagraí is iomláine agus is féidir ar do chuid ceist-eanna.

**Do phríobháideachas a chosaint**

Coinneoimid taifid chruinne ar do chaidreamh linn agus coinneoimid na taifid sin sábháilte.

**A bheith ar fáil duit**

Beimid ar fáil chun do cheisteanna a fhreagairt go pearsanta, ar an nguthán, i litir nó go leictreonach.

**An chaoi a bhfreagraíonn COGS do chatagóirí éagsúla gearánach**

Tuigeann COGS go bhféadfadh tacaíochtaí breise a bheith ag teastáil ó chatagóirí éagsúla gearánach — mar shampla:

**Íospartaigh cionta gnéasacha, foréigin inscnebhunaithe nó for-éigin i ndlúthchaidreamh**

Léireoimid tuiscint ar leith duit agus:

- cuirfimid do ghearán faoi bhráid oifigeach COGS den inscne chéanna, más mian leat;
- cuirfimid dochtúir den inscne chéanna ar fáil duit, más féidir linn, má iarrann tú é sin orainn;
- tabharfaimid sonraí duit faoi eagraíochtaí tacaíochta a phléann le híospartaigh cionta gnéasacha.

**Teaghlaigh daoine a fuair bás tar éis dóibh a bheith i dteagmháil leis na Gardaí**

I gcásanna den sórt sin a thagann faoi shainchúram COGS, cuirfimid Oifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh ar fáil duit. Coinneoidh an tOifigeach sin i dteagmháil leatsa agus le haon duine eile ar ar iarr tú cúnamh. Beidh an tOifigeach Idirchaidrimh do Theaghlaigh in ann eolas a thabhairt duit faoi sheirbhísí tacaíochta. Déanfaidh COGS cinnte de go bhfaighidh tú an t-eolas céanna a gheobhaidh aon ghearánach eile agus go gcaithfear leat mar a chaithfear le haon ghearánach eile.

**Leanaí**

Má tá tú faoi bhun 18 mbliana d'aois, beidh meas ag COGS ar do chuid tuairimí agus cuirfear san áireamh iad agus aird á tabhairt ar d'aois agus ar do thuiscint. Cuirfidh COGS an rud is fearr duitse san áireamh tráth cinntí a bhaineann leatsa a dhéanamh.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- tabharfaimid míniú ar ár gcuid próiseas;
- cuirfimid agallóir speisialta ar fáil duit má bhíonn ceann de dhíobháil ort;
- cloífimid leis na treoirlínte faoi *Tús Áite do Leanaí* (treoirlínte chun leas leanaí a chosaint); agus
- déanfaimid do shábháilteacht agus do chosaint a chinntiú.

Coinneoimid do thuismitheoir, do chaomhnóir nó d'ionadaí ar an eolas agus, más maith leat, coinneoimid thusa ar an eolas fosta.

**Riachtanais shonracha**

Má tá tú faoi mhíchumas de chineál ar bith, cuirfimid aon riachtanais shonracha a d'fhéadfadh a bheith agat san áireamh.

Beimid tuisceanach faoi do chuid riachtanas mura bhfuil tú go maith ag an léitheoireacht nó an scríbhneoireacht.

**Mura bhfuil Béarla ar do thoil agat**

Cuirfimid seirbhís aistriúcháin saor in aisce ar fáil ionas go bhfaighidh tú an caighdeán céanna seirbhíse a mhéid is féidir.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, tig leat dul i dteagmháil linn ar na bealaí thíos.

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| **Seoladh:** | Seirbhísí Corparáideacha,<br>Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána,<br>150 Sráid na Mainistreach Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 FT73 |
| **Guthán:** | 0818 600 800 nó 01 871 6727 |
| **Facs:** | 01-814 7023 |
| **Ríomhphost:** | *info@COGS.ie* |
| **Suíomh Gréasáin:** | *www.gardaombudsman.ie/* |

# Roinn 5
# An tSeirbhís Chúirteanna

## Ról na Seirbhíse Cúirteanna

Cuireadh an tSeirbhís Chúirteanna ar bun i mí na Samhna 1999 chun na cineálacha éagsúla cúirteanna go léir in Éirinn a bhainistiú. (Ta treoir i ndeireadh na roinne seo ina liostaítear na cineálacha difriúla cúirteanna coiriúla agus a ndéanann siad).

Ní mór don tSeirbhís Chúirteanna, de réir an dlí, riachtanais lucht úsáidte na gcúirteanna, lena n-áirítear finnéithe agus íospartaigh na coireachta, a chur san áireamh. Leagtar ár sainordú (údarás) amach san Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998.

Maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna:

- tá sí freagrach as bainistiú agus as riar na gcúirteanna;
- cuireann sí seirbhísí tacaíochta ar fáil do na breithiúna;
- cuireann sí áiseanna ar fáil do lucht úsáidte na gcúirteanna;
- déanann sí foirgnimh chúirte a bhainistiú agus a chothabháil; agus
- cuireann sí riachtanais lucht úsáidte na gcúirteanna, lena n-áirítear íospartaigh na coireachta, san áireamh tráth beartais agus straitéisí a fhorbairt chun ár gcuid oibre a dhéanamh ar ardchaighdeán.

Tabhair do d’aire, le do thoil, nach féidir linn trácht ar ábhair a bhaineann le pianbhreitheanna a ghearradh agus le híospartaigh do thabhairt fianaise, agus nach féidir linn idirghabháil a dhéanamh iontu ar bhealach ar bith. Bain-eann na hábhair sin leis an mbreitheamh, atá saor neamhspleách maidir lena bhfeidhmeanna a oibriú, agus nach bhfuil de smacht orthu ach an dlí agus an bunreacht. Is trí na cúirteanna amháin is féidir leat aghaidh a thabhairt ar chinneadh breithimh, mar shampla, trí achomharc.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón tSeirbhís Chúirteanna?

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna freastal ar riachtanais íospartaigh na coireachta agus finnéithe leochaileacha trí na háiseanna agus na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

**Áiseanna**

Seomraí tiomnaithe: Tá seomraí feithimh d'íospartaigh sa chuid is mó de na tithe cúirte athchóirithe agus i roinnt tithe cúirte eile freisin.

Is ann d'áit ar leith d'íospartaigh — ina bhfuil ceithre sheomra agus ionad fáiltithe — sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath. Tá limistéir feithimh thiomnaithe sna tithe cúirte seo a leanas fosta: Leitir Ceanainn, Loch Garman, Corcaigh (Sráid Washington agus Sráid Anglesea), Luimneach (Sráid Mulgrave), Port Láirge agus an Muileann gCearr. Tá socruithe i bhfeidhm le gur féidir seomraí comhairliúcháin a chur in áirithe d'íospartaigh in ionaid eile, má bhíonn siad ag teastáil.

Cuirfear seomraí ar leith ar fáil d'íospartaigh agus d'fhinnéithe leochaileacha i ngach tionscadal athchóirithe foirgneamh amach anseo.

**Áiseanna naisc físe:** Tá áiseanna naisc físe ar fáil i 123 seomra cúirte i 29 foirgneamh Cúirte ar fud na tíre.

A bhuíochas le nasc físe, táthar ábalta fianaise a thabhairt i seomra eile seachas seomra na cúirte.

I gcomhar le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, socróidh an comhalta ionchúisimh den Gharda Síochána – leis an tSeirbhís Chúirteanna – nasc físe chun fianaise a ghlacadh.

Rachfar i gcomhairle leat faoin áis is gaire atá ar fáil chun an fhianaise sin a ghlacadh. Beidh an áis sin taobh istigh den fhoirgneamh cúirte ina bhfuil an

triail ar siúl, nó san áit is gaire atá ar fáil. Tá an áis sin ar fáil sna Tithe Cúirte seo a leanas:

Ar deireadh thiar, cinneadh an bhreithimh atá ina dtarlaíonn ina gcúirt.

| **Seomraí Naisc Físe Finnéithe** | | |
|---|---|---|
| An Longfort | Dún Dealgan, Contae Lú | Muineachán |
| An Muileann gCearr, Contae na hIarmhí | Gaillimh | Port Láirge |
| An Nás, Contae Chill Dara | Inis, Contae an Chláir | Ros Comáin |
| Baile Átha Troim, Contae na Mí | Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall | Sligeach |
| Caisleán an Bharraigh, Contae Mhaigh Eo | Loch Garman | Trá Lí, Contae Chiarraí |
| Cill Chainnigh | Luimneach (Sráid Mulgrave) | Tulach Mhór, Contae Uíbh Fhailí |
| Cora Droma Rúisc, Contae Liatroma | | |
| Baile Átha Cliath:<br>[1] Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla<br>[2] Teach an Charnáin<br>[3] Cnoc na Seamar<br>[4] Na Ceithre Chúirt | Corcaigh:<br>[1] Sráid Anglesea<br>[2] Sráid Washington<br>[3] Mala | Tiobraid Árann:<br>[1] An tAonach<br>[2] Cluain Meala |

**Scáileáin mar rogha**: tá scáileáin ar fáil sna Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh (Sráid Anglesea), i Luimneach (Sráid Mulgrave), i nGaillimh, i gCaisleán an Bharraigh agus in Inis chun a chumasú duit fianaise a thabhairt sa Chúirt gan an cúisí a fheiceáil. Féadtar socruithe a dhéanamh chun scáileáin a chur ar fáil i dtithe cúirte eile má iarrtar iad. Ar deireadh thiar, is faoin mbreitheamh atá a dtiteann amach ina gcúirt.

I gcomhar le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, míneoidh an comhalta ionchúisimh den Gharda Síochána an nós imeachta duit más mian leat fianaise a thabhairt taobh thiar de scáileán. Féadtar cás a aistriú chuig ionad cúirte ina bhfuil scáileán ar fáil, más gá.

**Suíocháin in áirithe:** bíonn suíocháin in áirithe ar fáil do theaghlach an éagaigh i gcásanna dúnmharaithe agus dúnorgana ag éisteachtaí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Chuarda. Is gá an áis sin a shocrú roimh ré.

**Cuairt a thabhairt ar an teach cúirte, suíocháin a chur in áirithe agus cuidiú eile:** is féidir leat cuairt a thabhairt ar an teach cúirte roimh an triail ach socrú a dhéanamh roimh ré leis an gcomhalta ionchúisimh den Gharda Síochána nó le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**Suíonna dlí teaghlaigh ar leith in ionaid chúirte mhóra:** bíonn suíonna dlí teaghlaigh ar leith ar siúl i ngach ionad cúirte mór; féadtar cásanna práinn-eacha, ar nós iarratas ar ordú cosanta, a éisteacht i gcónaí ag tráthanna eile freisin.

Féadfaidh ár n-oifigigh idirchaidrimh d'íospartaigh i ngach ceann dár n-oifigí socrú a dhéanamh leis an gcomhalta ionchúisimh den Gharda Síochána nó le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le go mbeidh tú in ann úsáid a bhaint as na seomraí d'íospartaigh má bhíonn siad ar fáil.

Lena chois sin, tig leo suíocháin teaghlaigh a chur in áirithe faoi choinne cás-anna cuí/íogaire, agus réamhchuairteanna ar thithe cúirte a eagrú. Tig leo sonraí teagmhála na n-eagraíochtaí deonacha a thugann tacaíocht d'íospart-aigh na coireachta a thabhairt duit freisin. I gcás roinnt ionad cúirte, cuireann eagraíochtaí deonacha seirbhísí tionlacain nó seirbhísí tacaíochta ar fáil d'íospartaigh sa teach cúirte.

**Seirbhísí**

Cuireann an tSeirbhís Chúirteanna tacaíocht agus eolas ar fáil trí na seirbhísí seo a leanas:

Tá a lán eolais faoi dhul chun na cúirte le fáil ar ár suíomh gréasáin www.courts.ie/ga. Tá sé ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge, agus tá roinnt foilseachán ar an suíomh atá ar fáil sna teangacha seo a leanas:

- Fraincis;
- Spáinnis;
- Sínis;
- Polainnis;
- Rúisis; agus
- Rómáinis.

Tá rannán ar an suíomh gréasáin do dhaoine atá ag dul chun na cúirte den chéad uair, lena n-áirítear mar íospartach nó mar fhinné. Tugtar eolas faoin gcaoi a n-ullmhaítear ráiteas tionchair íospartaigh freisin.

**Treoir um Dhul chun na Cúirte:** Tá foilseachán dar teideal *Ag Dul chun na Cúirte (Going to Court)* ar fáil mar leabhrán nó mar DVD. Tá sé le fáil ar ár suíomh gréasáin chomh maith. Tá réimse eolais ann faoin dóigh a n-oibríonn próiseas na cúirte, lena n-áirítear cad a tharlaíonn sa chúirt, cé hiad na daoine sa chúirt agus cad a tharlaíonn tar éis trialach.

**Seirbhís ateangaireachta sa seomra cúirte:** tá an tseirbhís seo ar fáil, le hordú ón gcúirt, d'íospartaigh agus d'fhinnéithe nach labhraíonn Béarla ionas gur féidir leo a bhfianaise a thabhairt, nó ráiteas tionchair íospartaigh a dhéanamh má cheadaíonn an dlí nó an chúirt é sin.

Tá sé d'aidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna seirbhís chúirtéiseach, chothrom, thuisceanach a chur ar fáil d'íospartaigh na coireachta.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Má tá tusa, a ndearnadh coir i do choinne, míshásta leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil i dteach cúirte, is ceart duit, ar an gcéad dul síos, é sin a insint don oifigeach idirchaidrimh d'íospartaigh don teach cúirte sin agus/nó do bhainisteoir oifige an tí cúirte sin.

Más rud é, tar éis duit d'ábhair imní a chur in iúl, nach bhfuil tú sásta fós leis an gcúnamh a chuirtear ar fáil i dteach cúirte, is ceart duit do ghearán a

dhéanamh i scríbhinn chuig an tSeirbhís Chúirteanna. Chun é sin a dhéanamh, baintear úsáid as an nós imeachta foirmiúil maidir le gearáin ó chustaiméirí agus as an bhFoirm Ghearáin um Sheirbhís do Chustaiméirí, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna www.courts.ie/ga.

Tar éis duit an Fhoirm Ghearáin do Chustaiméirí a chomhlánú, féadfaidh tú í a chur chugainn sa phost nó le ríomhphost. Tugtar na seoltaí anseo:

| **Conas teagmháil a dhéanamh linn** | | |
|---|---|---|
| **Réigiún:** | **Oifigigh do Ghearáin ó Chustaiméirí de réir réigiúin** | **Seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin** |
| **Cúirteanna Bhaile Átha Cliath** | Jenna Bailey | 01-888 6152<br>jennabailey@courts.ie |
| **An Deisceart** (Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Tiobraid Árann) | Ciara Smalle | 021-2389971<br>southerncustomercomplaints@courts.ie |
| **An tIarthar** (An Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Liatroim, Maigh Eo, Ros Comáin, Sligeach) | Pat Conlon | 094-904 3863<br>westerncustomercomplaints@courts.ie |
| **Lár na Tíre Thuaidh** (An Cabhán, an Longfort, Lú, an Mhí, Muineachán, an Iarmhí) | Alan Cooke | 042-939 2345<br>northmidlandscustomercomplaints@courts.ie |
| **An tOirthear** (Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Uíbh Fhailí, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin) | Grace Murphy | 045-980103<br>easterncustomercomplaints@courts.ie |
| **Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla** | Éamonn Doherty | 01-798 8268<br>eamonnmdoherty@courts.ie |

Déileálfar le gach gearán go pras, agus ar bhealach cóir cúirtéiseach.

Tá an tSeirbhís Chúirteanna faoi réir a hathbhreithnithe ag Oifig an Ombudsman maidir le comhlíonadh feidhmeanna riaracháin.

## Do threoir maidir leis na cúirteanna coiriúla

Léirítear sa tábla thíos na sé chineál cúirte atá ann, na cásanna a éistear iontu, cé a éisteann iad, agus cá n-éistear iad.

| An Chúirt | Cásanna coiriúla a éistear | Cé a éisteann iad | Láthair |
|---|---|---|---|
| An Chúirt Dúiche | Mionchionta | Breitheamh amháin, gan aon ghiúiré | 130 teach cúirte ar fud na tíre |
| An Chúirt Chuarda | Cionta níos tromchúisí, ach ní éistear cásanna a bhaineann le cionta ar nós dúnmharú, éigniú agus ionsaí gnéasach tromchúiseach<br><br>Déileáltar le hachomhairc ón gCúirt Dúiche inti fosta | Breitheamh amháin fara giúiré | 8 gcuaird agus Cúirt Chuarda amháin ar a laghad ina suí i ngach contae |
| An Ard-Chúirt | Tugtar an Phríomh-Chúirt Choiriúil ar an Ard-Chúirt nuair a bhíonn cásanna coiriúla, atá lasmuigh de dhlínse na Cúirte Cuarda, á dtriail inti – mar shampla, cásanna dúnmharaithe, éignithe agus ionsaithe ghnéasaigh thromchúisigh | Breitheamh amháin fara giúiré | Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath agus láithreacha taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath ó thráth go chéile |

| An Chúirt | Cásanna coiriúla a éistear | Cé a éisteann iad | Láthair |
|---|---|---|---|
| An Chúirt Choiriúil Speisialta (arna cur ar bun sa bhliain 1972) | Cionta sonraithe, a bhaineann le sceimh-litheoireacht agus le coireacht 'eagraithe' thromchúiseach den chuid is mó | Triúr breithiúna, gan aon ghiúiré | Na Cúirteanna Breithiúnais Coir-iúla i mBaile Átha Cliath |
| An Chúirt Achomhairc Choiriúil | Achomhairc ón gCúirt Chuarda, ón bPríomh-Chúirt Choiriúil agus ó na Cúirteanna Coiriúla Speisialta<br><br>Is breitheanna críoch-naitheacha iad na breith-eanna, mura mbíonn ponc dlí a ngabhann leas poiblí eisceachtúil leis i gceist leo | Triúr breithiúna, gan aon ghiúiré | Na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla i mBaile Átha Cliath |

| An Chúirt | Cásanna coiriúla a éistear | Cé a éisteann iad | Láthair |
|---|---|---|---|
| An Chúirt Uachtarach | Achomhairc ón gCúirt Achomhairc Choiriúil más rud é gur deimhin leis an gCúirt Uachtarach:<br>- Gur breith í lena ngabhann ní a bhfuil tábhacht phoiblí ghinearálta leis, nó<br>- Gur gá, ar mhaithe leis an gceartas, achomharc chun na Cúirte Uachtaraí a bheith ann (Airteagal 34.5.3 den Bhunreacht) | Triúr breithiúna nó, i gcorr-chás, cúigear breithiúna, den Chúirt Uachtarach | Na Ceithre Chúirt i mBaile Átha Cliath |

# Roinn 6
# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP)

Nuair a thuairiscíonn tú coir thromchúiseach, déanfaidh na Gardaí imscrúdú uirthi agus seolfaidh siad comhad chuig Oifig an SIP. Léifimid an comhad lena fheiceáil an bhfuil dóthain fianaise ann chun duine a ionchúiseamh sa chion. Déanfaimid measúnú, freisin, an le leas an phobail é an cás a thabhairt os comhair na cúirte. Más rud é gur le leas an phobail é, déanfaimid cinneadh i dtaobh na gcúiseamh.

**Cinneadh a dhéanamh faoi ionchúiseamh**

Cinneadh tromchúiseach is ea an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh. Féadfaidh tionchar marthanach a bheith aige ar íospartach na coire agus ar an gcúisí araon. Maidir le cásanna tromchúiseacha (mar shampla, dúnmharú, cionta gnéasacha nó timpistí marfacha bóthair), ní fhéadfaidh aon duine ach an SIP, nó duine dár ndlíodóirí, cinneadh a dhéanamh cé acu a dhéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar.

I gcás coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, féadfaidh an Garda Síochána a chinneadh ionchúiseamh a dhéanamh. Mar sin féin, is in ainm an SIP a thionscnaítear an t-ionchúiseamh sin, agus tá sé de cheart ag an SIP a insint don Gharda Síochána conas ba cheart déileáil leis an gcás.

Gníomhaíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí as a stuaim féin agus cinneadh á dhéanamh aici cé acu a dhéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Ciallaíonn sé sin nach féidir le duine ná dream ar bith, an Rialtas agus an Garda Síochána san áireamh, a rá linn cás a thabhairt ar aghaidh nó gan é a thabhairt ar aghaidh.

Inseoidh na Gardaí duit cé acu a dhéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar.

**Cad a tharlóidh má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh?**

Má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh, tabharfaimid achoimre duit ar na cúiseanna a bhí lenár gcinneadh, má iarrann tú í. Ní foláir duit d'iarratas ar na cúiseanna a sheoladh laistigh de 28 lá ón dáta ar a gcuirfear ar an eolas thú faoin gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Féadfaidh tú achoimre ar na cúiseanna a iarraidh orainn:

- má rinneadh coir i do choinne; *nó*
- más duine de theaghlach íospartaigh i gcás marfach thú; *nó*
- más tuismitheoir nó caomhnóir íospartaigh faoi bhun 18 mbliana d'aois thú

agus má rinneadh an cinneadh i do chás-sa ar an 16 Samhain 2015 nó dá éis.

D'fhéadfadh sé tarlú corruair nach mbeimid ábalta achoimre ar na cúiseanna a thabhairt mar gheall ar shaincheist dhlíthiúil. Má tharlaíonn a leithéid, míneoimid é sin duit.

**An féidir cinntí ionchúisimh a athbhreithniú?**

Is féidir. Más íospartach thú, nó más duine de theaghlach íospartaigh a cailleadh thú, agus más rud é nach bhfuil tú sásta leis an achoimre ar na cúiseanna a bhí lenár gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, féadann tú iarraidh orainn athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcinneadh. De ghnáth, is dlíodóir nach raibh baint acu leis an mbunchinneadh a thabharfaidh faoin athbhreithniú.

Más rud é gur iarr tú chúis a bhí lenár gcinneadh orainn, ansin ní foláir d'iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 28 lá ó dháta na litreach inar cuireadh an chúis a bhí leis an gcinneadh gan do chás a thabhairt ar aghaidh in iúl duit.

Murar iarr tú cúis a bhí lenár gcinneadh orainn, fós fein tig leat athbhreithniú a iarraidh orainn. Má dhéanann tú é sin, ní foláir duit d'iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 56 lá (8 seachtaine) ón dáta ar a gcuirfear ar an eolas thú faoin gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Féadfaidh an SIP cur leis na teorainneacha ama sin i gcorrchás. Déanfaidh sí sin má bhíonn cúis mhaith leis agus má bhíonn sé ar mhaithe leis an gceart-as, agus sna cásanna sin amháin.

**Cén chaoi a n-iarraim cúiseanna nó athbhreithnithe?**

Ní mór gach iarratas ar chúiseanna nó ar athbhreithnithe a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór iad a dhéanamh laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos. Tá tuilleadh eolais le fáil inár mbileog eolais **Conas Cúiseanna agus Athbhreithnithe a Iarraidh** ar ár suíomh gréasáin, ***www.dppireland.ie***. Is ceart iarratais a sheoladh chuig:

An tAonad Idirchaidrimh d'Íospartaigh
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Bóthar na hOtharlainne
Baile Átha Cliath 7
D07 FHN8.

**Cad a tharlóidh má chinnimid ionchúiseamh a dhéanamh?**

Má chinnimid ionchúiseamh a dhéanamh, inseoidh na Gardaí duit faoin gcinn-eadh sin. Lena chois sin, cuirfidh na Gardaí ar an eolas thú faoin am agus faoin áit a mbeidh an cás cúirte ar siúl.

**Cá háit a n-éistear cásanna ionchúisimh?**

Éistear na cásanna is tromchúisí:

- sa Phríomh-Chúirt Choiriúil;
- sa Chúirt Choiriúil Chuarda; nó
- sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Sna cásanna sin, déanfaidh dlíodóir a bheidh ag feidhmiú thar ceann an SIP an cás a ionchúiseamh sa chúirt.

Éistear cásanna nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna sa Chúirt Dúiche. Sna cásanna sin, déanfaidh na Gardaí nó dlíodóir a bheidh ag feidhmiú thar ceann an SIP an cás a ionchúiseamh.

Is féidir leat tuilleadh a léamh faoi na cúirteanna éagsúla sa chaibidil roimhe seo sa Chairt a phléann leis an tSeirbhís Chúirteanna.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP)?

**Más íospartach thú, is féidir leat iarraidh orainn:**

- do chuid tuairimí a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh againn cé acu a dhéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar;
- achoimre ar na cúiseanna a thabhairt duit má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh (i gcásanna ina ndéantar an cinneadh ar an 16 Samhain 2015 nó dá éis – is ansin a tháinig Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh i bhfeidhm);
- athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**Más íospartach i gcás marfach duine de do theaghlach, is féidir leat iarraidh orainn:**

- an fáth ar chinneamar gan ionchúiseamh a dhéanamh a insint duit, más féidir.
- athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**Más finné thú, féadfaidh tú a bheith ag súil leis an méid seo a leanas uainn:**

- go gcaithfimid leat le meas agus ar bhealach gairmiúil, neamh-idirdheal-aitheach agus neamhchlaonta;
- go gcuirfimid do chás pearsanta, do chearta agus do dhínit san áireamh;
- go n-oibreoimid leis na Gardaí lena chinntiú go gcoinneofar ar an eolas thú faoi do chás;

- go ndéanfaimid iarratas chun na cúirte á iarraidh go dtabharfar cead duit úsáid a bhaint as nasc físe nó as áiseanna speisialta eile in imthosca áirithe nuair a bheidh d'fhianaise á tabhairt agat; agus
- go ndéanfaimid socrú ionas gur féidir leat labhairt leis an abhcóide agus leis an aturnae ionchúisimh sula gcuirtear tús leis an gcás cúirte, más mian leat. Míneoidh siadsan duit cad a tharlóidh sa chúirt, ach ní féidir leo labhairt leat faoin bhfianaise a thabharfaidh tú.

**Má cuireadh pianbhreith ar an gcúisí, is féidir linn:**

- iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Choiriúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bpianbhreith má cheapaimid go bhfuil an phianbhreith róthrócaireach — is é sin le rá go bhfuil an phianbhreith chomh héadrom sin go bhfuil sí mí-cheart de réir dlí. Is féidir linn athbhreithniú ar phianbhreitheanna ón bPríomh-Chúirt Choiriúil, ón gCúirt Choiriúil Chuarda agus ón gCúirt Choiriúil Speisialta a iarraidh. Ní féidir linn pianbhreith ón gCúirt Dúiche a achomharc.

**Má rinneadh an cúisí a éigiontú (cinneadh iad a bheith neamhchiontach), is féidir linn:**

- cinneadh an bhreithimh a achomharc, in imthosca fíortheoranta agus iontusan amháin;
- do chuid tuairimí a chur san áireamh agus achomharc á bhreithniú.

Ní féidir linn éigiontú ón gCúirt Dúiche a achomharc.

Is féidir leat níos mó a léamh faoi na cineálacha éagsúla achomharc agus faoina dtiteann amach ag na héisteachtaí achomhairc sin ar ár suíomh gréasáin, *https://www.dppireland.ie/ga/victims-witnesses/appeals-information*.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach raibh an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a

dhéanamh faoinár seirbhís, is féidir leat dul i dteagmháil linn ar na bealaí thíos:

| **Sonraí teagmhála** | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí<br>Bóthar na hOtharlainne<br>Baile Átha Cliath<br>D07 FHN8 |
| **Uimhir theil.:** | 01-858 8500 |
| **Facs:** | 01-642 7406 |

Féach ar an rannán 'Foilseacháin' ar ár suíomh gréasáin *https://www.dppireland.ie/ga/publications/information-for-the-public* chun leabhráin eolais (i nGaeilge neamhchasta) a fháil faoin méid seo a leanas:

- Ról an SIP
- Ag Dul chun na cúirte mar fhinné
- Conas a dhéanaimid cinntí faoi ionchúisimh
- Conas cúiseanna agus athbhreithnithe a iarraidh
- Ráiteas Tionchair Íospartaigh a dhéanamh
- Ag eisiúint mo chuid taifead comhairleoireachta
- Cad is achomharc i gcoinne róthrócaire ann?
- Cad is achomharc i gcoinne rianbhreithe ann?
- Cad is achomharc i gcoinne ciontaithe ann?

# Roinn 7
# An tSeirbhís Príosún

## Ról na Seirbhíse Príosún

Déanann an tSeirbhís Príosún bainistíocht ar phríosúin na hÉireann.

Clúdaíonn ár ról na seacht gcatagóir seo a leanas:

1. Príosúin
2. Athshlánú
3. Loghadh pianbhreithe
4. Scaoileadh saor as príosún
5. Ciontóirí gnéis
6. Scaoileadh sealadach

Tugtar míniú gearr thíos ar na seacht gcatagóir sin.

**1. Príosúin**

Cuirimid coimeád slán sábháilte ar fáil do dhaoine a chuirtear chun príosúin tar éis a bheith os comhair na cúirte. Tá idir phríosúin ardslándála agus phríosúin oscailte (ina bhfuil leibhéil níos ísle slándála) ann. Cuirtear gach príosúnach sa phríosún cuí, ag brath ar an gcion, ar fhad na pianbhreithe nach mór dó/di a chur isteach agus ar mhéid a riosca. Tá tuilleadh eolais faoi phríosúin agus áiteanna coinneála in Éirinn sa rannán dar teideal 'Do threoir maidir le príosúin agus áiteanna coinneála' atá ag deireadh na roinne seo.

**2. Athshlánú**

Tá sé de chuspóir againn ciontóirí a athshlánú ionas nach ndéanfaidh siad cion eile nuair a scaoiltear saor as an bpríosún iad. Pléann seirbhísí athshlánúcháin le saincheisteanna as a bhféadfadh iompar ciontaithe teacht, mar shampla, andúil i ndrugaí agus san alcól; easpa oideachais agus oiliúna; láimhseáil feirge; agus féinbhainistíocht.

Spreagann sé sin forbairt phearsanta na bpríosúnach agus ullmhaíonn sé iad le haghaidh lá a saortha nuair a bheidh orthu socrú isteach sa phobal athuair.

**3. Loghadh pianbhreithe**

Tá na príosúnaigh uile ar a gcuirtear pianbhreith lena mbaineann loghadh go huathoibríoch i dteideal, faoin dlí, go loghfaí a bpianbhreith ar bhonn a ndea-iompair, loghadh arb ionann é agus aon cheathrú den phianbhreith (ciallaíonn an téarma “loghadh” sa chás seo laghdú ar fhad na pianbhreithe príosúnachta). Cuireann breithiúna an méid sin san áireamh tráth pianbhreith a chur ar dhuine.

Lena chois sin, féadfaidh na príosúnaigh uile den sórt sin a ghlac páirt i ngníomhaíocht údaraithe tréimhse loghtha fheabhsaithe a iarraidh, is tréimhse atá níos mó ná an ceathrú cuid dá bpianbhreith ach nach bhfuil níos mó ná an tríú cuid di. Níltear i dteideal loghadh feabhsaithe go huathoibríoch, áfach.

Ar na príosúnaigh nach bhfuil i dteideal loghadh tá siadsan a bhfuil pianbhreitheanna saoil á gcur isteach acu.

Níl aon dáta saortha socraithe ag príosúnaigh a bhfuil pianbhreitheanna saoil á gcur isteach acu agus is le ceadú an Bhoird Parúil amháin a scaoiltear saor iad.

**4. Scaoileadh saor as príosún**

Is gnách go scaoiltear ciontóirí saor as an bpríosún nuair a chríochnaíonn siad a bpianbhreith, nuair a scaoiltear saor ar parúl iad, nó nuair a fhaomhtar iad le haghaidh scaoileadh sealadach. Maidir le príosúnach ar gearradh príosúnacht saoil air/uirthi agus a scaoiltear saor as an bpríosún é/í, beidh sé/sí faoi réir coinníollacha áirithe ar feadh a s(h)aoil, lena n-áirítear maoirseacht na Seirbhíse Promhaidh agus coinníollacha eile atá ann chun an pobal a chosaint. Mura

leanann sé/sí na coinníollacha sin, d’fhéadfadh sé go mbeadh ar an bpríosúnach dul ar ais sa phríosún.

Féadfar príosúnaigh a scaoileadh saor mar thoradh ar achomharc nó ar phróiseas dlíthiúil eile. I gcásanna áirithe, féadfar duine atá faoi choimeád, atá ag fanacht lena t(h)riail agus nár ciontaíodh é/í, a scaoileadh saor faoi bhannaí, tar éis iarratas a chur chuig na cúirteanna.

**5. Ciontóirí gnéis**

Tá an uile chiontóir gnéis a scaoiltear saor as an bpríosún i ndiaidh mhí Mheán Fómhair 2001 faoi réir srianta áirithe, lena n-áirítear, ní mór dó/di an seoladh atá aige/aici i láthair na huaire a thabhairt don Gharda Síochána agus caithfidh sé/sí na Gardaí a chur ar an eolas má thagann aon athrú ar an seoladh amach anseo.

**6. Scaoileadh sealadach**

De bharr scaoileadh sealadach, táimid ábalta ciontóir a imeascadh leis an bpobal arís ar bhealach pleanáilte. Tá siad seo a leanas i measc na socruithe a ghabhann le scaoileadh sealadach:

- scaoileadh faoi mhaoirseacht dhíreach na Seirbhíse Promhaidh;
- scaoileadh faoin Scéim um Fhilleadh ar an bPobal nó faoin Scéim Tacaíochta Pobail;
- scaoileadh ar mhaithe le fostaíocht nó cláir oiliúna;
- scaoileadh atruach de thairbhe drochshláinte nó cúinsí teaghlaigh; nó
- scaoileadh ar mhaithe le cuidiú leis an gciontóir athimeascadh nuair atá sé/sí ag tarraingt ar dheireadh a p(h)ianbhreithe.

Is iomaí toisc a chuirimid san áireamh tráth príosúnaigh a bhreithniú le haghaidh scaoileadh sealadach, lena n-áirítear: an gcuirfí an pobal agus a n-íospartach i mbaol de dheasca a scaoilte? Nuair a scaoilimid

ciontóir go sealadach, déanaimid iarracht a chinntiú nach dtiocfaidh siad i dteagmháil le híospartach a c(h)oire.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón tSeirbhís Príosún?

**Ár misean** – coimeád slán sábháilte, dínit chúraim agus athshlánú a sholáthar do phríosúnaigh ar mhaithe le pobail níos sábháilte.

**Ár bhfís** – pobail a dhéanamh níos sábháilte trí shármhaitheas i seirbhís príosún atá bunaithe ar mheas ar dhínit an duine.

Is seirbhís dheonach faoi dhianrún í **an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh**. Más áil leat eolas a fháil **faoi chiontóir a bhfuil pianbhreith á cur isteach aige/aici faoi láthair mar gheall ar chion i do choinnese**, is féidir leat liostáil sa tseirbhís ach teagmháil a dhéanamh linn. Ina dhiaidh sin, déanfaimid d'ainm agus do shonraí teagmhála a chlárú agus beidh tú i 'd'íospartach cláraithe' leis an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Ní bhíonn feidhm leis an tseirbhís ach ar feadh an tseala ina mbíonn an ciontóir faoi choimeád; bíonn deireadh léi nuair a scaoiltear an ciontóir saor.

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- déanfaimid iarracht ciontóirí a dhaortar chun príosúin a athshlánú ionas nach mbeidh daoine eile thíos lena gcoireanna;
- déanfaimid cinnte de go gcuirfimid an baol duitse (más ann) san áireamh san uile chás a bhaineann le scaoileadh sealadach;
- déanfaimid cinnte de go ndéanfar gach iarracht gan ligean do chiontóir sa phríosún cur isteach ar íospartaigh athuair.

**Bunaithe ar a n-iarratas, tabharfaimid an t-eolas seo a leanas d'íospartaigh chláraithe (íospartaigh atá cláraithe lenár Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh) freisin.**

**Inseoimid an méid seo a leanas duit:**

- an tráth a scaoilfear an ciontóir saor as an bpríosún (i gcás scaoileadh sealadach **nó** dheireadh a p(h)ianbhreithe) **má** d'iarr tú féin nó duine de do theaghlach an t-eolas sin;
- má ordaíonn an Chúirt an scaoileadh (is gnách linn é sin a dhéanamh **tar éis** an scaoilte);
- aon choinníollacha scaoilte nó saortha;
- eolas faoi aon athruithe ábhartha eile ar phianbhreith an phríosúnaigh **má** iarrann tú é. (Áirítear leis na hathruithe sin aistrithe idir príosúin nó éisteachtaí leis an mBord Parúil (do phríosúnaigh ar gearradh téarma príosúin 12 bhliain nó níos mó orthu);
- má d'éalaigh an príosúnach as coimeád;
- má fhaigheann an príosúnach bás le linn dó/di a bheith faoi choimeád nó le linn dó/di a bheith scaoilte go sealadach.

**Cuirfimid an Garda Síochána ar an eolas freisin faoi scaoileadh saor ciontóirí gnéis**

Más maith leatsa nó le duine de do theaghlach nó le tríú páirtí atá ag gníomhú ar do shon **clárú lenár Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** ar mhaithe le bheith ar an eolas faoi athruithe suntasacha ar chás príosúnaigh ar leith, déan teagmháil leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh de chuid na Seirbhíse Príosún. Tá na sonraí teagmhála le fáil thíos.

Má bhíonn aon cheist agat faoi Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus tú i d'íospartach cláraithe, tig leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh ar na bealaí seo a leanas:

An tOifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh,
Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann,
Páirc Ghnó GFT, Bóthar Bhéal Átha na Lao,
Contae an Longfoirt.

**Guthán:** (043) 333 5100

**Ríomhphost:** vlo@irishprisons.ie **Suíomh gréasáin:** www.irishprisons.ie

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más maith leat gearán a dhéanamh faoi aon ghné dár seirbhís, níl le déanamh agat ach an gearán a chur i scríbhinn agus é a chur chuig an seoladh seo a leanas:

| Sonraí teagmhála | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An Príomhoifigeach Cúnta,<br>An tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh,<br>Ceanncheathrú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann,<br>Páirc Ghnó GFT, Bóthar Bhéal Átha na Lao,<br>Contae an Longfoirt. |
| **Guthán:** | 043-333 5100 |
| **Ríomhphost:** | info@irishprisons.ie |

**Do threoir maidir le príosúin agus áiteanna coinneála**

Déanaimid ár ndícheall príosúnaigh a chur in institiúid atá chomh gar agus is féidir dá mbaile, ionas gur féidir lena ndaoine muinteartha agus lena gcairde cuairt a thabhairt orthu. Níltear ábalta é sin a dhéanamh i gcónaí, áfach: má tá baol ann go bhféadfadh príosúnach an pobal a chur i mbaol, ní mór é/í a choinneáil i bpríosún ardslándála. Is ionann príosún cimithe agus príosún ar féidir le cúirt duine a chur ann go díreach. Féadfaidh an tSeirbhís Príosún príosúnaigh a aistriú ó phríosún cimithe go dtí príosúin nó institiúidí eile.

Tá tuilleadh eolais faoi Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar fáil ar www.irishprisons.ie agus tá liosta dár bpríosúin sa tábla seo a leanas:

| Príosún | Cineál príosúin | Láthair agus uimhir ghutháin |
|---|---|---|
| Príosún Chnoc an Arbhair | Príosún dúnta meánslándála d'fhir fhásta. Príosúnaigh ar cuireadh pianbhreith fhadtéarmach orthu agus ciontóirí gnéis atá ann den chuid is mó. | Cnoc an Arbhair<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07YV40<br>01-472 4000 |
| Príosún an Chaisleáin Riabhaigh | Príosún dúnta meánslándála d'fhir fhásta. Is é an príosún cimithe é do phríosúnaigh atá ar athchur agus do phríosúnaigh a gcuirtear pianbhreith orthu i gCúige Chonnacht agus glacann sé le príosúnaigh a chimítear i gcontaetha an Chabháin, Dhún na nGall agus an Longfoirt fosta. | Cluain Salach<br>An Caisleán Riabhach<br>Contae Ros Comáin<br>F45X330<br>094-962 5213 |
| Príosún Chnoc na Seamar | Príosún dúnta meánslándála d'fhir fhásta, a fhreastalaíonn go príomha ar phríosúnaigh atá ar athchur a gcimítear i gceantar Chúige Laighean iad. | Bóthar Chnoc na Seamar<br>Cluain Dolcáin<br>Baile Átha Cliath 22<br>D22WC84<br>01-630 4580 |
| Príosún Chorcaí | Príosún dúnta meánslándála d'fhir fhásta. Is é an príosún cimithe é do chontaetha Chorcaí, Chiarraí agus Phort Láirge. | Bóthar na Rátha Móire<br>Cathair Chorcaí<br>T23Y642<br>021-238 8000 |
| Ionad Dóchas | Príosún dúnta meánslándála do mhná fásta. Is é an príosún cimithe é do mhná a gcuireann aon Chúirt lasmuigh de cheantar na Mumhan chun príosúin ar athchur iad nó do mhná a ngearrann aon Chúirt | An Cuarbhóthar Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07YC97<br>01-885 8987 |

| Príosún | Cineál príosúin | Láthair agus uimhir ghutháin |
|---|---|---|
| | lasmuigh de cheantar na Mumhan pianbhreith orthu. | |
| Príosún Luimnigh | Príosún dúnta meánslándála d’fhir agus do mhná fásta. Is é an príosún cimithe é do Chontae an Chláir, do Chontae Luimnigh agus do Chontae Thiobraid Árann (fir) agus do na sé chontae i gCúige Mumhan (mná). | Sráid Mulgrave<br>Luimneach<br>V94P8N1<br>061-204700 |
| Teach an Locháin | Príosún oscailte ísealslándála d’fhir fhásta a mbíonn leibhéil slándála níos ísle ag teastáil faoina gcoinne. | Ionad Oscailte<br>An Blaic<br>Contae an Chabháin<br>F91NY76<br>071-983 6021 |
| Príosún Lár na Tíre | Príosún dúnta meánslándála d’fhir fhásta. Is é an príosún cimithe é do chontaetha Cheatharlach, Chill Dara, Chill Chainnigh, Laoise, Uíbh Fhailí agus na hIarmhí. Is é an príomhphríosún faoi choinne ciontóirí gnéis leis. | Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Contae Laoise<br>R32F796<br>057-867 2110 nó 057-867 2100 |
| Príosún Mhuinseo | Príosún dúnta meánslándála d’fhir fhásta. Is é an príomhphríosún cimithe é do Chathair agus do Chontae Bhaile Átha Cliath. | An Cuarbhóthar Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07YC97<br>01-806 2800 |
| Príosún Phort Laoise | Príosún dúnta ardslándála d’fhir fhásta. Is é an príosún cimithe é dóibh siúd a n-athchuireann an Cúirt Choiriúil Speisialta faoi choimeád iad. I measc na bpríosúnach atá ann | Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Contae Laoise<br>R32KN97 |

| Príosún | Cineál príosúin | Láthair agus uimhir ghutháin |
|---|---|---|
| | tá fir a bhfuil baint acu le coireacht threascrach. | 057-868 1300 |
| Mainistir Shelton | Príosún oscailte ísealslándála d'fhir fhásta a mbíonn leibhéil slándála níos ísle ag teastáil faoina gcoinne. | An tInbhear Mór<br>Contae Chill Mhantáin<br>Y14T638<br>0402-42300 |
| Príosún Pháirc na Cruithneachta | Príosún dúnta meánslándála d'fhir fhásta. | Bóthar Chnoc na Seamar<br>Cluain Dolcáin<br>Baile Átha Cliath 22<br>D22Y2V5<br>01-778 9400 |

# Roinn 8
# An Bord Parúil

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord Parúil a bunaíodh i mí Iúil 2021 faoin Acht Parúil, 2019. Tagann sé in ionad an Bhoird Eatramhaigh Parúil, ar chomhlacht neamhreachtúil é.

Tugann an Bord Parúil faoina chinnteoireacht go neamhspleách, de réir na reachtaíochta. Breithníonn sé iarratais ar pharúl, san am i láthair, ó phríosúnaigh a bhfuil pianbhreitheanna saoil á gcur isteach acu agus cinneann sé cibé acu ar cheart iad a ligean amach ar parúl nó nár cheart. De réir an dlí, níor mhór go mbeadh 12 bhliain (ar a laghad) dá p(h)ianbhreith shaoil curtha isteach ag duine sular féidir parúl a dheonú dó/di.

## Ár Misean

Bord Parúil neamhspleách a chosnaíonn an pobal, a thugann cothrom na Féinne d'iarratasóirí ar pharúl, agus a éisteann le híospartaigh.

## Maidir le parúl

Bíonn parúl i gceist nuair a scaoiltear duine saor as an bpríosún faoi choinníollacha áirithe.

Más rud é go ndeonaítear parúl do dhuine, caithfidh sé/sí coinníollacha uile an ordaithe parúil a chomhlíonadh. Tá pianbhreith shaoil fós á fulaingt acu, sa phobal seachas sa phríosún. Féadfar an duine a chur ar ais sa phríosún má dhéanann sé/sí cion arís nó má sháraíonn sé/sí aon cheann de choinníollacha an ordaithe parúil.

Breithníonn an Bord Parúil anrud tosca tráth cinneadh a dhéanamh ar iarratas, lena n-áirítear:

- an baol don phobal;
- athshlánú an iarratasóra;

- cé acu atá sé cuí an duine a ligean amach ar parúl nó nach bhfuil.

De réir an dlí, níor mhór go mbeadh 12 bhliain (ar a laghad) dá p(h)ianbhreith shaoil curtha isteach ag duine sular féidir leis an mBord iarratas ar pharúl a dheonú nó a dhiúltú.

Nuair a dhéanann duine iarratas ar pharúl, féadfaidh an Bord scríobh chuig na seirbhísí ábhartha agus tuairiscí i dtaobh an iarratasóra a iarraidh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ó Sheirbhís Síceolaíochta Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, ón tSeirbhís Phromhaidh, ón nGarda Síochána, ó shíciatraí, ó shíceolaí agus ó aon fhoinse eile a mheasann an Bord a bheith cuí sa chás.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón mBord Parúil?

Seo a leanas na céimeanna atá i gceist don íospartach sa phróiseas parúil:

- Clárú leis an mBord Parúil ach an fhoirm chlárúcháin atá ar fáil ar [shuíomh gréasáin an Bhoird Parúil,](https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/37aeb-an-bord-paruil/) [https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/37aeb-an-bord-paruil/](https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/37aeb-an-bord-paruil/), a chomhlánú.
- Ina dhiaidh sin, déanfaidh an Bord Parúil teagmháil le híospartaigh chun fiafraí díobh ar mhaith leo aighneacht a dhéanamh i dtaca leis an duine a rinne iarratas chun an Bhoird go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)ianbhreith. Féadfaidh íospartach a chinneadh gan aighneacht a dhéanamh chun an Bhoird Parúil. Ní hé sin le rá nach ndeachaigh an choir i bhfeidhm air/uirthi agus tuigeann an Bord é sin.
- Tabharfaidh an Bord Parúil treoir d’íospartaigh le go mbeidh siad ábalta aighneacht a dhéanamh má chinneann siad déanamh amhlaidh.
- Féadtar aighneachtaí a dhéanamh i bpearsa nó i scríbhinn agus déanfaidh an Bord Parúil a sheacht ndícheall freastal ar íospartaigh le go mbeidh siad in ann a gcuid aighneachtaí a dhéanamh ag pé am, i pé áit agus i pé formáid a oireann dóibh.
- Tá Scéim um Chúnamh Dlíthiúil i bhfeidhm ag an mBord Parúil agus tig le híospartaigh leas a bhaint as cúnamh dlíthiúil in aisce chun cabhrú leo a n-aighneacht a dhéanamh. Is tábhachtach go mbeadh a fhios ag íospartaigh go gcuirtear aighneachtaí na n-íospartach ar fáil don iarratasóir ar pharúl mar chuid den phróiseas athbhreithnithe parúil.

Féadann oifig an Bhoird Parúil cúnamh dlíthiúil a eagrú duit nó tig leat d'ionadaí dlíthiúil féin a phiocadh. Cuir san áireamh nach n-íocfaidh an Bord leis an ionadaí dlíthiúil acu na rátaí a shonraítear faoina Scéim um Chúnamh Dlíthiúil.

- Féadtar íospartaigh a chur ar an eolas faoin toradh (má iarrann siad é) a luaithe a bhíonn cinneadh déanta ag an mBord faoin iarratas ar pharúl.

Más rud é nach bhfuil iarratas ar pharúl déanta fós ag an duine a bhfuil an phianbhreith á chur isteach aige/aici nó nach bhfuil an íostréimhse lena gceadaítear dó/di iarratas a dhéanamh curtha isteach aige/aici, féadfaidh íospartach clárú leis an mBord Parúil fós agus déanfaimid teagmháil leat má dhéanann sé/sí iarratas agus nuair a dhéanann sé/sí iarratas.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, tig leat dul i dteagmháil linn ar na bealaí thíos.

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| Seoladh: | Seomra 401<br>Foirgneamh Chéipil<br>Mainistir Mhuire<br>Baile Átha Cliath 7<br>D07 N4C6 |
| Guthán: | 003531 474 8770 nó 00353 1474 8767 |
| Ríomhphost: | info@paroleboard.gov.ie nó vlo@paroleboard.gov.ie |
| Suíomh gréasáin: | https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/37aeb-an-bord-paruil/ |

# Roinn 9
# Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

## Ról Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh

**Ár misean** – a chinntiú go dtugtar tacaíocht do dhaoine óga atá á gcoinneáil i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh ionas go dtabharfaidh siad droim láimhe d'iompar ciontaithe agus go gcuirfidh siad leis an tsochaí ar bhealach níos dearfaí.

**Ár bhfís** – cúram sábháilte, slán agus cuí a chur ar fáil do dhaoine óga d'fhonn freastal ar a riachtanais sláinte agus oideachais, tacú leo aghaidh a thabhairt ar a n-iompar ciontaithe agus iad a ullmhú le filleadh ar a dteaghlaigh agus a bpobail nuair a scaoiltear saor as coinneáil iad.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ó Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh?

Tionscnaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, i mí na Samhna 2017. Faoin Acht sin, tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh tiomanta do chomhlíonadh a fhreagrachtaí, mar a leagtar amach i gCuid 2 den Acht. Tig le híospartaigh na coireachta clárú le Baile an Oibricigh dá ndeoin féin. Is féidir é sin a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin: www.oberstown.com.

Tá íospartach cláraithe i dteideal eolas a iarraidh faoi thréimhsí neamhláithreachta beartaithe an chiontóra.

*(Ciallaíonn 'íospartach':*

*- duine a d'fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil, mheabhrach nó mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, arbh é cion coiriúil ba chúis leis nó léi go díreach;*

*- daoine de theaghlach duine a fuair bás de bharr cion coiriúil go díreach agus a d'fhulaing díobháil mar thoradh ar bhás an duine sin. (Ní áirítear leis sin daoine de theaghlach a cúisíodh sa bhás nó atá faoi imscrúdú i ndáil leis an mbás.)*

*Is as an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, alt 2(1) agus alt 2(2), a thógtar an sainmhíniú sin.*

Áirítear le neamhláithreachtaí beartaithe scaoileadh, aistriú, saoradh [scaoileadh] luath agus tréimhsí saoire sealadaí le linn an Ordaithe Coinneála. Tugtar míniú ar na neamhláithreachtaí sin thíos. Agus tú i d'íospartach, tig leat (más mian leat) duine a ainmniú, duine a dtabharfar an t-eolas dó/di ar do shon. Tá an tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh de chuid Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh faoi dhianrún.

**Neamhláithreachtaí beartaithe**

Tacaíonn Acht na Leanaí, 2001, arna leasú (an tAcht), le hath-imeascadh daoine óga faoi choinneáil lena bpobail agus leis an tsochaí.

De dheasca na n-alt seo a leanas den Acht, tig le daoine óga a bheith as láthair ón gcampas coinneála ar bhonn beartaithe le go dtacófaí lena n-athimeascadh agus le go bhfreastalófaí ar riachtanais shonracha an aosa óig:

**Alt 155**

Nuair a shroicheann duine óg 18 mbliana d'aois, féadfaidh an Stiúrthóir iarraidh ar an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a (h)aistriú chuig Seirbhís Phríosúin na hÉireann a údarú, tar éis tréimhse choinneála a bheith curtha isteach aige/aici i scoil Bhaile an Oibricigh a chéaduair.

**Alt 200 — Cóireáil leighis a sholáthar**

De bharr an ailt sin, táthar ábalta daoine óga a thabhairt as an láthair chun cúram leighis nó cóireáil leighis a fháil mura féidir leo an cúram

nó an chóireáil sin a fháil sa scoil choinneála. Meastar go bhfuil an leanbh i gcoimeád dleathach fad a bhíonn sé/sí lasmuigh den láthair chun an cúram/an chóireáil sin a fháil.

**Alt 202 — Neamhláithreacht le cead**

Is ionann neamhláithreacht le cead faoi alt 202 agus gluaiseacht aonuaire lasmuigh den champas in imthosca eisceachtúla, mar shampla, le gur féidir le ciontóir freastal ar thórramh garghaoil nó cuairt a thabhairt ar ghaol atá an-tinn. Féadfaidh an ciontóir dul leis féin nó féadfaidh foireann dul ina t(h)eannta.

**Alt 203 — Neamhláithreachtaí eile le cead**

Maidir le neamhláithreachtaí faoi alt 203, féadfar cead a thabhairt do leanbh a bheith as láthair ón gcampas uair amháin nó ar bhonn athfhillteach, gan foireann ina t(h)eannta, le go mbeidh sé/sí in ann freastal ar ionad oiliúna, dul i mbun taithí oibre, nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht áineasa nó spóirt.

**Alt 204 — Turais soghluaisteachta**

Is ionann neamhláithreachtaí faoi alt 204 agus neamhláithreachtaí údaraithe ó scoil choinneála leanaí ar mhaithe le cabhrú leis an duine óg ath-imeascadh leis an tsochaí. Bíonn an duine óg faoi mhaoirseacht fhoireann Bhaile an Oibricigh le linn neamhláithreachtaí údaraithe den saghas sin.

**Alt 205 — Saoire shealadach**

Féadfar, de réir mar is rogha le Stiúrthóir Bhaile an Oibricigh, saoire shealadach a dheonú do dhuine óg. Ní bhíonn feidhm aici le linn na chéad mhíosa d’ordú coinneála, agus féadfar í a chur ar fionraí má mheastar nach chun leas an duine óig ná chun leas na sochaí i gcoitinne í. Tugtar míniú san alt seo a leanas ar na coinníollacha a ghabhann leis an tsaoire sin.

**Alt 206 — Na coinníollacha maidir le saoire shealadach a dheonú**

Níor mhór go mbeadh an duine óg atá ar saoire shealadach faoi mhaoirseacht tuismitheora nó caomhnóra aitheanta, nó duine fhreagraigh eile, ar feadh thréimhse na saoire sealadaí. Féadfaidh an duine óg a bheith as láthair ón scoil choinneála ar feadh oíche amháin nó níos mó. Caithfidh an tuismitheoir, an caomhnóir nó an duine freagrach eile a ghealladh go ndéanfaidh sé/sí maoirseacht ar an duine óg. Lena chois sin, níor mhór go gcloífí leis na coinníollacha cónaitheachta, leis na coinníollacha cuirfiú agus le haon choinníollacha sonracha eile a luafar.

**Alt 207 — Maoirseacht sa phobal**

Féadtar duine óg a chur ar socrúchán sa phobal faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh, tar éis dul i mbun comhairliúcháin agus teacht ar chomhaontú ina leith. Níor mhór go ndéanfadh tuismitheoirí nó caomhnóirí maoirseacht iomlán ar an duine óg. Ina theannta sin, caithfidh an duine óg freastal ar scoil nó ar chlár oiliúna. Féadfar an socrúchán sa phobal a chealú má táthar imníoch faoi leas agus cosaint leanaí, nó mura bhfuil coinníollacha na maoirseachta á gcomhlíonadh.

**Alt 210 — Saoradh Luath**

Féadfar duine óg a scaoileadh saor as coinneáil 24 uair an chloig roimh dháta a scaoilte. Má bhíonn an dáta scaoilte ar an Satharn, ar an Domhnach nó ar lá saoire bainc, féadfar é/í a ligean saor ar an lá oibre is gaire.

**Alt 211 — Ordú chun duine óg a thabhairt ar aird**

Gur gá duine óg a bheith i láthair ar mhaithe leis an gceartas, mar shampla, chun freastal ar an gcúirt, nó le haghaidh ionchoisne nó fiosrúcháin.

**Alt 215 — Éalú**

Éalaíonn duine óg agus é/í á (h)iompar chuig an ionad nó ón ionad nó bíonn sé/sí as láthair gan chead ar shlí eile.

**Achomharc**

Má cheadaíonn Cúirt Dúiche cead achomhairc nó ar threoir ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Achomhairc, féadfar duine óg a scaoileadh saor ar bheagán fógra nó gan aon fhógra. Déanfaidh Baile an Oibricigh a sheacht ndícheall íospartach, nó a (h)ionadaí, a chur ar an eolas a luaithe is féidir.

**Bás**

Má fhaigheann an duine óg bás le linn dó/di a bheith faoi choinneáil nó le linn dó/di a bheith scaoilte go sealadach.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Má bhíonn aon **cheist** agat — agus tú i d'íospartach cláraithe — faoin tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh, tig leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh d'Íospartaigh ar na bealaí seo a shonraítear thíos.

| Sonraí teagmhála | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An tSeirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh,<br>Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh<br>Lusca<br>Contae Bhaile Átha Cliath<br>K45 AY66 |
| **Guthán:** | (01) 852 6400 |
| **Ríomhphost:** | vl@oberstown.com |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.oberstown.com |

Má tá **gearán** agat — agus tú i d'íospartach cláraithe — faoi obair na Seirbhíse Idirchaidrimh d'Íospartaigh, féadann tú ríomhphost a scríobh, nó a chur, chuig an seoladh thíos. Tig leat scairt a chur fosta.

| Sonraí teagmhála | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An Stiúrthóir<br>Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh<br>Lusca<br>Contae Bhaile Átha Cliath<br>K45 AY66 |
| **Guthán:** | 01-852 6400 |
| **Ríomhphost:** | info@oberstown.com |

# Roinn 10
# An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar

## Ról an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar

Is seirbhís náisiúnta í an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí i bPort Reachrann. Is cuid de Sheirbhís Meabhairshláinte Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte í.

Cuireann an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar seirbhísí meabhairshláinte ar fáil d'othair a chuirtear chuig lárionad ainmnithe faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006 i gcás go gcinneann na cúirteanna nach bhfuil siad in dul faoi thriail nó i gcás go bhfuil siad neamhchiontach i gcion de dheasca gealtachta. Tugtar míniú ar an téarma 'neamhchiontach de dheasca gealtachta', agus ar théarmaí eile, ag deireadh na roinne seo.

Ina theannta sin, soláthraíonn an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar measúnú agus cóireáil mheabhairshláinte do na príosúnaigh sin óna dteastaíonn cóireáil mheabhairshláinte ar bhonn othar cónaitheach. Cuirimid an chóireáil sin ar fáil in áis shábháilte mheabhairshláinte d'othair chónaitheacha.

Tá sé de chuspóir ag an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar cláir chúraim aonair a chur ar fáil don uile othar, bunaithe ar a riachtanais arna measúnú. Ciallaítear leis sin go mbíonn rochtain ag gach othar ar lear gairmithe meabhairshláinte, lena n-áirítear altraí, síciatraithe, síceolaithe, oibrithe sóisialta agus teiripeoirí saothair a oibríonn leis an othar chun an oiread téarnaimh agus is féidir a bhaint amach dó/di.

**Sainmhínithe:**

**Neamhchiontach de dheasca Gealtachta — fíorasc speisialta: (Alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006)**

Cásanna ina ndéantar duine cúisithe a thriail i leith ciona agus, tar éis do shíciatraithe fianaise a thabhairt, faigheann an giúiré amach go raibh meabhairghalar ar an duine an tráth a rinne sé/sí an cion agus, mar thoradh ar a m(h)eabhairghalar:

- níor thuig sé/sí cineál agus cáilíocht an chiona,
- níor thuig sé/sí go raibh an rud a bhí á dhéanamh aige/aici mícheart, nó
- ní raibh sé/sí in ann staonadh ón gcion a dhéanamh (an cion a stopadh).

Féadfar duine a fhaightear 'Neamhchiontach de dheasca Gealtachta' a choinneáil i lárionad ainmnithe go dtí go gcinneann an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) gur chóir é/í a scaoileadh saor.

**Oiriúnacht chun Dul faoi Thriail: (Alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006)**

**Saoire (Alt 14 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006)**

Más rud é go bhfuil meabhairghalar ar dhuine cúisithe agus nach bhfuil sé/sí in ann dul i ngleic leis an bpróiseas dlíthiúil mar is ceart de bharr an mheabhairghalair sin, féadfar é/í a fháil 'Neamhoiriúnach chun Dul faoi Thriail'. Féadfar é/í a choinneáil i lárionad ainmnithe sa chás úd chun cóireáil a fháil agus féadfar é/í a thabhairt chun cúirte athuair má thagann biseach air/uirthi.

Tá i bhfeidhm ag an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí do na hothair clár um scaoileadh sealadach (nó 'saoire') ón lárionad ainmnithe. Faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, is féidir gach othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a mheas le haghaidh scaoileadh sealadach (saoire).

Déanann Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar maoirseacht ar an bpróiseas maidir le hiarratas a dhéanamh ar shaoire. Déanann an Fhoireann Ildisciplíneach iarratas ar shaoire chuig Painéal na Saoire, a ndéanann an Stiúrthóir Cliniciúil maoirseacht air. Má cheadaítear é,

déanann an Stiúrthóir Cliniciúil moladh don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is í an Roinn Dlí agus Cirt a dhéanann an cinneadh críochnaitheach maidir le cé acu an ndeonófar an tsaoire nó nach ndeonófar.

Tugtar míniú thíos ar na saoirí difriúla dá bhfuil ann:

***<u>Leibhéil na Saoire</u>***

- ***Saoire Leibhéal 1:*** Is éard atá i gceist leis seo saoire lasmuigh den ospidéal, in éineacht le foireann na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí. Deonaítear í le haghaidh imeacht aon uaire ar bhonn cás ar chás. D'úsáidfí an tsaoire sin ag tús an athshlánúcháin nó in imthosca eisceachtúla, mar shampla, chun freastal ar choinne leighis.

- ***Saoire Leibhéal 2:*** Saoire faoi thionlacan fhoireann na Seirbhíse Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí ar feadh cuid den lá. Tá sí mar chuid de chlár athshlánaithe leanúnaigh a dhéanann foireann cóireála an othair a phleanáil agus a mhaoirsiú. Go hiondúil is saoire í seo ar feadh cúpla uair an chloig ag an am ar bhonn leanúnach.

- ***Saoire Leibhéal 3:*** Is éard atá i gceist leis seo ná saoire lae gan tionlacan mar chuid de chlár athshlánaithe leanúnaigh. Níor cheart an tsaoire seo a cheadú go hiondúil ach amháin má bhí saoire lae rathúil in éineacht le duine eile (Leibhéal 2) thar thréimhse ama ag an othar.

- ***Saoire Leibhéal 4:*** Is saoire thar oíche í seo a cheadaítear ar bhonn cás ar chás. Níor cheart an tsaoire seo a cheadú ach amháin má bhí saoire lae rathúil gan tionlacan (Leibhéal 3) thar thréimhse ama ag an othar.

- ***Saoire Leibhéal 5:*** Is éard atá i gceist leis seo ná saoire thar oíche mar chuid de chlár athshlánaithe leanúnaigh. Ní cheadófaí an tsaoire seo ach amháin má ceadaíodh saoire thar oíche rathúil (Leibhéal 4) ar bhonn cás ar chás san am atá thart.

Is éigean don othar coinníollacha áirithe a chomhlíonadh agus saoire á glacadh aige/aici. Féadtar deireadh a chur le saoire mura gcomhlíonann an t-othar na coinníollacha nó má táthar imníoch faoi riosca.

Tá foirne ildisciplíneacha Athshlánaithe agus Téarnaimh Fhóiréinsigh atá pobalbhunaithe agus faoi stiúir comhairleora ag an tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí le tacaíocht a thabhairt d'othair agus le maoirseacht a dhéanamh ar othair, is othair a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht thacaithe agus iad ar saoire Leibhéal 4 nó Leibhéal 5 i ndiaidh a dtréimhse cónaithí.

**Urscaoileadh Coinníollach (Alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006**

Is féidir leis an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) othar a scaoileadh amach as an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar. Nuair a scaoiltear an t-othar amach, ní mór dó/di cloí le roinnt coinníollacha a bhaineann leis an méid seo a leanas: áit chónaithe; úsáid as drugaí/alcól; meabhairshláinte a chothabháil; cúinsí sóisialta; teagmháil leis an bhfoireann cóireála meabhairshláinte; agus iompar díobhálach a sheachaint. D'fhéadfadh coinníollacha ar leith a bheith i gceist freisin, is cinn a bhaineann le saincheisteanna íospartaigh.

Déanann an Fhoireann Athshlánaithe agus Téarnaimh Fhóiréinsigh maoirseacht ar na coinníollacha sin.

Tig le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar othar a thabhairt ar ais chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar mura gcomhlíonann sé/sí coinníollacha a (h)urscaoilte.

**Urscaoileadh Neamhchoinníollach (Alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006**

Is féidir leis an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (an Dlí Coiriúil) othar a scaoileadh amach as an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar go neamhchoinníollach. Ní gá don othar coinníollacha a chomhall a thuilleadh.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar?

Más íospartach tú agus más mian leat clárú linn, cuir ríomhphost chugainn le do thoil ag vlo.nfmhs@hse.ie agus tabhair sa ríomhphost sin d'ainm, sonraí teagmhála, agus ainm an othair faoinar mhaith leat eolas a fháil.

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

- a bheith gairmiúil agus cúirtéiseach
- tabharfaimid freagra ar d'iarratas go tráthúil agus go measúil
- a bheith oscailte agus macánta i gcónaí
- cosnóimid do phríobháideachas agus coinneoimid taifid chruinne ar do chaidreamh linn agus coinneoimid na taifid sin sábháilte;

**Más íospartach cláraithe tú,** is féidir linn:

- Tú a chur ar an eolas maidir le cathain a bheidh an t-othar á ligean amach as an ospidéal, bíodh sé ar bhonn saoire shealadach, urscaoileadh coinníollach nó urscaoileadh neamhchoinníollach;
- Tú a chur ar an eolas má chúlghairtear saoire shealadach nó urscaoileadh coinníollach an othair;
- Tú a chur ar an eolas faoi choinníollacha ar bith maidir le saoire nó urscaoileadh coinníollach a bhaineann leatsa, an t-íospartach, go sonrach;
- Tú a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha eile a bhaineann leis an othar (má iarrann tú an méid sin), ar nós aistriú chuig ospidéal eile, chuig an gcúirt, chuig an bpríosún nó chuig aon áit eile;
- Tú a chur ar an eolas má éalaíonn an t-othar;
- Tú a chur ar an eolas má fhaigheann an t-othar bás fad a bhíonn sé/sí á c(h)oinneáil san ospidéal, fad a bhíonn sé/sí ar saoire nó fad a bhíonn sé/sí urscaoilte go coinníollach.

Is tábhachtach a lua nach féidir linn faisnéis chliniciúil shonrach nó faisnéis phearsanta shonrach faoin othar a thabhairt.

Tá tuilleadh sonraí teagmhála le fáil ar ár suíomh gréasáin www.hse.ie/eng/national-forensic-mental-health-service-portrane/

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Má tá gearán nó aiseolas agat maidir le gné ar bith dár seirbhís, is féidir leat ríomhphost a chur chuig complaints@nfmhs.ie nó ár suíomh gréasáin, www.hse.ie/eng/national-forensic-mental-health-service-portrane/, a úsáid.

# Roinn 11
# An tSeirbhís Phromhaidh

## Ról na Seirbhíse Promhaidh

Is gníomhaireacht laistigh den Roinn Dlí agus Cirt í an tSeirbhís Promhaidh. Oibríonn sí le ciontóirí agus a dteaghlaigh chun leibhéal na coireachta a ísliú ar mhaithe le pobail níos sábháilte a chothú agus níos lú íospartach a bheith ann. Tuigeann an tSeirbhís Phromhaidh an dochar a dhéanann coireacht do dhaoine aonair, do theaghlaigh, agus do phobail. Oibríonn ár nOifigigh Phromhaidh le ciontóirí agus le teaghlaigh ar fud na tíre, agus i bpríosúin agus in ionaid choinneála freisin, ar mhaithe le tacú leo saolta níos torthúla a bheith acu, saor ón gcoireacht agus ón dochar a dhéanann sí.

Agus an obair seo á cur i gcrích againn, déanann muid:

- tuarascálacha réamhbhreithe a réiteach ar iarratas ó na Cúirteanna;
- maoirseacht struchtúrtha arna hordú ag cúirt a chur ar fáil sa phobal;
- cláir a chur i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu ciontú a laghdú;
- obair le heagraíochtaí pobalbhunaithe a bhfuil sé mar aidhm acu ciontú a laghdú;
- obair le ciontóirí sa phríosún, lena n-áirítear ciontóirí a bhfuil pianbhreith saoil á caitheamh acu, le dul i ngleic lena n-iompar ciontaithe agus le tacú le hath-imeascadh sábháilte sa phobal; agus
- freagairt d’iarratais ó íospartaigh agus ó eagraíochtaí tacaíochta íospartach.

Bainistíonn an tSeirbhís Promhaidh roinnt Orduithe Cúirte. Déantar na horduithe sin a liostú agus a mhíniú thíos.

**Ordú Promhaidh** – cuireann an Chúirt faoi mhaoirseacht oifigeach promhaidh an ciontóir ar feadh tréimhse shonrach. D’fhéadfadh roinnt coinníollacha a bheith mar chuid den Ordú Promhaidh le bac a chur ar an duine an cion céanna a dhéanamh arís nó cionta eile a dhéanamh.

I measc na gcoinníollacha seo, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist: freastal ar ionad faoi leith chun cóireáil a chur ar andúil, nó tabhairt faoi chúrsa oiliúna oideachais nó gairme. Is féidir ciontóir a chur os comhair na Cúirte arís mura sásaíonn sé/sí na coinníollacha agus is féidir pianbhreith nua a ghearradh ar an gcoir a rinneadh ar an gcéad dul síos.

**Seirbhís Pobail** – féadfaidh an Chúirt ordú a thabhairt go ndéanfaidh duine atá os cionn 16 bliana obair gan phá ar feadh idir 40 agus 240 uair an chloig. Is gá don obair sin a bheith chun leas an phobail agus is gá í a chur i gcrích taobh istigh de bhliain amháin. Socraíonn agus bainistíonn an tSeirbhís Promhaidh socrúcháin seirbhíse pobail. Mura gcuireann an duine an tseirbhís pobail i gcrích, socróidh muid é go rachaidh sé/sí ós comhair na cúirte arís.

**Maoirseacht le linn Iarchur Pionóis** – is féidir leis an gCúirt gearradh na pianbhreithe a chur ar athló (is é sin, a chur siar go dáta amach anseo) ar feadh tréimhse. Ní bhíonn níos mó ná bliain i gceist leis an tréimhse seo de ghnáth. Déantar seo le ligean don chiontóir ceisteanna a bhaineann lena c(h)ion a mheas agus smaoineamh orthu. Le linn na tréimhse seo, d'fhéadfaí go mbeadh ar an gciontóir fanacht faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh.

**Maoirseacht ar Phianbhreith ar Fionraí** – is éard atá i gceist leis seo ná nuair a chuireann an Chúirt cuid de phianbhreith phríosúnachta, nó an phianbhreith ar fad, ar fionraí. Is féidir leis an gCúirt duine a chur faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh ar mhaithe leis an mbaol athchiontaithe a laghdú. Féadfaidh an Chúirt coinníollacha a leagan síos le tacú leis an maoirseacht.

**Maoirseacht Iarscaoilte** – is féidir leis an gCúirt maoirseacht iarscaoilte a ghearradh mar chuid de phianbhreith ciontóra gnéis. Is í

an tSeirbhís Promhaidh a dhéanann an mhaoirseacht. Arís, féadfaidh an Chúirt coinníollacha a leagan síos le tacú leis an maoirseacht.

**Smachtbhannaí Pobail do Chiontóirí Óga** – is ann do roinnt smachtbhannaí pobail atá á mbainistiú ag foirne Phromhadh na nDaoine Óga a oibríonn le ciontóirí óga agus lena dteaghlaigh.

Áirítear leo seo comhdhálacha teaghlaigh agus orduithe promhaidh a mbaineann coinníollacha faoi leith leo i dtaca le hoideachas, oiliúint, úsáid caitheamh aimsire, agus obair le meantóirí pobail sainaitheanta.

**San obair a dhéanann muid le ciontóirí**:

- cuireann muid imní na n-íospartach san áireamh nuair a ullmhaíonn muid tuarascálacha maidir le ciontóirí do na cúirteanna;
- molann muid go láidir do chiontóirí freagracht a ghlacadh as an bpian, dochar agus trioblóidí a d'fhulaing an t-íospartach mar gheall orthu;
- fiosraíonn muid na bealaí inar féidir le ciontóirí an dochar a rinne siad duit a chur ina cheart;
- cinntíonn muid go leanann ciontóirí orthu ag dul i ngleic le haon cheist nó meon stíl mhaireachtála a d'imir tionchar ar a gcionta i do choinne; agus
- cinntíonn muid go gcuirtear do chuid imní san áireamh inár gcláir phobalbhunaithe agus go mbíonn sé mar aidhm acu an t-athchiontú a chosc.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón tSeirbhís Promhaidh

Tríd an Aonad um Cheartas Aisiríoch agus Seirbhísí Íospartach freagróidh muid do chuid ceisteanna go tráthúil, go measúil agus go freagrach.

Tabharfaidh muid míniú duit ar an gciall atá leis na Orduithe difriúla (a leagadh amach thuas) a chuireann muid i gcrích ar son na Cúirte. Déanfaimid an méid seo a leanas ar an nguthán, i scríbhinn, nó buailfidh muid leat, ag brath ar na cúinsí.

Freagróidh muid ar bhealach sábháilte agus gairmiúil má theastaíonn uait a bheith páirteach i bpróiseas an cheartais aisiríoch.

Is ionann **ceartas aisiríoch** agus cruinniú deonach idir íospartach, ciontóir agus duine neamhspleách atá oilte ar chruinnithe den sórt sin a bhainistiú.

Tig leis an íospartach a scéal a insint ag an gcruinniú.  Dá bharr sin, is féidir leis an gciontóir iarmhairtí a c(h)oire a chloisteáil agus an dochar a rinne sé/sí a leigheas, a oiread agus is féidir. Tugann sé sin guth don íospartach agus is maith an rud é sin. Ina theannta sin, tugtar ciontóirí chun cuntais as a bhfuil déanta acu; tugtar deis dóibh freagracht a ghlacadh agus leorghníomh a dhéanamh.

Más fearr leo, tig le híospartaigh agus ciontóirí cumarsáid a dhéanamh tríd an duine neamhspleách seachas bualadh lena chéile aghaidh ar aghaidh. Má tá an t-íospartach agus an ciontóir sásta bualadh lena chéile aghaidh ar aghaidh, fiafrófar díobh ar mhaith leo duine ar bith a thabhairt leo chun tacaíocht a thabhairt dóibh.

Is féidir leat iarraidh orainn féachaint an féidir ceartas aisiríoch a bheith i gceist i do chás, nó d’fhéadfaimis cuireadh a thabhairt duit páirt a ghlacadh i gceartas aisiríoch má iarrann na Cúirteanna orainn é a fhiosrú. Is ar bhonn deonach go hiomlán do rannpháirtíocht. Má bheartaíonn tú páirt a ghlacadh, míneoidh muid gach céim den phróiseas duit agus tacóidh muid leat le do chinnteoireacht.

Oibreoidh muid leat agus tuarascáil tionchair íospartaigh á hullmhú agat má lorgaíonn an chúirt ceann.

**An tAonad um Cheartas Aisiríoch agus Seirbhísí Íospartach**
Tá aonad náisiúnta ag an tSeirbhís Promhaidh a chuireann lárphointe teagmhála ar fáil le do chuid iarratas agus ceisteanna a fhreagairt go héifeachtach. An tAonad um Cheartas Aisiríoch agus Seirbhísí Íospartach a thugtar air.

Is féidir leat teagmháil ghutháin a dhéanamh leis an Aonad sin tríd an uimhir seo a leanas:
01-817 3600.
Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost ag vsu@probation.ie agus restorative@probation.ie

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más maith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, déan teagmháil lenár nOifigeach Sinsearach Promhaidh ag na sonraí seo a leanas:

| **Sonraí teagmhála** | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An tOifigeach Sinsearach Promhaidh<br>An tAonad um Cheartas Aisiríoch agus Seirbhísí Íospartach<br>Seirbhís Promhaidh<br>Margadh an Fhéir<br>Margadh na Feirme<br>Baile Átha Cliath 7<br>DO7 WT27 |
| **Guthán:** | 01-817 3600 |
| **Ríomhphost:** | restorative@probation.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.probation.ie |

# Roinn 12
# An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

## Cúnamh Dlíthiúil

Is féidir le cúnamh dlíthiúil cabhrú leat murar féidir leat féin íoc as dlíodóir go príobháideach. Is féidir le cúnamh dlíthiúil comhairle dlí ó dhlíodóir a chur ar fáil chomh maith le hionadaíocht dhlíthiúil dlíodóra nó abhcóide sa chúirt.

Is seirbhísí éagsúla iad cúnamh dlíthiúil coiriúil agus cúnamh dlíthiúil sibhialta.

Nuair a chuirtear cion coiriúil i leith duine agus nuair a bhíonn sé/sí le teacht ós comhair na cúirte, is féidir leis/léi iarratas ar chúnamh dlíthiúil coiriúil a leagan isteach chuig an mBreitheamh, agus is féidir leis na Cúirteanna an t-iarratas sin a dheonú. Má tá ceist agat faoi chúnamh dlíthiúil coiriúil i gcás faoi leith, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an gCléireach nó Cláraitheoir sa chúirt atá ag plé leis an gcás coiriúil.

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil a chuireann cúnamh dlíthiúil sibhialta ar fáil i gcásanna a bpléitear leo sna cúirteanna sibhialta, cásanna a bhaineann leis an dlí teaghlaigh agus foréigean baile go príomha. De ghnáth, is éard a bhíonn i gceist le hábhair shibhialta ná aighnis idir tú féin agus duine eile, nó idir tú féin agus eagraíocht.

## Ról an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil

I gcásanna sibhialta, tugann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil cúnamh dlíthiúil agus comhairle dlí do dhaoine nach féidir leo féin íoc as dlíodóir. Baineann formhór ár gcuid oibre leis an dlí teaghlaigh agus leis an bhforéigean baile. **Tá socruithe speisialta ann chun cabhrú le híospartaigh éignithe agus ionsuithe gnéasacha dáiríre eile a bhfuil a gcásanna ag dul os comhair na cúirte, agus tá socruithe speisialta ann freisin d'íospartaigh a shíltear a bheith ina n-íospartaigh gháinneáil ar dhaoine.**

Cuireann muid ár gcuid seirbhísí ar fáil trí líonra ionad dlí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fud na tíre. Is iad ár ndlíodóirí a oibríonn sna hionaid seo. Déanann muid conradh freisin le dlíodóirí príobháideacha seirbhísí a chur ar fáil dúinn.

Tá roinnt bileog eolais againn maidir lenár seirbhísí agus maidir leis na cineálacha cionta a chlúdaíonn muid. Is féidir leat na bileoga eolais seo, chomh maith le liosta ionad dlí, a fháil ar ár suíomh gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh lenár bpríomhoifig ag an seoladh seo a leanas:

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil
Príomh-Oifig
Sráid an Chalaidh
Cathair Saidhbhín
Contae Chiarraí
V23 RD36
**Guthán:** 066- 947 1000
**Suíomh Gréasáin:** www.legalaidboard.ie

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil?

Má cháilíonn tú dár seirbhísí, déanfaidh muid an méid seo a leanas:

- cuirfidh muid seirbhís thráthúil ardchaighdeán ar fáil duit de réir ár gCairte do Chustaiméirí;
- léireoidh muid meas ar do rúndacht agus coimeádfaidh muid í; agus
- éistfidh muid leat agus caithfidh muid leat le dínit agus le meas.

**Ár gcuid seirbhísí:**

**Seirbhís comhairle**

Tá seirbhís comhairle againn d'íospartaigh éignithe agus ionsuithe gnéasacha dáiríre eile a bhfuil a gcásanna ag dul os comhair na cúirte.

**Ionadaíocht**

Féadfar seirbhís ionadaíochta cúnaimh dhlíthiúil a chur ar fáil freisin i gcásanna áirithe éignithe agus coireanna gnéis, sa chás gur phléigh an chosaint do thaithíocht chollaí roimhe seo le linn na trialach.

Sna cásanna seo, is féidir leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil dlíodóir agus abhcóide a cheapadh le hionadaíocht a dhéanamh duit agus foireann dlí an chúisí ag déanamh plé ar do stair chollaíochta sa chúirt.

Chomh maith leis sin, le linn cásanna éignithe nó ionsaithe dáiríre gnéasacha eile, is féidir ionadaíocht dlí a chur ar fáil duit sna cásanna ina ndéanann an cúisí iarratas maidir le d'iarthaifid chomhairleoireachta a mheas mar chuid den chás. Tá na seirbhísí seo saor in aisce do na híospartaigh ar fad.

**Comhairle maidir leo siúd a d'fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh gháinneáil ar dhaoine**

Cuireann muid seirbhís comhairle ar fáil freisin do dhaoine a bhféadfadh a bheith ina n-íospartaigh gháinneáil ar dhaoine agus ar shainaithin an Garda Síochána dúinn iad. Tabharfaidh muid eolas duit ar:

- do stádas in Éirinn, iarratas a dhéanamh ar thearmann, cosaint choimhdeach (cosaint do dhaoine nach gcáilíonn mar theifigh), nó cead fanachta in Éirinn;
- eolas a lorg maidir le reachtaíocht cosanta fostaíochta, mar shampla, d'fhéadfadh eolas maidir leis an uaslíon uaireanta oibre a cheadaítear de réir an dlí nó an íoslíon sosanna is gá a fháil san obair de réir an dlí
- cúiteamh a lorg ó dhéantóirí gáinneála agus/nó ón mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla;
- eolas maidir le filleadh abhaile go deonach; agus
- céard a bhíonn i gceist nuair a ghlaoitear mar fhinné i dtriail choiriúil tú.

Tá an tseirbhís seo saor in aisce do dhuine ar bith a bhféadfadh a bheith ina íospartach gháinneáil ar dhaoine.

**Cabhair d'íospartaigh an fhoréigin baile**

Más íospartach an fhoréigin baile thú, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil in aon cheann dár n-ionaid dlí, inár n-oifig i dTeach an Charnáin i mBaile Átha Cliath agus ar líne trínár suíomh gréasáin; agus is féidir leat iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche do roinnt orduithe (a liostaítear thíos).

Is féidir le foireann an bhoird cabhrú leat le d'iarratas, agus cuirfidh siad dlíodóir ar fáil duit a dhéanfaidh ionadaíocht duit ag éisteacht Chúirte. Ní bheidh ort íocaíocht a dhéanamh má tá cúnamh dlíthiúil á lorg agat do cheann ar bith de na rudaí seo a leanas:

- iarratas ar ordú urchoisc, ordú sábháilteachta, ordú urchoisc eatramhach, nó ordú cosanta a dhéanamh nó a chosaint sa Chúirt Dúiche; agus
- cosaint a dhéanamh ar iarratas de chuid Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) maidir le do pháistí a chur faoi chúram altrama nó ligean dá foireann do pháistí a mhaoirsiú i do theach féin.

Tá tuilleadh eolais maidir le na horduithe thuas ar fáil in alt 15 den Chairt a chlúdaíonn Íospartaigh agus an Dlí.

Ar an iomlán, tá tuilleadh eolais maidir le cúnamh dlíthiúil a fháil ón mBord um Chúnamh Dlíthiúil ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird ag www.legalaidboard.ie

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís, tig leat dul i dteagmháil linn ar na bealaí thíos.

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| **Seoladh:** | Oifigeach Gearán<br>An Bord um Chúnamh Dlíthiúil<br>48-49 Sráid Brunswick Thuaidh,<br>Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath<br>D07 PE0C |
| **Guthán:** | 01- 646 9600  Glaoch áitiúil: 0818 615200 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.legalaidboard.ie |

# Roinn 13
# Cróinéir

## Córas an Chróinéara

Tá sa tSeirbhís Cróinéara líonra cróinéirí atá suite i gceantair éagsúla ar fud na tíre. Is oifigeach neamhspleách 'gar-bhreithiúnach' é cróinéir atá freagrach, chun leasa an phobail, as básanna intuairiscithe a fhiosrú, lena n-áirítear básanna gan choinne, básanna gan mhíniú, básanna foréigneacha agus básanna mínádúrtha. (*Is éard atá i gceist le hoifigeach gar-bhreithiúnach duine a bhfuil roinnt cumhachtaí dlí aige/aici, ach nach bhfuil cumhachtaí iomlána na gCúirteanna aige/aici.)

Tá cróinéir ann i ngach ceantar ar fud na tíre. Leagtar cumhachtaí agus dualgais na gcróinéirí amach de réir dlí sna hAchtanna Cróinéirí 1962 - 2019. Is féidir leat teacht ar thuilleadh eolais agus sonraí teagmhála chróinéir do cheantair ar shuíomh gréasáin Sheirbhís an Chróinéara ag www.coroners.ie

## Ról an Chróinéara

De réir an dlí in Éirinn, is gá don chróinéir an chúis le réimse básanna intuairiscithe a fhiosrú, lena n-áirítear básanna nach rabhthas ag súil leo, nárbh fhéidir a mhíniú, foréigneacha nó mínádúrtha.

Is fiosrú neamhspleách é an fiosrú seo le cúis le bás an duine a dhéanamh amach agus le cinntiú gur féidir deimhniú báis a eisiúint. I roinnt básanna, b'fhéidir go mbeadh ar chróinéirí scrúdú iarbháis a stiúradh, agus i gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeadh orthu ionchoisne a dhéanamh.

Is seirbhís thábhachtach phoiblí é ionchoisne an chróinéara, go háirithe do theaghlach agus do chairde an té a bhásaigh agus do dhaoine eile a bhfuil baint acu le himthosca an bháis nó atá thíos leis, faoi mar a aithnítear sa dlí. Tá Ionchoisne neamhspleách ar gach fiosrúchán eile.

San Acht Cróinéirí (Leasú), 2019, leagtar amach réimse cuimsitheach básanna is gá a fhiosrú agus ionchoisne a dhéanamh orthu ar bhonn sainordaitheach. Áirítear ina measc seo básanna a tharlaíonn i gcoimeád nó faoi choinneáil an Stáit, bás máthartha nó bás máthartha déanach.

Ceanglaítear leis an Acht freisin go ndéanfar an uile mharbh-bhreith ag 24 seachtain toirchis nó níos mó, **nó** bás linbh (suas le 365 lá i ndiaidh na breithe), a thuairisciú don chróinéir. D'fhéadfadh an cróinéir scrúdú iarbháis nó ionchoisne a stiúradh **má** shíleann sé/sí é a bheith cuí. (I gcás marbh-bhreithe, rachaidh an cróinéir i gcomhairle le duine den teaghlach, más indéanta, sula ndéanann sé ionchoisne a stiúradh.)

Is éard is ionchoisne ann ná fiosrú a dhéanann cróinéir go poiblí, le giúiré uaireanta. Is é aidhm an ionchoisne an méid seo a leanas a dhéanamh amach:

- céannacht an duine éagtha;
- dáta agus áit an bháis;
- conas, cathain agus cén áit ar tharla an bás;
- na himthosca inar tharla an bás, a mhéid a mheasann an cróinéir, a bhfuil an t-ionchoisne á chur ar bun aige nó aici, gur gá sin.

Déanann an t-ionchoisne fionnachtana maidir leis na ceisteanna seo ar fad, a oiread agus is féidir, agus tugtar fíorasc.

Faoin Acht Cróinéirí 1962, ní féidir leis an gcróinéir ná le giúiré – má bhaintear úsáid as ceann chun teacht ar fhíorasc – ceisteanna i dtaobh dliteanas sibhialta nó dliteanas coiriúil a bhreithniú, mar shampla, ceisteanna a d'fhéadfadh duine a chur faoi dhliteanas i leith bhás an duine éagtha nó cé acu atá duine faoi dhliteanas sibhialta mar thoradh ar an mbás nó nach bhfuil. Is faoi na cúirteanna atá sé ábhair den chineál seo maidir le dliteanas coiriúil nó sibhialta a chinneadh.

Is féidir le hionchoisne moltaí ginearálta a dhéanamh a shíleann an cróinéir nó giúiré a bheith riachtanach nó inmhianaithe chun leasa shláinte nó shábháilteacht an phobail, nó a dheartar chun bac a chur roimh bhásanna amach anseo.

Oibríonn an cróinéir go neamhspleách agus a f[h]eidhmeanna reachtúla á gcur i gcrích aige/aici.  Ní féidir achomharc a dhéanamh ar chinneadh an chróinéara. É sin ráite, má shíleann duine nár ghníomhaigh cróinéir de réir an dlí, is féidir leis/léi achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Chróinéara (tugtar Iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach air seo).

Tuigeann cróinéirí, cé gur gá dóibh bás a fhiosrú, gur féidir leis an bpróiseas goilleadh go mór ar theaghlach an íospartaigh. Tabharfaidh cróinéirí faoina gcuid oibre chomh tuisceanach agus is féidir, agus le meas don duine éagtha, agus do na teaghlaigh atá ag déanamh bróin agus do dhaoine eile ar imir an bás tionchar orthu.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón gCróinéir

### Básanna Intuairiscithe

Faoin dlí, is gá catagóirí faoi leith báis a thuairisciú don chróinéir. De ghnáth, déanfaidh dochtúir, ospidéal, Gardaí nó adhlacóir a cuireadh ar an eolas faoin mbás é a thuairisciú. Tá liosta de bhásanna intuairiscithe leagtha amach sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 2019. Áirítear leo seo bás ar bith nach rabhthas ag súil leis, nach féidir a mhíniú nó ar bás foréigneach é.

### Duine den Teaghlach

Maidir leis an téarma '**duine den teaghlach**' i gcomhthéacs obair an chróinéara, déantar é a shainmhíniú faoin Acht Cróinéirí agus áirítear na daoine seo a leanas leis:

a) tuismitheoir, seantuismitheoir, leanbh, deartháir, deirfiúr, nia, neacht, uncail nó
aintín, lánfhola nó leathfhola nó ó chleamhnas,
leis an duine;

b) céile, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta
agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 nó
páirtnéir comhchónaitheach an duine,

c) aon duine eile is duine
de theaghlach an duine de ghnáth, nó

d) aon leanbh a cuireadh faoi chúram altrama leis an duine nó le haon duine dá dtagraítear i míreanna (a) go (c) thuas. Agus áiríonn sé seo freisin tagairt d'aon duine den sórt sin de theaghlach an duine atá uchtaithe.

Baineann na nithe seo a leanas le hobair an chróinéara:

- a chinntiú go ndéanann duine den teaghlach (nó duine ainmnithe) an corp a chéannú,
- scrúdú iarbháis a stiúradh nuair is gá,
- scaoileadh an choirp a cheadú ionas gur féidir é a chur,
- ionchoisne a stiúradh, agus
- an cháipéisíocht chuí agus riachtanach ar fad a fháil.

Déantar gach ceann acu sin a mhíniú thíos.

**Céannú**

Is féidir leis goilleadh ar dhaoine den teaghlach nó ar chairde corp an duine éagtha a chéannú. I gcásanna áirithe, is féidir socruithe a dhéanamh go ndéanfadh duine éigin eile seo duit, má ghoilleann sé go rómhór ort.

**Scrúduithe iarbháis**

Féadfaidh an cróinéir a chinneadh, tar éis an t-eolas uile atá ar fáil a bhreithniú, gur gá scrúdú Iarbháis a dhéanamh nó d'fhéadfadh go mbeadh ceangal dlí ar an gCróinéir, in imthosca áirithe, scrúdú den saghas sin a ordú. Is ionann scrúdú iarbháis agus scrúdú liachta speisialta ar an gcorp arna dhéanamh ag paiteolaí (saindochtúir leighis).

Nuair a ordaíonn cróinéir scrúdú iarbháis, is chun leasa an phobail a dhéantar é. Ní theastaíonn toiliú an teaghlaigh.

Bíonn cróinéirí feasach ar na cúiseanna imní a d'fhéadfadh a bheith ag teaghlach an duine éagtha maidir leis an ngnáthamh seo, agus míneoidh siad na cúiseanna a bhaineann leis. D'fhéadfadh Scrúdú Iarbháis a bheith ina chuidiú chun freagraí a thabhairt do dhaoine den teaghlach maidir le cad ba chúis le bás an duine a raibh siad mór leo.

Faoin Acht Cróinéirí (Leasú), 2019, cuirfidh an cróinéir cóip den tuarascáil iarbháis ar fáil (ar iarratas) do dhuine de theaghlach an duine éagtha. Gabhann eisceacht leis an bhforáil seo má shíleann an cróinéir go n-imreofaí tionchar míchothrom ar imeachtaí coiriúla maidir leis an mbás dá gcuirfí an tuarascáil ar fáil.

**Scaoileadh an choirp don chur**

Déanfaidh cróinéirí a ndícheall corp an duine éagtha a scaoileadh le gur féidir é a chur nó a chréamadh, gan aon mhoill nach bhfuil gá léi. Cuirfidh siad ar an eolas thú faoin dáta agus am is dócha a scaoilfear an corp.

**Ionchoisní**

Teastaíonn ó chróinéirí ionchoisne a dhéanamh a luaithe agus is féidir i ndiaidh an bháis. Is féidir leis an bpróiseas seo roinnt ama a ghlacadh le cinntiú go bhfuil na tuarascálacha liachta agus teicniúla riachtanacha ar fad ar fáil agus gur féidir freastal na bhfinnéithe tábhachtacha a shocrú. Is éard is

ionchoisne ann, fiosrúchán poiblí maidir leis an mbás, lena n-áirítear bás nach rabhthas ag súil leis, bás nárbh fhéidir a mhíniú, nó bás foréigneach.

Sa chás go bhfuil an bás faoi imscrúdú ag an nGarda Síochána, ag Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, ag Óglaigh na hÉireann, nó ag comhlacht a bhfuil údarás dlí aige na cineálacha seo timpistí a fhiosrú, is féidir ionchoisne a oscailt agus a chur ar atráth ina dhiaidh sin. Má tharlaíonn sé sin, cuirfear tús leis an ionchoisne agus cloisfear buneolas maidir le céannacht. Cuirfear ar atráth ansin é go dtí go gcuirfear i gcrích na himscrúduithe eile a bhféadfadh cúisimh choiriúla a bheith mar thoradh orthu.

Faoin Acht Cróinéirí (Leasú), 2019, is gá don chróinéir fógra 14 lá ar a laghad a thabhairt do dhuine den teaghlach nó do pháirtithe leasmhara eile maidir le dáta, am agus láthair an ionchoisne.

Ag an ionchoisne, is féidir leis na cróinéirí a bhfuil i gceist a mhíniú duit. Le linn an ionchoisne, déanfaidh na cróinéirí iarracht a bheith chomh tuisceanach agus is féidir. Mar shampla, is féidir leat seomra na cúirte a fhágáil nuair a thugann an paiteolaí nó duine ar bith eile fianaise a chuireann isteach go mór ort.

**Aon doiciméad iomchuí eile a fháil**
I ndiaidh an ionchoisne, is féidir leat cóipeanna de dhoiciméid a lorg, más rud é gur poiblíodh a leithéidí ag an ionchoisne. Is féidir leat iad seo a fháil ó oifig an chróinéara ar tháille réamhshocraithe.

**Tuilleadh Eolais**
I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh cróinéirí a bheith in ann comhairle a chur ort maidir le grúpaí agus líonraí tacaíochta áitiúla ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leo. Áirítear ina measc seo oibrithe sóisialta in ospidéil éagsúla agus comhairleoirí méala. É sin ráite, ní feidhm de chuid an chróinéara é seo.

Má tá eolas ginearálta uait maidir lenár seirbhísí, lena n-áirítear eolas maidir le táillí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an oifig ábhartha cróinéara. Is

féidir leat ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha gutháin cróinéirí a fháil ó d'údarás áitiúil nó ónár suíomh gréasáin: www.coroners.ie

Má tá aon imní nó ceisteanna agat faoi riaradh fiosraithe maidir le bás a tuairiscíodh do chróinéir, lena n-áirítear scrúdú iarbháis nó ionchoisne, ba cheart duit plé go díreach leis an gcróinéir a bhí i gceist.

I dtaobh ceisteanna ginearálta maidir leis an dlí a bhaineann le cróinéirí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Foireann Forfheidhmithe na Seirbhíse Cróinéara sa Roinn Dlí agus Cirt. Tá na sonraí teagmhála thíos.

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| **Seoladh:** | Foireann Forfheidhmithe na Seirbhíse Cróinéara<br>An Roinn Dlí agus Cirt<br>Teach Átha Luimnigh<br>Páirc Ghnó GFT<br>Baile Sheáin, an Uaimh<br>Contae na Mí |
| **Guthán:** | 046-909 1323 |
| **Facs:** | 046-905 0560 |
| **Ríomhphost:** | csitmail@justice.ie |

# Roinn 14
# An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

## Ról an Bhinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla

Tá scéim ghinearálta cúitimh ag an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla do ghortuithe pearsanta a d'fhulaing tú mar thoradh ar choir fhoréigneach. Tá scéim cúitimh eile ag an mBinse d'oifigigh phríosúin a fhulaingíonn gortuithe pearsanta mar thoradh ar choir fhoréigneach agus iad ag gabháil dá gcuid dualgas.

Ceapann an tAire Dlí agus Cirt comhaltaí an Bhinse. Tá 14 chomhalta ar an mBinse (Cathaoirleach agus 13 chomhalta eile). Tá oiliúint ag an gCathaoirleach agus ag gach comhalta sa dlí. Déanann comhaltaí an Bhinse cinntí maidir le hiarratais go neamhspleách. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn ionchur ar bith ag an Aire ná ag duine ar bith eile sa scéal.

Mar chuid den scéim cúitimh do ghortuithe pearsanta a d'fhulaing tú mar gheall ar choir fhoréigneach, is féidir leat cur isteach ar íocaíocht maidir le:

- caiteachais a thabhaíonn tú, agus
- caillteanais a fhulaingíonn tú

mar thoradh díreach ar choir fhoréigneach, **nó** agus tú ag iarraidh bac a chur roimh choir nó beatha duine éigin a shábháil.

Foráiltear sa scéim freisin go gcuirfear íocaíocht ar fáil do chleithiúnaithe an íospartaigh a bhásaigh mar gheall ar choir fhoréigneach. É sin ráite, ní chúitíonn an scéim tú as pian ná fulaingt.

**An chaoi a n-oibríonn sé:**

- Go hiondúil déanann comhalta de chuid an Bhinse cinneadh maidir le gach cás cúitimh.

- Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh, is féidir leat achomharc a dhéanamh;
  - Is éard a tharlaíonn i gcás achomhairc go ndéanann triúr comhaltaí de chuid an Bhinse d'éileamh a bhreithniú ag éisteacht achomhairc a dtabharfar cuireadh duit freastal uirthi (ní gá duit freastal).
  - Ní bheidh an comhalta a rinne an chéad chinneadh maidir le do chás páirteach san éisteacht.
  - Beidh éisteacht an achomhairc ar siúl go príobháideach agus ar bhealach neamhfhoirmiúil – ní theastóidh ionadaíocht dhlíthiúil uait (ach tig leat ionadaíocht dhlíthiúil a bheith agat más maith leat. Ní aisíocfar aon chostas sa scéim).
  - Cuirfear an éisteacht ar siúl ó chian, is é sin, trí mheán físchomhdhála, nó i gcásanna áirithe beidh sé ar siúl ar an láthair.

- Cé go mbeidh an éisteacht ar siúl go príobháideach, tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfar cinneadh an Bhinse, leasaithe go cuí le sonraí pearsanta a bhaint, a chur ar fáil go poiblí.

- Go hiondúil nuair a bhronntar dámhachtain, íoctar an cúiteamh in aon íocaíocht amháin. É sin ráite, i roinnt cásanna, ag brath ar chúinsí an cháis, féadfaidh an Binse íocaíocht tosaigh a dhéanamh agus moill a chur leis an dámhachtain deiridh go dtí go mbeidh sé níos soiléire cén tionchar fadtéarmach a bheidh ag gortú.

Forálann Treoir an AE maidir le Cúiteamh d'Íospartaigh Coireanna Foréigneacha[2] do chomhoibriú idir ballstáit an AE, ionas gur féidir le híospartaigh cúiteamh a fháil as coireanna a rinneadh i mBallstát eile.

Nuair is gá, is féidir linn éilimh ó Bhallstáit eile a phróiseáil agus is féidir linn cabhrú le daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn éilimh a sheoladh chuig Ballstáit eile.

Féadfar cúiteamh a bhronnadh ar íospartaigh na coireachta foréigní trí ordú ón gcúirt, rud nach mbaineann leis an scéim. Féadfaidh cúirt ordú a thabhairt do chiontóir cúiteamh a íoc le híospartach mar chuid de chás cúirte.

Féadfaidh íospartach cás (nó gníomh) sibhialta a thabhairt i gcoinne ciontóra ar mhaithe le cúiteamh a fháil. (D'fhéadfadh éilimh um dhíobháil phearsanta a eascraíonn ón gcoir a bheith mar chuid de ghníomh sibhialta, agus go hiondúil is daoine aonair a thugann i gcoinne daoine eile nó eagraíochtaí eile iad.) Is faoin íospartach agus a fhoireann dhlíthiúil an cás seo a ghlacadh.

Ar an lámh eile, is é an Stát, go hiondúil, a dhéanann ionchúisimh choiriúla a thabhairt os comhair na cúirte tríd an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Nuair a bhronntar dámhachtain, is gá don Bhinse a chinntiú nach bhfuil cúiteamh á fháil ag duine i leith an ghortaithe chéanna ó fhoinse dhifriúil.

Sa chás go bhfaigheann duine cúiteamh i leith an ghortaithe chéanna ó fhoinse dhifriúil, is féidir leis an mBinse an cinneadh a dhéanamh nár chóir aon dámhachtain a bhronnadh nó gur chóir an dámhachtain a laghdú. Sa chás gur íoc an Binse cúiteamh le hiarratasóir cheana féin, d'fhéadfadh an Binse cinneadh a dhéanamh gur cheart dó/di an t-airgead a íoc ar ais.

[2] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32004L0080

**Teoranta ama maidir le hiarratas a chur isteach**

Is gá iarratais a chur isteach go dtí an Binse a luaithe agus is féidir agus **laistigh de thrí mhí ó tharla an eachtra**. Is féidir leis an mBinse an teorainn ama seo a shíneadh sa chás gur féidir leis an iarratasóir a léiriú gur údar díolúine é an chúis leis an moill ó thaobh an t-iarratas a leagan isteach. Is féidir leis seo tarlú suas le huastréimhse dhá bhliain i ndiaidh an eachtra.

**Eachtra a thuairisciú don Gharda Síochána – tuairisc ag teastáil don Bhinse**

Le cáiliú do chúiteamh, is gá go ndearnadh an eachtra a thuairisciú don Gharda Síochána gan mhoill agus is gá go gcomhoibríonn iarratasóirí leis an nGarda Síochána.

Is gá d'iarratasóirí a chur in iúl má tá an eachtra ina ábhar d'imeachtaí coiriúla.
Agus iarratas á leagan isteach agat, ba cheart duit cóip den ráiteas a thug tú don Gharda Síochána a chur isteach.

Agus iarratais á mbreithniú, lorgóidh an Binse tuairisc maidir leis an eachtra ón nGarda Síochána.

**Teorainneacha agus srianta**

Is gá d'iarratasóirí a bheith ar an eolas gur ann do theorainneacha agus srianta a bhaineann le bronnadh cúitimh. Leagtar iad seo amach i bparagraif 6 & 7 agus 9-15 (an dá pharagraf san áireamh) na Scéime. Tá forálacha a bhaineann leis an méid seo a leanas san áireamh iontu sin:

- cineál na ndámhachtainí a dhéantar agus an modh íoctha;
- íosmhéid na ndámhachtainí;
- an ceanglas maidir le comhoibriú iomlán a thabhairt don Bhinse;
- forais chun dámhachtainí a dhiúltú nó a laghdú; agus
- an prionsabal nach ndámhfar cúiteamh dúbailte.

Sula gcuirtear isteach ar chúiteamh, ba cheart d'iarratasóirí téarmaí agus coinníollacha na scéime a athbhreithniú. Tá siad seo le fáil ag **http://www.gov.ie/criminalinjuries**

**Amlínte do chinneadh**

Maidir le fad an phróisis, d'fhéadfadh sé roinnt ama a ghlacadh sula mbeidh iarratas ar chúiteamh réidh le leagan isteach chuig an mBinse dá bhreithniú agus cinneadh.

Mar shampla, go hiondúil teastaíonn tuarascálacha deiridh na nGardaí ar an gcoir, agus torthaí aon chásanna cúirte a tionscnaíodh. Ní bheidh an Binse in ann iarratas ar chúiteamh a bhreithniú go dtí go gcuirfidh an Garda Síochána (nó Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána más cuí) a fhiosrúchán i gcrích.

I gcásanna casta, ba cheart a lua go mb'fhéidir go mbeadh eolas breise le cur ar fáil don Bhinse ar mhaithe le measúnacht iomlán a dhéanamh. Mar shampla: tuarascálacha leighis maidir le gortuithe; measúnachtaí maidir le cailleadh tuillimh; measúnachtaí achtúireacha; agus/nó tuarascálacha eile de réir mar a theastaíonn siad. Beidh tionchar acu seo agus ag tosca eile ar fhad an iarratais.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ón mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla?

Is féidir leat iarratas ar chúiteamh as gortú pearsanta a leagan isteach chuig an mBinse sa chás gur gortú é:

1. a tharla mar gheall ar choir fhoréigneach, nó
2. a tharla mar gheall ar chúinsí a tháinig chun cinn de bharr gur chabhraigh tú nó go ndearna tú iarracht cabhrú le cosc a chur roimh choir nó beatha duine a shábháil.

Más maith leat, oibreoidh muid le heagraíocht tacaíochta íospartach atá ag gníomhú ar do shon.

**Déanfaidh Foireann an Bhinse an méid seo a leanas:**

- tabharfaidh siad eolas duit le cabhrú leat an fhoirm iarratais do chúiteamh a chomhlíonadh;
- oibreoidh siad leat ar bhealach béasach agus gairmiúil;
- seolfaidh siad cinneadh an Bhinse maidir le do chás chugat i scríbhinn;
- socróidh siad go ndéanfar an cúiteamh a bronnadh ort a íoc leat chomh sciobtha agus is féidir; agus
- cuirfidh siad ar an eolas thú maidir le do cheart cinneadh an Bhinse a achomharc.

D'fhéadfá a bheith ag lorg cúitimh ó Bhallstát eile laistigh den Aontas Eorpach (AE) do ghortú a d'fhulaing tú mar thoradh ar choir fhoréigneach sa tír sin.

**Sa chás seo, is féidir linn:**

- comhairle a thabhairt maidir le héileamh a dhéanamh, nó is féidir leat iarratas a dhéanamh go díreach trí shuíomh gréasáin; αν Χηοιμισι |ιν Εορπαιγη
- an fhoirm iarratais agus do chuid freagraí a aistriú mura nglacann an Ballstát le hiarratais i mBéarla nó Gaeilge; agus
- glacadh le comhfhreagras maidir le d'éileamh ón mBallstát eile, más maith leat, é a aistriú más gá, agus é a chur ar aghaidh chugat

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Is féidir leat **achomharc** a dhéanamh maidir leis an gcéad chinneadh de chuid an Bhinse a rinne comhalta amháin an Bhinse.

Más rud é nach mbíonn seirbhís fhoireann riaracháin an Bhinse ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceisteanna a chur, moltaí a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoin tseirbhís, tig leat dul i

dteagmháil leis an tseirbhís do chustaiméirí sa Roinn Dlí agus Cirt ag info@justice.ie

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an mBinse mar a léirítear thíos:

| **Conas teagmháil a dhéanamh linn** | |
|---|---|
| **Seoladh:** | An Cathaoirleach<br>An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, An Roinn Dlí agus Cirt<br>Cearnóg an Easpaigh,<br>Cnoc Réamainn,<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 TD99 |
| **Ríomhphost:** | Ríomhphost: criminalinjuries@justice.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.gov.ie/criminalinjuries |

# Roinn 15
# An Roinn Gnóthaí Eachtracha

(Tacaíochtaí d'íospartaigh Éireannacha na coireachta le linn dóibh a bheith thar lear agus dá dteaghlaigh)

| |
|---|
| **Tá an t-alt seo de Chairt na nÍospartach á cur isteach mar aitheantas ar íospartaigh Éireannacha na coireachta foréigní thar lear agus ar a dteaghlaigh - go háirithe i ndilchuimhne ar Danielle McLaughlin, Bun Crannacha, Co. Dhún na nGall** |

Is féidir le híospartaigh na coireachta thar lear agus a dteaghlaigh, mar is féidir le híospartaigh na coireachta in Éirinn, leas a bhaint as réimse cabhrach agus tacaíochtaí anseo.

## Ról na Comhairle Consalachta maidir le tacú le híospartaigh na coireachta

Cuirtear sainoiliúint ar an bhfoireann san **Aonad um Chúnamh Consalachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha** agus inár nAmbasáidí agus Consalachtaí thar lear. Bíonn taithí acu ar phlé le ceisteanna a thagann chun cinn i dtaobh íospartach na coireachta thar lear, lena n-áirítear dúnmharú, coir fhoréigneach nó thrámach.

Fanfaidh an tAonad um Chúnamh Consalachta, agus obair á déanamh aige lenár nAmbasáidí agus Consalachtaí thar lear, i dteagmháil le híospartaigh na coireachta thar lear agus lena dteaghlaigh, agus cuirfidh sé tacaíocht agus comhairle phraiticiúil ar fáil.

Nuair is cuí, cuirfidh siad sonraí sainseirbhísí in Éirinn ar fáil, mar shampla, seirbhísí tacaíochta íospartach Advic agus Support after Homicide. Is eagraíochtaí náisiúnta seanbhunaithe iad Advic agus Support after Homicide

a chuireann tacaíocht faoi rún ar fáil do dhaoine a raibh tionchar ag an dúnmharú ar a saol.

Is seirbhís é **Advic** a ritheann daoine a bhfuil an dúnmharú tar éis iad a fhágáil faoi bhrón. Cuireann sé seirbhís ghairmiúil comhairleoireachta agus tacaíochtaí síceolaíochta agus praiticiúla eile ar fáil.

Is eagraíocht dheonach náisiúnta í **Support after Homicide.** Cuireann sé tacaíocht mhothúchánach riachtanach agus eolas praiticiúil eile ar fáil. Cuireann oibrithe deonacha an tacaíocht seo ar fáil. Tá oiliúint ghairmiúil faighte ag na hoibrithe seo maidir le freagairt do riachtanais faoi leith teaghlaigh a bhfuil an dúnmharú tar éis iad a fhágáil faoi bhrón.

Sa chás gur bhásaigh saoránach na hÉireann thar lear, is féidir leis an Aonad Comhairle Consalachta eolas a chur ar fáil, nuair is gá, maidir le seirbhísí aisdúichithe (seirbhísí maidir le corp an duine éagtha a thabhairt ar ais abhaile). D'fhéadfaí eolas maidir leis an Kevin Bell Repatriation Trust a fháil sna sonraí sin. Carthanacht is ea sin a chabhraíonn le teaghlaigh ar bhásaigh daoine muinteartha leo as baile.

## Cad is féidir leat a bheith ag súil leis ónár Seirbhísí Cúnaimh Ambasáide/ Consalachta?

Más íospartach na coireachta foréigní nó trámaí tú agus tú thar lear, oibreoidh muid lenár nAmbasáidí agus Consalachtaí chun:

- do ghlaoch a fhreagairt go gasta agus tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil ar bhealach tuisceanach agus comhbhách;
- comhairle agus tacaíocht teanga agus chultúrtha a thabhairt;
- comhairle a thabhairt maidir leis an gcaoi a n-oibríonn na húdaráis áitiúla sa tír atá i gceist agus i dtaobh cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh;
- tú a threorú i dtreo tacaíochtaí áitiúla, más cuí, sa tír atá i gceist;
- liosta de dhlíodóirí a labhraíonn Béarla a chur ar fáil duit;

- cabhair a thabhairt duit maidir le plé leis na póilíní áitiúla;
- teagmháil a dhéanamh le do theaghlach agus cairde ar do shon, más maith leat go ndéanfaidh muid sin;
- d'fhaisnéis a chosaint i gcomhlíonadh iomlán Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí; agus
- má iarrann tú orainn gan eolas faoi do chás a roinnt, fiú amháin le do theaghlach, **ní** roinnfimid an t-eolas sin.

Má dhéantar cion gnéasach i do choinne:

- léireoimid tuiscint ar leith duit;
- cuirfimid ball foirne consalachta den inscne chéanna ar fáil duit, más féidir linn;
- rachaimid leat go dtí áis leighis ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt duit, más féidir linn;
- tabharfaimid sonraí duit faoi aon eagraíochtaí tacaíochta áitiúla a phléann le híospartaigh cionta gnéasacha agus, ina theannta sin, tabharfaimid sonraí duit faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil sa bhaile in Éirinn;
- cuideoimid leat an cion a thuairisciú do na húdaráis áitiúla (mar shampla, póilíní na háite).

Má ghoidtear do phas:

- cuideoimid leat Doiciméad Taistil Éigeandála a fháil ionas gur féidir leat dul abhaile.

**Ní féidir** leis an Aonad um Chúnamh Chonsalachta sa Roinn Gnóthaí Eachtracha:

- comhairle leighis nó comhairle dlí a thabhairt;
- cur isteach ar phróisis bhreithiúnacha macasamhail imeachtaí cúirte; ná
- tionchar a imirt ar chinntí tíortha eile i dtaobh víosa;
- plé le díospóidí tráchtála nó árachais.

Níl aon bhuiséad ag an Aonad faoi choinne costais leighis, costais dlí nó costais eile.

Sonraítear sa Chairt um Chabhair Chonsalachta (atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin) an chabhair is féidir linn a thabhairt, ár luachanna agus ár ngealltanais.

Tá Cabhair Chonsalachta ar fáil, agus is féidir teacht uirthi, 24 uair an chloig sa lá, 7 lá na seachtaine. Cuir scairt orainn ar +353 (0)1 408 2527 le linn uaireanta oifige. Cuir scairt orainn ar +353 (0)1 408 2000 (an uimhir ghutháin taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre) i gcás éigeandála.

Cuirimid cabhair ar fáil ar fud na cruinne freisin trínar gcuid ambasáidí agus consalachtaí. Le fáil ar ár suíomh gréasáin tá sonraí teagmhála na n-ambasáidí uile mar aon leis an g**comhairle taistil** is déanaí faoi níos mó ná 200 tír ar fud na cruinne.

## Mura mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis

Más rud é nach mbíonn an tseirbhís ar an gcaighdeán a raibh tú ag súil leis agus gur mhaith leat ceist a chur, moladh a dhéanamh nó gearán a dhéanamh faoinár seirbhís cabhrach consalachta, tig leat dul i dteagmháil linn.

| **Conas teagmháil a dhéanamh linn** | |
|---|---|
| **Seoladh:** | Cabhair Chonsalachta<br>An Roinn Gnóthaí Eachtracha<br>Teach Knockmaun,<br>42-47 Sráid an Mhóta Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath, D02 TN83 |
| **Guthán:** | Le linn uaireanta oifige: +353 (0)1 408 2527 |

| Conas teagmháil a dhéanamh linn | |
|---|---|
| | Taobh amuigh d'uaireanta oifige: +353 (0)1 408 2000. |
| **Ríomhphost:** | ConsularAssistance@dfa.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | https://www.dfa.ie/ie/taisteal/cunamh-thar-lear/ |

# Roinn 16
# Íospartaigh agus an Dlí

Tá cearta dlíthiúla agat agus tú i d'íospartach. Tá na cearta sin tar éis dul chun maitheasa as los athruithe ar dhlí na hEorpa agus ar dhlí na hÉireann le deireanas.

**Dlí na hEorpa**

Tháinig Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta Íospartach i bhfeidhm i mí na Samhna 2015 agus ba í ba chúis le hathruithe móra ar an gcaoi a gcaitear le híospartaigh na coireachta san Eoraip. Baineann na cearta sa Treoir maidir le Cearta Íospartach le gach duine a ndéantar coir ina c(h)oinne san Eoraip, beag beann ar a náisiúntacht.

Le fáil sa Treoir tá sraith de chearta ceangailteacha infheidhmithe d'íospartaigh. Is éigean do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, Éire san áireamh, a chinntiú go mbíonn na cearta sin ar fáil d'íospartaigh. Rinneadh dlí de na cearta sin in Éirinn tríd an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017.

**Dlí na hÉireann**

Tugtar eolas sa rannán seo faoin bpríomhphíosa reachtaíochta a phléann le cearta íospartach in Éirinn, is é sin an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017.

Is ionann íospartach faoin Acht agus duine a d'fhulaing díobháil, lena n-áirítear díobháil fhisiciúil, mheabhrach nó mhothúchánach nó caillteanas eacnamaíoch, arbh é cion coiriúil ba chúis leis nó léi go díreach. Áirítear leis an téarma 'íospartach' teaghlach duine, is duine a fuair bás de bharr ciona.

Leagtar cearta dlíthiúla na n-íospartach amach go mion san Acht. Seo a leanas traidhfil samplaí de na cearta sin:

- An ceart chun eolas soiléir sothuigthe a fháil faoin gcóras ceartais choiriúil agus faoin ról atá agat sa chóras sin
- An ceart chun eolas a fháil faoi na seirbhísí agus na teidil ar féidir leat teacht orthu
- An ceart chun admháil i scríbhinn a fháil go bhfuarthas do ghearán
- An ceart chun eolas a fháil faoin dul chun cinn atá a dhéanamh san imscrúdú agus in aon imeachtaí cúirte
- An ceart go gcuirfí ar an eolas thú faoin gcinneadh gan an cion a rinneadh i do choinne a ionchúiseamh agus an ceart chun athbhreithniú ar an gcinneadh sin a iarraidh
- An ceart chun eolas a fháil faoi scaoileadh, scaoileadh sealadach, nó éalú duine, is duine a bhfuil pianbhreith phríosúnachta á cur isteach aige/aici mar gheall ar chion a rinne sé/sí i do choinnese
- An ceart chun seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin a fháil nuair is gá chun cabhrú leat tuiscint a fháil le linn an phróisis ceartais choiriúil agus tú féin a chur in iúl go soiléir lena linn
- An ceart go ndéanfaí measúnú ar do riachtanais aonair ionas go bhféadfar aon chosaintí nó tacaíochtaí sonracha a theastaíonn uait a chur san áireamh

Ní mar a chéile riachtanais na n-íospartach i gcónaí. Dírítear san Acht um Íospartaigh na Coireachta ar riachtanais na n-íospartach mar dhaoine aonair. Tá **liosta iomlán na gceart** le fáil san Acht agus féadtar breathnú air ar www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/28/enacted/en/pdf

Sa chóras ceartais choiriúil seo againne, féadfaidh an chúirt íospartach a ghairm mar fhinné i gcás coiriúil. Ní bhíonn an t-íospartach ina p(h)áirtí sa chás coiriúil, áfach — ní thógann sé/sí an cás agus ní hé/hí an cosantóir é/í, agus is gnách nach mbíonn ionadaíocht dhlíthiúil aige/aici. **Is é an Stát a thógann an cás.**

Mar sin féin, dála an Achta um Íospartaigh na Coireachta, tá earnálacha eile den dlí a bhaineann go díreach le híospartaigh. Tugtar achoimre sna rannáin

seo a leanas ar shaincheisteanna ar leith a bhaineann le híospartaigh. Tá an achoimre ar nós chéimeanna an cháis. Is é sin:

1. Céim an imscrúdaithe;
2. Cúiseamh féideartha agus bannaí (má dheonaítear bannaí);
3. An éisteacht chúirte; agus
4. An ciontú.

Ina dhiaidh sin, tugaimid gearrchuntas ar an dlí i ndáil le foréigean gnéasach agus foréigean baile. Tugtar míniú ar dhornán cionta coiriúla ag deireadh an rannáin.

## 1. Céim an imscrúdaithe

### Imeaglú

Coir is ea é dochar a dhéanamh d'fhinné, do ghiúróir, d'aon duine de theaghlach an íospartaigh, nó d'aon duine atá ag cuidiú leis an nGarda Síochána le himscrúdú, nó bagairt a dhéanamh air/uirthi. Ba cheart duit an Garda Síochána a chur ar an eolas faoi aon iompar den saghas sin.

### Físfhianaise á tabhairt ag leanaí

Féadfar an t-agallamh idir an t-íospartach ar leanbh é/í (duine ar bith faoi bhun 18 mbliana d'aois) agus an Garda Síochána a thaifeadadh ar fhíseán, agus is féidir leas a bhaint as an taifeadadh sin sa chúirt mar fhianaise. A bhuíochas leis an áis sin, ní bheidh air/uirthi a c(h)untas ar imeachtaí a thabhairt arís (sa seomra cúirte lá na trialach).

Caithfidh sé/sí a bheith ar fáil ar an lá, áfach, chun ceisteanna faoina f(h)ístaifeadadh a fhreagairt. Cuirtear áiseanna speisialta ar fáil nuair a fhreagraíonn leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois na ceisteanna sin. Mar shampla, tig leis/léi dul go seomra eile agus na ceisteanna a fhreagairt trí nasc teilifíse beo nó, má bhíonn sé/sí i seomra na cúirte, tig leis/léi dul laistiar de scáileán ionas nach mbeidh sé/sí in ann an

duine cúisithe a fheiceáil agus nach mbeidh an duine cúisithe in ann eisean/ise a fheiceáil.

Is éigean do Gharda, nó do dhuine sainoilte eile, dul i mbun an taifeadta.

**2. Cúiseamh féideartha agus bannaí**

Is féidir le duine a chúisítear i gcion iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar bhannaí. Má dheonaítear bannaí, ní dhéanfar duine a chúisítear, agus atá ag feitheamh lena t(h)riail, a choimeád sa phríosún. Measfar duine a chúisítear i gcion (ar a dtugtar "an cúisí" freisin) a bheith neamhchiontach go dtí go gcruthófar é/í a bheith ciontach. Mar sin de, féadfaidh an duine cúisithe bannaí a fháil, ach amháin i gcásanna áirithe, mar shampla:

- i gcás ina bhfuil baol ann go gcuirfidh an duine cúisithe isteach ar fhinnéithe, lena n-áirítear an t-íospartach;
- i gcás ina bhfuil baol ann nach mbeidh an duine cúisithe i láthair le haghaidh na trialach; nó
- i gcás ina gcuirtear cion tromchúiseach i leith an duine agus go bhfuil baol ann go ndéanfaidh sé/sí cion tromchúiseach eile má thugtar bannaí dó/di (is ionann cion tromchúiseach agus cion a bhféadfaí an duine a chur i bpríosún ar feadh cúig bliana nó níos mó mar gheall air, má chiontaítear é/í).

Cuirtear an duine i bpríosún mura ndeonaítear bannaí dó/di. Más rud é go ndiúltaítear bannaí don duine sin agus nach mbeidh a t(h)riail tosaithe fós tar éis ceithre mhí, féadfaidh an duine sin iarratas a dhéanamh ar bhannaí athuair.

Má dheonaítear bannaí don duine, crostar air/uirthi cion a dhéanamh le linn dó/di a bheith faoi bhannaí, agus caithfidh sé/sí teacht os comhair na cúirte arís ag deireadh na tréimhse bannaí. Féadfaidh an chúirt coinníollacha eile a chur leis na bannaí; mar shampla, féadfaidh sí a thoirmeasc ar an duine cúisithe dul chuig áiteanna áirithe nó teagmháil a

dhéanamh le daoine áirithe, lena n-áirítear teagmháil leis an íospartach nó le duine de theaghlach an íospartaigh.

Féadfaidh Garda iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar bharántas chun duine atá faoi bhannaí a ghabháil, má chreideann sé/sí go bhfuil an duine sin ar tí coinníoll de chuid a mbannaí a bhriseadh. Má dheonaítear an barántas, féadfaidh an Garda an duine a ghabháil agus é/í a thabhairt chun cúirte. Féadfaidh an chúirt an duine a chur sa phríosún.

Féadfaidh Garda duine atá faoi bhannaí a ghabháil gan bharántas freisin más rud é gur sháraigh an duine coinníoll de chuid a b(h)annaí, go bhfuil coinníoll de chuid a b(h)annaí á shárú aige/aici, nó go bhfuil sé/sí ar tí coinníoll de chuid a b(h)annaí a shárú. Ní bhíonn barántas ag teastáil má mheasann an Garda gur gá duine a ghabháil ionas nach ndéanfaí dochar do na daoine seo a leanas, ionas nach gcuirfí isteach ar na daoine seo a leanas agus ionas nach gcuirfí imeagla ar na daoine seo a leanas:

- íospartach an chiona líomhnaithe,
- finné ar an gcion líomhnaithe, nó
- aon duine nach bhfuil cead ag an duine atá faoi bhannaí teagmháil a dhéanamh leis/léi mar choinníoll de chuid na mbannaí.

Mura mbíonn duine os comhair na cúirte ag deireadh na tréimhse bannaí nó má bhriseann sé/sí aon choinníollacha eile de chuid a mbannaí, féadfar é/í a ghabháil agus a thabhairt chun cúirte, má ordaíonn an chúirt é. Féadfaidh an chúirt an duine a chur sa phríosún go dtí go dtosaíonn an triail.

## 3. Éisteacht chúirte

### Fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo

Féadfaidh duine faoi bhun 18 mbliana d'aois fianaise a thabhairt don chúirt trí nasc teilifíse beo i gcásanna lena mbaineann cion foréigneach, cion gnéasach nó gáinneáil ar dhaoine, mura mbíonn cúis mhaith ag an gcúirt gan fianaise trí nasc teilifíse a cheadú. Má cheadaíonn an chúirt é,

féadfaidh aon duine eile fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo i gcásanna lena mbaineann cion foréigneach, cion gnéasach nó gáinneáil ar dhaoine.

Maidir le cionta eile, féadfaidh íospartach fianaise a thabhairt don chúirt trí nasc teilifíse beo má cheadaíonn an chúirt é. I dtús báire, ní mór don chúirt breathnú ar imthosca an cháis agus ar shaintréithe an íospartaigh. Féadfaidh an chúirt fianaise trí nasc teilifíse ó thír eile a cheadú freisin. Ní chaitheann an breitheamh ná na dlíodóirí sa chúirt peiriúic ná róba nuair a bhíonn fianaise trí nasc teilifíse á tabhairt ag duine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

I gcás ina dtugann duine faoi bhun 18 mbliana d'aois fianaise trí nasc teilifíse beo sa Chúirt Dúiche i gcásanna lena mbaineann cion foréigneach, cion gnéasach nó gáinneáil ar dhaoine, féadfaidh an chúirt a cheadú go mbainfí úsáid as fístaifeadadh den fhianaise sin in éisteachtaí cúirte níos faide anonn.

**Cúnamh dlíthiúil i gcásanna éignithe agus ionsaithe ghnéasaigh**
Cuireann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhís comhairle ar fáil d'íospartaigh éignithe agus ionsaithe gnéasacha tromchúiseacha eile **a bhfuil a gcásanna ag dul os comhair na cúirte**.

Rud eile de, má dhéanann an cúisí iarratas chuig an gcúirt — le linn cás éignithe nó ionsaithe ghnéasaigh thromchúisigh eile — chun ceisteanna a ardú faoi do thaithíocht chollaí roimhe seo, féadfaidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil comhairle agus ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar duit chun an t-iarratas sin a chosaint.

Má iarrann an cúisí — le linn cás éignithe nó ionsaithe ghnéasaigh thromchúisigh eile — go nochtfar (go roinnfear) do thaifid chomhairleoireachta, féadfaidh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil ionadaíocht a dhéanamh duit san iarratas sin.

Cuirtear na seirbhísí sin ar fáil duitse saor in aisce. (Tá tuilleadh eolais le fáil i Roinn 11 den Chairt, roinn a bhaineann leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil.)

**4. Ciontú**

**Ráitis agus tuarascáil tionchair íospartaigh**
Má chiontaítear duine as an gcoir i do choinne, is féidir leat Ráiteas Tionchair Íospartaigh a dhéanamh faoin tslí a ndeachaigh an choir i bhfeidhm ort. Féadfar an ráiteas a dhéanamh i bpearsa nó trí ionadaí dlíthiúil.

Más rud é go bhfuair an t-íospartach bás mar thoradh ar an gcoir, féadfaidh an teaghlach iarratas a dhéanamh chun an tionchar a bhí ag an mbás orthu a chur in iúl don chúirt. Mura féidir le híospartach labhairt ar a s(h)on féin, féadfaidh an teaghlach iarratas a dhéanamh chun an tionchar a bhí ag an gcoir ar an íospartach a chur in iúl don chúirt.

Ní mór don chúirt aon tionchar a bhí ag an gcoir ar an íospartach a chur san áireamh tráth cinneadh a dhéanamh faoin bpianbhreith i gcoir ar bith. Féadfaidh an chúirt an fhianaise sin a fháil trí thuarascáil.

Is féidir leis an gcúirt iarraidh ar dhuine gairmiúil, ar nós oifigeach promhaidh nó ball d'ionad éigeandála um éigniú, tuarascáil scríofa a ullmhú ar thionchar na coireachta ar an íospartach. Is féidir leis an tuarascáil tionchair íospartaigh sin déileáil leis an dochar fisiceach, mothúchánach, meabhrach, eacnamaíoch nó gnéasach a d'fhulaing an t-íospartach mar thoradh ar an gcoir. **Tá sé seo difriúil le ráiteas tionchair íospartaigh.**

Tá tuilleadh faisnéise ar Ráitis Tionchair Íospartaigh ar fáil sa leabhrán seo a leanas atá ullmhaithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Féach ar an nasc ag
www.dppireland.ie/app/uploads/2019/03/ENG_Making_a_Victim_Impact_Statement_Sept_2018.pdf

## Dlí agus foréigean gnéasach agus baile

**Foréigean gnéasach**

I gcás éignithe nó ionsaí gnéasaigh, ní dhéantar ainm an íospartaigh a phoibliú. Ní féidir ach le daoine a bhfuil leas díreach acu sa chás, agus na meáin, a bheith i láthair sa chúirt i gcás éignithe nó ionsaí gnéasaigh thromchúisigh. Ní féidir leis na meáin aon sonraí a thuairisciú, is sonraí trína bhféadfaí íospartach a shainaithint. Is féidir le tuismitheoir, gaol nó cara a bheith in éineacht leis an íospartach sa chúirt.

Cuireann an leabhrán seo a leanas, arna chur le chéile ag Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann, treoir mhionsonraithe ar fáil ar an bpróiseas dlíthiúil do mharthanóirí an fhoréigin ghnéasaigh. Féach ar an nasc ag www.rcni.ie/wp-content/uploads/Guide-to-the-Legal-Process-for-Survivors-of-Sexual-Violence-2nd-Edition-3.pdf

**Foréigean baile**

Is éard is foréigean baile ann ná mí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach, ghnéasach nó mheabhrach duine amháin ag duine eile laistigh de gharchaidreamh, dlúthchaidreamh nó caidreamh teaghlaigh. Is féidir le foréigean baile dul i bhfeidhm ar raon éagsúil íospartach agus déantóirí coire, lena n-áirítear céilí, leanaí, tuismitheoirí nó páirtithe.

**Orduithe cúirte**

Is féidir leis na cúirteanna sibhialta raon leathan orduithe a dheonú i gcásanna a bhaineann le foréigean baile. Áirítear orthu seo na cineálacha orduithe seo a leanas:

> **Ordú sábháilteachta**
>
> Ordaíonn sé seo do dhuine ainmnithe gan foréigean a imirt ná a bhagairt, araoid ná eagla a chur ar an duine a rinne iarratas ar an ordú nó ar aon duine cleithiúnach eile, lena n-áirítear leanaí. Féadfaidh sé a ordú freisin don duine ainmnithe, má tá cónaí air/uirthi in áit éigin eile, gan bheith ag faire ar theach an duine a rinne iarratas ar an ordú nó ar theach an duine chleithiúnaigh.

**Ordú urchoisc**

Ordaíonn sé seo do dhuine ainmnithe an áit ina gcónaíonn an duine a rinne iarratas ar an ordú nó ina bhfuil cónaí ar chleithiúnaí a fhágáil, agus gan dul isteach san áit sin mura gceadaíonn an chúirt dóibh é sin a dhéanamh.

Féadfaidh ordú sábháilteachta nó ordú urchoisc a ordú do dhuine gan cumarsáid a dhéanamh leis an duine a rinne iarratas ar an ordú nó le duine cleithiúnach. Áirítear leis seo cumarsáid trí mhodhanna leictreonacha (mar shampla, postálacha ar Facebook, fothaí Twitter, ríomhphost, agus mar sin de).

Féadfaidh sé roinnt seachtainí a thógáil chun ordú sábháilteachta nó ordú urchoisc a phróiseáil. I gcásanna práinneacha, is féidir le duine na horduithe seo a leanas a iarraidh:

**Ordú Urchoisc Eatramhach**

Tá sé seo cosúil le hordú urchoisc, ach amháin go dtiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach agus go maireann sé go dtí gur féidir leis an gcúirt iarratas ar ordú urchoisc iomlán a bhreithniú. Deonaítear é má tá baol láithreach ann go ndéanfaí mórdhíobháil don duine a dhéanann iarratas ar an ordú, nó do dhaoine cleithiúnacha, lena n-áirítear leanaí. Is féidir an t-ordú a dheonú gan an duine atá ainmnithe san ordú a bheith i láthair sa chúirt (dá ngairtear 'ex parte') nó gan fógra a thabhairt don duine sin.

**Ordú cosanta**

Tá sé seo cosúil le hordú sábháilteachta, ach amháin go dtiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach agus go maireann sé go dtí gur féidir leis an gcúirt iarratas ar ordú sábháilteachta iomlán nó ordú urchoisc a bhreithniú.

**Ordú urchoisc éigeandála**

Tá sé seo cosúil le hordú urchoisc eatramhach, ach tá sé ar fáil do dhaoine áirithe nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh ar ordú urchoisc

nó ar ordú urchoisc eatramhach más rud é, mar shampla, nach bhfuil siad pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta leis an duine eile.

I gcásanna áirithe, is féidir le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, orduithe a lorg thar ceann duine.

Tá tuilleadh eolais faoi na horduithe thuasluaite agus cé atá in ann iarratas a dhéanamh orthu ar fáil sa treoir seo a leanas arna ullmhú ag Women's Aid [Cúnamh do Mhná] ag:

[www.womensaid.ie/download/pdf/womens_aid_guide_on_the_domestic_violence_act_2018.pdf](http://www.womensaid.ie/download/pdf/womens_aid_guide_on_the_domestic_violence_act_2018.pdf)

Is cion coiriúil é ordú um fhoréigean baile a shárú. Má thugann cúirt ordú sábháilteachta, ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach, ordú urchoisc éigeandála, nó ordú cosanta i gcoinne duine, agus mura gcloíonn an duine sin leis an ordú, tá cion coiriúil déanta aige/aici.

Má thugann cúirt ordú urchoisc, ordú urchoisc eatramhach, nó ordú urchoisc éigeandála faoi áit ar leith, agus nach ligeann an duine atá ainmnithe san ordú an duine a fuair an t-ordú, nó aon leanbh cleithiúnach, isteach san áit, nó má dhéanann sé/sí iarracht cosc a chur air/uirthi dul isteach, tá cion coiriúil déanta aige/aici.

Is féidir aon duine a dhéanann ceann de na cionta seo a ionchúiseamh sa chúirt. Má fhaightear ciontach é/í, féadfar fíneáil agus/nó téarma príosúnachta a ghearradh air/uirthi. Féadfaidh an chúirt an duine a phionósú freisin as díspeagadh cúirte.

**Rialú comhéigneach**

Leis an Acht um Fhoréigean Baile, 2018 tugadh isteach freisin cion nua um rialú comhéigneach. Is éard is rialú comhéigneach ann ná mí-úsáid shíceolaíoch i ndlúthchaidreamh. Féadfaidh iompar rialaithe a bheith i gceist leis. Ní mór don mhí-úsáid seo a bheith ina cúis le heagla roimh fhoréigean nó

faitíos nó anacair thromchúiseach a mbíonn drochthionchar substaintiúil aici ar ghníomhaíochtaí an duine ó lá go lá.

Is féidir duine a dhéanann an cion seo a ionchúiseamh sa chúirt. Má fhaightear ciontach é/í, féadfar fíneáil agus/nó téarma príosúnachta a ghearradh air/uirthi.

**Cionta coiriúla eile**
Áirítear go leor cionta éagsúla sa dlí coiriúil. Míníonn an t-alt seo go hachomair cuid de na príomhchionta. (Déanaimid liostáil orthu seo in ord aibítre.)

**Ionsaí:** is éard is ionsaí ann ná nuair a úsáideann duine fórsa ar dhuine eile, nó nuair a bhagraíonn sé/sí fórsa a úsáid, gan comhaontú an duine eile. Is cionta níos tromchúisí iad ionsaí a dhéanann díobháil nó díobháil thromchúiseach.

**Buirgléireacht:** is éard is buirgléireacht ann ná nuair a théann duine isteach i bhfoirgneamh gan cead chun goid nó chun damáiste a dhéanamh. Is éard is buirgléireacht thromchúiseach nó 'trombhuirgléireacht' ann ná nuair a bhíonn arm nó pléascán ag an mbuirgléir.

**Tiomáint chontúirteach:** is éard is tiomáint chontúirteach ann ná tiomáint atá contúirteach don phobal. I gcásanna den sórt sin cuirtear san áireamh riocht na feithicle, an áit, an méid tráchta iarbhír agus an leibhéal tráchta a mbeifí ag súil leis.

Is dhá chion tiomána chontúirteacha thromchúiseacha shuntasacha iad tiomáint chontúirteach is cúis le bás nó tiomáint chontúirteach a dhéanann díobháil choirp thromchúiseach.

**Ciapadh:** is éard atá i gceist le coir an chiaptha ná go leantar duine, go bhfuiltear ag faire air/uirthi, á c(h)rá nó á c(h)ur faoi réir cumarsáide gan údarás dleathach nó leithscéal réasúnach de shíor.

**Gáinneáil ar dhaoine:** is éard is gáinneáil ar dhaoine ann ná nuair a dhéanann duine aosach nó leanbh eile a earcú, a bhogadh, cóiríocht a chur ar fáil dó/di, é/í a fhostú nó cúram a ghlacadh air/uirthi chun dúshaothrú a dhéanamh air/uirthi:

- chun críocha oibre;
- go gnéasach; nó
- chun a gcuid orgán a bhaint.

Má dhéanann duine Éireannach ceann de na cionta gáinneála seo i dtír eile, is féidir é/í a thabhairt os comhair cúirte in Éirinn agus féadfar é/í a chiontú. Má dhéanann duine ar bith ceann de na cionta seo in aghaidh saoránach Éireannach i dtír eile, is féidir é/í a thabhairt os comhair na cúirte in Éirinn agus féadfar é/í a chiontú.

**Dúnmharú agus dúnorgain:** tarlaíonn dúnmharú nuair a bheartaíonn duine duine éigin a mharú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh dó/di agus maraíonn sé/sí an duine.

Tarlaíonn dúnorgain nuair a mharaíonn duine duine éigin ach nach raibh sé ar intinn aige/aici é sin a dhéanamh. Is féidir le dúnorgain tarlú freisin má tá sé beartaithe ag an duine marú nó díobháil thromchúiseach a dhéanamh, ach go bhfuil sé/sí imithe ó smacht toisc go ndearnadh é/í a spreagadh nó go gceapann sé/sí trí dhearmad go bhfuil sé riachtanach le haghaidh féinchosanta.

**Cionta gnéasacha lena n-áirítear éigniú:** Is é is ciall le héigniú caidreamh collaí, nó aon treá gnéasach eile, a bheith agat le duine gan a t(h)oiliú. Ciallaíonn toiliú go n-aontaíonn an bheirt le gnéas. Ní mór comhaontú a thabhairt faoi shaoirse – ní féidir le duine toiliú le gnéas, mar shampla:

- má tá sé/sí ró-óg;
- mura dtuigeann sé/sí cad atá ar siúl aige/aici;
- má tá sé/sí ina c(h)odladh nó ró-ólta le cinneadh a dhéanamh; nó
- má chuirtear iallach air/uirthi aontú as eagla.

Is féidir le duine a (h)intinn a athrú ag am ar bith agus a t(h)oiliú a tharraingt siar. Áirítear le héigniú iallach a chur ar dhuine leanúint ar aghaidh le gnéas tar éis dó/di a (h)intinn a athrú.

Ciallaíonn ionsaí gnéasach aon teagmháil ghnéasach nó teagmháil gan toiliú.

Ciallaíonn 'tromionsaí gnéasach' ionsaí gnéasach a rinneadh níos measa mar gheall ar fhoréigean, bagairtí, náiriú an íospartaigh nó díobháil a rinneadh dó/di.

**Goid:** is éard is gadaíocht ann ná nuair a thógann duine maoin gan cead a (h)úinéara agus le hintinn gan í a thabhairt ar ais choíche. (Is éard is robáil ann ná nuair a úsáideann duine fórsa nó nuair a bhagraíonn sé/sí fórsa a úsáid agus é/í i mbun gadaíochta.)

Tá leabhar úsáideach ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh freisin a mhíníonn téarmaí dlíthiúla. A plain English guide to legal terms [Treoir maidir le téarmaí dlíthiúla i mBéarla simplí].

# Roinn 17
# Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh

Mar íospartach na coireachta, tá sé de cheart agat seirbhísí tacaíochta a fháil saor in aisce.

Leanann grúpaí tacaíochta d'íospartaigh neamhrialtasacha in Éirinn de ról ríthábhachtach a bheith acu maidir le cabhrú le híospartaigh na coireachta trí sheirbhísí tacaíochta a chur ar fáil go díreach d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh agus dá gcairde. Cuidíonn na seirbhísí seo freisin le daoine a gcearta mar íospartaigh na coireachta a thuiscint, agus a bheith in ann iad a fhorfheidhmiú.

Seo thíos liosta de raon leathan seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh atá ar fáil d'íospartaigh na coireachta. Tá sé in ord aibítre.

Mura bhfuil tú cinnte cén tseirbhís tacaíochta atá ceart duit, is féidir leat glaoch a chur ar d'Oifig Seirbhíse d'Íospartaigh an Gharda Síochána áitiúil.

Nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Líne Chabhrach Náisiúnta d'Íospartaigh na Coireachta ag Saorghlao 116 006, **Seol téacs chuig: 085-133 7711 nó seol ríomhphost chuig** info@crimevictimshelpline.ie le haghaidh tuilleadh faisnéise.

**Tábla 1- Eagraíochtaí um Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh ***

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Seirbhísí um Dhrochíde sa Teaghlach Adapt (Luimneach)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 200 504 | www.adaptservices.ie |
| **AdVIC (Lucht Tacaíochta** | Tacaíocht do theaghlaigh na | 1800 852 000 | www.advic.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghuthàin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Íospartaigh an Dúnbhásaithe)** | n-íospartach Dúnbhásaithe | | |
| **Aoibhneas** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 01- 867 0701 | www.aoibhneas.ie/ |
| **Ascend** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 0505-23379 | www.ntdc.ie |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú Lár Tíre, Baile Átha Luain** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 306 600 | www.amrcc.ie |
| **Barnardos** | Tacaíocht do leanaí ar íospartaigh na coireachta iad | 01-453 0355 | www.barnardos.ie |
| **Ionad Comhairleoireachta Beacon of Light [Rabhchán Solais]** | Seirbhís comhairleoireachta d'íospartaigh na coireachta | 01-457 8700 | www.beaconoflight.ie |
| **Tearmann do Mhná, Bré** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 01-286 6163 | www.anuwicklow.ie |
| **CARI** | Tacaíocht do **leanaí** ar íospartaigh na coireachta iad | 1890 924 567 | www.cari.ie |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Ceatharlach agus Laighean Theas** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 727 737 | www.carlowrapecrisis.ie |
| **Cúnamh do Mhná, Ceatharlach** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 444 944 | www.carlowwomensaid.ie |
| **Clare Haven Services [Seirbhísí Cuain, Co. an Chláir]** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 065-682 2435 | www.clarehaven.ie |
| **COPE, Gaillimh, Teach Modh Eile** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 091-565985 | www.copegalway.ie/domestic-abuse-service/ |
| **Ionad um Fhoréigean Gnéasach, Corcaigh** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 021 450 5577 | http://www.sexualviolence.ie/ |
| **Tearmann do Mhná Chuan Saor Teo.** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 57 67 57 | www.cuansaor.org |
| **Dignity 4 Patients [Dínit d'Othair]** | Seirbhísí d'othair ar íospartaigh na coireachta iad | 041 – 9843730 | www.dignity4patients.org/ |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Ionad Abhcóideachta um Fhoréigean Baile (Sligeach)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 071-914 1515 | www.domesticviolence.ie |
| **Freagairt um Fhoréigean Baile, Gaillimh** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 091-866740 | www.domesticviolenceresponse.com |
| **Ionad Éigeandála um Mí-Úsáid Gnéis & Éigniú, Dún na nGall** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 44 88 44 | http://www.donegalrapecrisis.ie/ |
| **Ionad na mBan, Dún na nGall** | Seirbhísí comhairleoireachta | 074-912 4985 | www.donegalwomenscentre.ie/ |
| **Seirbhísí um Fhoréigean Baile do Mhná, Dún na nGall** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 262 677 | www.donegaldomesticvoilenceservices.ie |
| **Ionad Tearmainn do Mhná agus Leanaí, Droichead Átha** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 041-984 4550 | www.droghedarefuge.org |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | Líne Chabhrach Náisiúnta 24 Uair<br><br>1800 778 888 | www.drcc.ie |
| **Seirbhís Comhairleoireachta Dhún Dealgan** | Seirbhís comhairleoireachta d'íospartaigh na coireachta | 042-933 8333 | www.dundalkcounsellingcentre.ie |
| **Tearmann do Mhná, Teach Esker** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 090-647 4122 | www.eskerhouse.ie |
| **Cónaidhm do Chúnamh Íospartaigh** | Seirbhís Tacaíochta Náisiúnta d'íospartaigh na coireachta | 1800 277 477 | www.victimassistance.ie |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Gaillimh** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 355 355 | www.galwayrcc.org |
| **Ionad Acmhainní Teaghlaigh na gCloch Liath** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 01-255 7528 | www.greystonesfrc.ie |
| **Iontaobhas Hope** | Seirbhísí comhairleoireachta | 085 114 0983 | www.hopetrust.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Cumann Íospartaigh Timpistí Bóthair na hÉireann** | Tacaíocht dóibh siúd a básaíodh nó a gortaíodh in imbhuailtí bóthair | Líne chabhrach 086- 863 4194 | www.irva.ie |
| **Seirbhís Cúnaimh do Thurasóirí in Éirinn** | Seirbhísí líne thosaigh do thurasóirí ar íospartaigh coireanna iad | 01-666 9354 | www.itas.ie |
| **Ionad um Éigniú agus Dhrochúsáid Ghnéasach Chiarraí** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 633 333 | http://www.krsac.com/ |
| **Adapt, Ciarraí, Tearmann do Mhná agus Seirbhísí Tacaíochta** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 066 712 9100 | www.kerryrefuge.com |
| **Ionad Éigeandála Éignithe agus Comhairleachta um Dhrochúsáid Ghnéasach Chill Chainnigh** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 478478 | www.kilkennyrcc.com |
| **Tearmann do Mhná, Cill Chainnigh Teo. (Amber)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1850 42 42 44 | www.kilkennywomensrefuge.ie |
| **Seirbhís Drochíde sa Teaghlach, Laois** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 057 867 1100 | www.laoisdomesticabuseservice.ie |
| **Le Chéile** | Seirbhís um Cheartas Aisiríoch | 01-214 4350 | www.lecheile.ie |
| **Living Life, Ionad Comhairleoireachta Deonaí** | Seirbhísí comhairleoireachta | 01-286 6729 | www.livinglifecounselling.com |
| **Nasc na mBan, an Longfort** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 043-334 1511 | http://www.lwl.ie/ |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Maigh Eo** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 234 900 | https://www.mrcc.ie/ |
| **Seirbhísí Tacaíochta do Mhná, Maigh Eo** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 094-902 5409 | www.mwss.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Tearmann do Mhná, an Mhí** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 046-902 2393 | https://www.facebook.com/meathwomensrefugeandsupportservices/ |
| **Cúnamh d'Fhir** | Foréigean baile (tacaíocht d'íospartaigh fhireanna) | 01-554 3811 | www.mendsaid.ie |
| **Líonra Forbartha na bhFear (MEND - Fir a Chuireann Deireadh le Drochíde sa Teaghlach)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile Phort Láirge, Loch Garman, Thiobraid Árann Theas agus Cheatharlach/Chill Chainnigh, Laois/Uíbh Fhailí agus Chill Dara. | 051 844260 | www.mensnetwork.ie/mend |
| **Líonra Forbartha na bhFear Líne Chomhairle na bhFear (MAL)** | Seirbhís Saorghlao Náisiúnta d'íospartaigh fir an Fhoréigin Baile agus d'fhir a tháinig slán as Foréigean Baile | 1800 816588 | www.mensnetwork.ie |
| **Seirbhísí Tacaíochta um Dhaoine ar Iarraidh in Éirinn** | Seirbhísí tacaíochta do ghaolta agus cairde le daoine atá ar iarraidh | 1890 442 552 | www.missingpersons.ie |
| **Tionscadal Foréigean Baile Mhná Feasa** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 021-421 1757 | www.mnafeasa.com |
| **MOVE na hÉireann**<br><br>**(Fir a sháraíonn foréigean)** | Cláir Tacaíochta um Fhoréigean Baile ar bun faoi láthair in mBaile Átha Luain, Corcaigh, Baile Átha Cliath, (Sord, Tamhlacht agus Lár na Cathrach), Gaillimh, Ciarraí, Luimneach/Clár, sa Mhí, Tiobraid Árann Thuaidh agus Sligeach | 065-6848689 | www.moveireland.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Líne Chabhrach d'Íospartaigh Coireanna** | Seirbhís um Líne Chabhrach Náisiúnta d'íospartaigh coireanna | **Saorghlao:** 116 006 nó **seol téacs** chuig: 085 133 7711 | www.crimevictimshelpline.ie<br>info@crimevictimshelpline.ie |
| **Clár Idirghabhála um Fhoréigean Baile an Oirthuaiscirt (NEDVIP)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile (cláir ar bun faoi láthair i réigiún an Oirthuaiscirt | 042-9359755 | N/A |
| **Tearmann do Mhná Theach Oasis, Port Láirge** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1890 264 364 | www.waterforddirectoryofservices.ie/directory/oasis-house-womens-refuge-2/<br>oasishouse2@eircom.net |
| **Seirbhís Tacaíochta um Fhoréigean Baile Uíbh Fhailí** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 057-935 1886 | www.odvss.ie |
| **Ceann amháin as Ceathair** | Seirbhísí comhairleoireachta agus abhcóideachta d'fhir agus mná ar marthanóirí iad de dhrochúsáid ghnéasach le linn óige. | 01-662 4070 | www.oneinfour.ie |
| **Grúpa Sábháilteachta Bóthair PARC** | Tacaíocht phraiticiúil agus faisnéis do theaghlaigh íospartaigh a fuair bás de dheasca timpistí ar bhóithre. | 086 3773784 | http://www.parcroadsafety.ie/ |
| **Ionad Éigeandála Éignithe, an tIarthar Láir** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 311 511 | www.rapecrisis.ie |
| **Ionad Éigeandála Éignithe, an tOirthuaisceart** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 212122 | http://www.rcne.ie |
| **Líonra Éigeandála Éignithe na hÉireann** | Eagraíocht ionadaíochta agus Seirbhís Tacaíochta | 01-865 6954 | www.rcni.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| | d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | | |
| **Ionad Éigeandála Éignithe agus Comhairleachta um Dhrochúsáid Ghnéasach Shligigh, Liatroma agus Iarthar an Chabháin** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 750 780 | http://www.srcc.ie |
| **Líonra Éigeandála Éignithe Thuaisceart Éireann** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 0808 802 1414 | https://www.womensaidni.org |
| **Ionad Réigiúnach Éigeandála um Dhrochúsáid Ghnéasach Thulach Mhór** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 32 32 32 | tullamorercc@eircom.net |
| **Ceartas Aisiríoch sa Phobal (Ionnaithe san Aonach)** | Seirbhísí um Cheartas Aisiríoch (a thugann an deis d'íospartaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas ceartais aisiríoch) | 067-41565 | http://rjc.ie/<br><br>info@rjc.ie |
| **Seirbhísí um Cheartas Aisiríoch** | Seirbhísí um Cheartas Aisiríoch (a thugann an deis d'íospartaigh páirt a ghlacadh i bpróiseas ceartais aisiríoch) | 01-672 4446 | www.rjs.ie<br><br>offices@rjs.ie |
| **Nasc Slán Ros Comáin** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 071-966 4200 | www.roscommonsafelink.ie |
| **SAFE na hÉireann** | An Ghníomhaireacht um Athrú Sóisialta - Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 090-647 9078 | www.safeireland.ie |
| **Cumann Tithíochta Shaoirse** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 01-463 0000 | www.saoirsewomensrefuge.ie |
| **Ionad um Fhoréigean Gnéasach, Corcaigh** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 496 496 | www.sexualviolence.ie |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Sonas Bhaile Átha Cliath** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 087-952 5217 | www.domesticabuse.ie |
| **Tacaíocht i ndiaidh Dúnbhásaithe** | Tacaíocht do theaghlaigh na n-íospartach Dúnbhásaithe | 087-983 7322 | www.supportafterhomicide.ie |
| **Teach Tearmainn Chill Dara** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 045-535178 | www.teachtearmainn.ie |
| **Seirbhísí um Dhrochíde sa Teaghlach Thearmann don Chabhán agus do Mhuineachán** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 047-72311. | www.tearmann.net |
| **Ionad Éigeandála Éignithe agus Comhairleoireachta Thiobraid Árann** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 340 340 | https://trcc.ie |
| **Tacaíocht d'Íospartaigh sa Chúirt** | Seirbhís tacaíochta cúirte speisialaithe d'íospartaigh na coireachta | 01 -872 6785 | www.vsac.ie |
| **Ionad um Éigniú agus Dhrochúsáid Ghnéasach Phort Láirge (WRSAC)** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 296 296 | www.waterfordrsac.ie |
| **Tionscadal na mBan Iarthar Chorcaí** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 203 136 | www.westcorkwomensproject.ie |
| **Seirbhís Tacaíochta na hIarmhí i gcoinne na Drochíde sa Teaghlach** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 044 -933 3868 | www.wssada.ie |
| **Seirbhís Tacaíochta um Éigniú agus Dhrochúsáid Ghnéasach Loch Garman** | Seirbhís Tacaíochta d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh | 1800 33 00 33 | www.wexfordrapecrisis.com |
| **Tearmann do Mhná, Loch Garman** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 1800 220 444 | https://www.facebook.com/wexfordwomensrefuge/<br><br>wexrefuge@eircom.net |

| Seirbhísí Tacaíochta d'Íospartaigh | Cineál eagraíochta | Uimhir ghutháin | Seoladh gréasáin |
|---|---|---|---|
| **Cúnamh do Mhná** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | Líne chabhrach 24 uair an chloig 1800 341 900 | [www.womensaid.ie](http://www.womensaid.ie) |
| **Cúnamh do Mhná, Dún Dealgan** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 042 -933 3244 | [www.womensaiddundalk.net](http://www.womensaiddundalk.net) |
| **Níl Tú i d'Aonar (YANA)** | Tacaíocht um Fhoréigean Baile | 022- 53915 | [www.yana.ie](http://www.yana.ie) |

*Tabhair faoi deara gurb é Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, príomhghníomhaireacht maoinithe an Stáit maidir le seirbhísí tacaíochta a bhaineann le foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe. Féach ar shuíomh gréasáin TUSLA ag [www.tusla.ie](http://www.tusla.ie) le haghaidh tuilleadh eolais.

**Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéasacha**

Is áiteanna sábháilte iad na hAonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéasacha (SATU), atá faoi stiúir FSS, gur féidir leat dul chucu más rud é go ndearnadh nó go gceapann tú go ndearnadh éigniú nó ionsaí gnéasach ort. Tugann na haonaid cúnamh do gach inscne agus gach féiniúlacht inscne, de 14 bliana d'aois agus os a chionn.

Tá sé aonad in Éirinn. Tá siad lonnaithe sna háiteanna a leanas:

1. Corcaigh,
2. Dún na nGall,
3. Baile Átha Cliath,
4. Gaillimh,
5. An Muileann gCearr,
6. Port Láirge

(Tá nóta freisin ar Sheirbhís Fhóiréinseach an Iarthair Láir ar leathanach 106.)

Tugtar sonraí teagmhála do gach aon cheann de na sé aonad thíos agus liostaítear in ord aibítre iad. Socróidh an Garda Síochána coinne duit le gur féidir leat freastal ar d'aonad áitiúil agus tabharfaidh siad chuig an gcoinne thú más mian leat.

Tá oibrithe tacaíochta speisialaithe lena n-áirítear oibrithe tacaíochta síceolaíochta ar fáil do gach othar ag freastal ar na hAonaid. Tá gach ball foirne tar éis sainoiliúint a fháil maidir le cúram agus cóir leighis a sholáthar d'íospartaigh de choireanna amhlaidh ar bhealach measúil, dírithe ar an duine aonair, agus gan bhreithiúnas.

**1. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha Chorcaí**

Tá seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Tá sé lonnaithe san Otharlann Theas/Ospidéal Ollscoile Victoria, Corcaigh. T12 X23H

Uaireanta oscailte: 8 a.m. go 4.30 p.m. ó Luan go hAoine

Guthán: 021 492 6297, 8 a.m. go 4.30 p.m. ó Luan go hAoine.

Guthán: 021 492 6100, ag an deireadh seachtaine agus tar éis 4.30 p.m.; abair gur mhaith leat dul i dteagmháil le SATU.

**2. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha Dhún na nGall**

Tá seirbhísí agus cúram ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Chun labhairt le Scrúdaitheoir Cliniciúil Fóiréinseach le haghaidh coinne phríobháideach a shocrú, déan teagmháil leis an uimhir 24 uair an chloig ar ghlao-dhualgas de chuid SATU: 087-0681964

**3. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis Bhaile Átha Cliath**

Tá seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Lonnaithe in Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 817 1736, 8 a.m. go 5 p.m. ó Luan go hAoine.

Guthán: 01 817 1700, ag an deireadh seachtaine agus tar éis 5 p.m.; abair gur mhaith leat dul i dteagmháil le SATU.

**4. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha na Gaillimhe**

Tá seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Lonnaithe in Ionad Willow, Teach Faustina, Ionad na nGnóthas Beag ÚFT, Bóthar Thuama, Gaillimh.

Guthán: 091 76 57 51 nó 087 63 38 118, 8 a.m. go 4 p.m. ó Luan go hAoine.

Guthán: 091 75 76 31 nó 091 524222, ag an deireadh seachtaine agus tar éis 4 p.m.; abair gur mhaith leat dul i dteagmháil le SATU.

Chun teacht ar chúnamh lasmuigh d'uaireanta oibre an aonaid, déan teagmháil le do stáisiún Garda áitiúil.

**5. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha an Mhuilinn Chearr**

Tá seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Lonnaithe in Ospidéal Réigiúnach Lár Tíre, an Muileann gCearr N91 NA43.

Guthán: 044 939 4239 nó 086 04 09 952, 8 a.m. go 5 p.m. ó Luan go hAoine.

Guthán: 044 934 0221, ag an deireadh seachtaine agus tar éis 5 p.m.; abair gur mhaith leat dul i dteagmháil le SATU.

Má bhíonn cúnamh uait lasmuigh de na huaireanta oibre nó ag an deireadh seachtaine, déan teagmháil le stáisiún áitiúil an Gharda Síochána.

**6. Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéasacha Phort Láirge**

Tá seirbhísí ar fáil 24 uair an chloig sa lá, 365 lá sa bhliain.

Lonnaithe in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge.

Guthán: 051 842 157, 8 a.m. go 5 p.m. ó Luan go hAoine.

Guthán: 051 848 000, ag an deireadh seachtaine agus tar éis 5 p.m.; abair gur mhaith leat dul i dteagmháil le SATU.

**Seirbhísí ar fáil d'Ionsaithe Gnéis i réigiún an Mheán-Iarthair**

Bunaíodh Seirbhís Scrúdaithe Leighis Fhóiréinseach an Mheán-Iarthair (FME) in 2006 agus soláthraíonn an tseirbhís Seirbhís Scrúdaithe Leighis Fhóiréinseach atá cuimsitheach lasmuigh d'uaireanta oibre an aonaid.

Tá an tseirbhís ar oscailt d'fhir agus do mhná de 14 d'aois agus os a chionn a d'fhulaing éigniú nó ionsaí gnéasach agus a atreoraíonn na Gardaí Síochána chuig ár gcuid seirbhísí iad.

Tá an tseirbhís lonnaithe i Rannóg na nOthar Seachtrach de chuid Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Luimneach.

Feidhmíonn an tseirbhís ó Luan go hAoine 6pm to 8am, agus 24 uair an chloig ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta Saoire Poiblí, le seirbhís ar ghlao-dhualgas soláthartha ag seisear Scrúdaitheoirí Cliniciúla Fóiréinseacha (Dochtúirí Ginearálta) trí Shannondoc.

**Déan teagmháil le SHANNONDOC ag an uimhir:** 1850 212 999

Le linn uaireanta oifige, déan teagmháil le SATU na Gaillimhe nó SATU Chorcaí. Sonraí teagmhála thuas.